

AN ROINN OIDEACHAIS

AN TEASTAS SÓISEARACH

CÚRSA NA CHÉAD BHLIANA I LÉANN CLASAICEACH

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

AN TEASTAS SÓISEARACH

AIDHMEANNA AGUS PRIONSABAIL

1. Is í aidhm ghinearálta an oideachais oibriú ar mhaithe le forbairt a dhéanamh ar gach gné den duine aonair, ag cur san áireamh forás aeistéitiúil, cruthaitheach, léirmheastach, cultúrtha, mothúchánach, tromchiallach, intleachtach, morálta, fisiceach, polaitiúil, spioradálta agus sóisialta, le haghaidh a shaoil phearsanta agus baile, le haghaidh an tsaoil oibre agus le haghaidh maireachtála i measc an phobail agus le haghaidh caitheamh aimsire.

2. Is í aidhm chlár an Teastais Shóisearaigh
 - an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a thugann an dalta leis ón mbunscoil a dhaingniú agus a shaothrú a thuilleadh;
 - raon agus cineál eispéireas oideachais na ndaltaí, ó thaobh eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí a leathnú agus a dhoimhniú;
 - iontaoibh an dalta as féin, mar aon le hiontaoibh sóisialta, cumas tionscnaimh agus inniúlachta, a chothú le cabhair oideachais ghinearálta atá leathan agus meáite;
 - an dalta a ullmhú le haghaidh riachtanas cláir bhreise staidéir, fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh d'oideachas lánaimseartha;
 - forás morálta agus spioradálta an dalta a chothú agus cabhrú leis teacht ar thuiscint ar luach agus ar chreideamh daoine eile mar aon le meas a bheith aige orthu;
 - na daltaí a ullmhú le haghaidh cúraimí an tsaoránaigh ina dtír féin agus i gComhphobal le hEorpa.

3. Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn le clár an Teastais Shóisearaigh:

- é a bheith leathan agus meáite: ba cheart go dteagmhódh na daltaí le réimse leathan eispéireas oideachais le linn na tréimhse deireanaí dá gcuid scolaíochta éaganta. Ba cheart cúram faoi leith a dhéanamh de dhaingniú agus de shaothrú scileanna uimhríochta, litearthachta agus labhartha. Ba cheart treise faoi leith a chur le hoideachas sóisialta agus timpeallachta, le heolaíocht agus le teicneolaíocht agus le nuatheangacha.
- ábharthacht: ba cheart go ndíreodh an curaclam ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an dalta ó thaobh na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
- fiúntas: ba cheart go n-éileofaí ar gach dalta na céimeanna feabhais is airde is féidir leis a bhaint amach, ag cur infheidhmeacht agus cumas san áireamh, mar aon le caighdeáin idirnáisiúnta inchomórtais.

Ba cheart go soláthródh an curaclam réimse leathan eispéireas oideachais i dtimpeallacht a chruthaíonn cothú agus múnú. Ba cheart go mbainfeadh sé brí astu seo a leanas: an aeistéitic, an chruthaíocht, an eitic, teangeolaíocht, matamaitic, an saol fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an saol sóisialta agus polaitiúil, an t-imshaol agus an saol spioradálta.

4. Cuirtear gach siollabas le haghaidh an Teastais Shóisearaigh i láthair chun go ndéanfaí é a theagasc sa chomhthéacs curaclaim atá leagtha amach thuas.

BROLLACH

Tháinig clár an Teastais Shóisearaigh i bhfeidhm den chéad uair i mí Mheán Fómhair sa bhliain 1989, agus cuireadh na chéad scrúduithe ar siúl sa bhliain 1992. Sonraíodh an próiseas leasaithe siollabais le clár céimnithe leasaithe siollabais agus le tacaíocht tionlacain do mhúinteoirí trí chúrsaí inseirbhíse agus trí threoirlínte teagaisc.

Bhí deich n-ábhar sa chéad chéim den leasú siollabais. Is é atá sa dara céim ná sé ábhar. Folaíonn an tríú céim, an chéim dheiridh, na hábhair chlasaiceacha.

Tá siollabais ceaptha ag coistí cúrsa a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Bhí na coistí cúrsa seo freagrach as Treoirlínte a cheapadh mar áiseanna do mhúinteoirí i leith mhíniú agus chur i bhfeidhm na siollabas.

Ní Treoirlínte saintreoracha iad seo. Tá saoirse ag gach múinteoir an mhodheolaíocht teagaisc is fearr leis a roghnú le haghaidh bhaint amach na gcuspóirí sonraithe agus le haghaidh na dtorthaí inmhianaithe de na siollabais go léir. Soláthraíonn na Treoirlínte seo roinnt moltaí a fhéadfaidh a bheith ina gcuidiú breise do mhúinteoirí. Tugtar aird ar leith ar ghnéithe den siollabas nua nach bhféadfaidh múinteoirí bheith an-eolach orthu.

Níl sna Treoirlínte ach cuid amháin de chláir foriomlán tacaíochta do mhúinteoirí.

Beartaítear, mar shampla, go ndíreoidh cúrsaí inseirbhíse ar a lán cúrsaí a thagann chun cinn sna Treoirlínte.

Tabharfaidh roinnt prionsabal ginearálta eolas ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim atá bainteach leis na siollabais nua -

- Ba cheart go dteagascfaí gach siollabas le tagairt chomhfhiosach d'aidhmeanna foriomlána de chláir an Teastais Shóisearaigh (féach an taobh istigh den chlúdach tosaigh). Is iomaí deis atá ann le haghaidh nasc traschuraclaim agus ba cheart go dtapófaí iad.
- Ba cheart go leagfadh cleachtadh teagaisc béim ar impleachtaí cultúrtha, geilleagracha agus sóisialta bhallaíocht na hÉireann den chomhphobal Eorpach agus de na dúshláin agus de na deiseanna a sholáthraíonn sí laistigh de chomhthéacs níos forleithne saoránachta.

- Nuair a thagann siad chun cinn, ba cheart go bpléifí cúrsaí a bhaineann leis an timpeallacht ar bhealach meáite idir an gá leis an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint agus na riachtanais dhlísteanacha d'fhorbairt gheilleagrach agus de ghníomhaíocht thionsclaíoch.

CLÁR ÁBHAIR

I.	RÉAMHRÁ	leathanach
(1)	Siollabas an Teastais Shóisearaigh i Léann Clasaiceach	7
(2)	Tábhacht an Léinn Chlasaicigh sa phróiseas oideachais	8
(3)	Roinnt chur chuige le haghaidh theagasc an Léinn Chlasaicigh	9
(4)	Luach traschuraclaim an Léinn Chlasaicigh	16
II	CÚRSA NA CHÉAD BHLIANA I LÉANN CLASAICEACH	20
(1)	Ceacht tosaigh ar Shibhialtachtaí Gréagacha agus Rómhánacha	21
(2)	Míotais agus Finscéalta na Sean-Ghréige	25
(i)	Déithe Shliabh Oilimpeas	26
(ii)	Laochra na Sean-Ghréige	30
(iii)	Scéal Théiséis	38
(iv)	Sraith Theban	43
(v)	Scéal Chlann Aitréis agus Chogadh na Traí	46
(vi)	Filleadh Laochra na Gréige ón Traí	57
(vii)	Tús Eolais ar an Aithin	63
(viii)	Aistear Aeinéis	100
(III)	Tús eolais ar an Domhan Rómhánach	116
(a)	Bunú na Róimhe	117
(b)	Tréith Rómhánach	124
(c)	an Róimh mar Phríomhchathair na hImpireachta	125
(d)	Reiligiún Rómhánach	126
(e)	Gnáthshaol Laethúil sa Róimh	141
(f)	Oideachas Rómhánach	142
(g)	Rialtas agus Riarachán Rómhánach	151
(h)	Siamsaíocht agus Conláistí	152

RÉAMHRÁ

[1] SIOLLABAS AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH I LÉANN CLASAICEACH

Is é atá sa Siollabas ná dhá chéim:

Céim I: cúrsa le haghaidh staidéir don chéad bhliain a fhóannann mar thús eolais ghinearálta ar an Saol Clasaiceach.

Céim II: clár dhá bhliain ina bhfuil grinnstaidéar ar líon roghnaithe ábhar atá leagtha síos, ar a mbunófar measúnacht i Scrúdú an Teastais Shóisearaigh.

Sula dtabharfadh múinteoirí faoi Chúrsa na Chéad Bhliana i Léann Clasaiceach, ba cheart go rachaidís i gcomhairle le siollabas Teastais Shóisearaigh na Roinne Oideachais i Léann Clasaiceach.

Tá an siollabas ar fáil ar dhá leibhéal, Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Tá creatlach an tsiollabais comhchoiteann sa dá leibhéal. Cuirtear ar chumas daltaí an dá leibhéal, mar sin de, obair le chéile go dtí deireadh an timthrialla trí bliana. Déanfar difreáil idir an dá leibhéal sa mheasúnú ceann cúrsa trí scrúdú a dhéanamh ar chuid amháin i ngach topaic – cuid (b) – ar bhealach níos doimhne ar an bpáipéar Ardleibhéal.

Ullmhaíodh na Treoirlínte seo ar Chúrsa na Chéad Bhliana i Léann Clasaiceach le haghaidh cuidiú a thabhairt do mhúinteoirí ó tharla nach gclúdaíonn aon téacsleabhar an t-ábhar ar fad den siollabas. Táthar dóchasach go gcuirfidh na Treoirlínte seo ar chumas na múinteoirí (i) cineál an tsiollabais a thuiscint agus (ii) tabhairt faoi theagasc an Léinn Chlasaiceach le hiontaoibh. Ní bheartaítear sna Treoirlínte seo, áfach, gach gné den Seansaol a chlúdach agus tá saoirse ag múinteoirí gnéithe breise a bhfuil sainspéis acu iontu a phlé. Is tábhachtach a thuiscint freisin go dtéann roinnt mhaith de na topaicí thar a chéile agus go bhfuil mórán leaganacha de roinnt de na finscéalta ann.

Le linn theagasc chúrsa na chéad bhliana, ba cheart go gcuimhneofaí nach amháin gur bonn le haghaidh staidéir bhreise é, ach gur aonad comhleanúnach iomlán staidéir ann féin é freisin do na daltaí nach leanfaidh den staidéar ar Léann Clasaiceach tar éis na chéad bhliana. Ní Treoirlínte saintreoracha iad seo ach soláthraíonn siad sraith amháin moltaí ar mhaithe le teagasc an ábhair a fhéadfar teagasc ar bhealaí eile. Féadfaidh múinteoirí sa seomra ranga glacadh le cibé cur chuige nó teaghlaim cuir chuige ar an

siollabas ba mhian leo. Cibé cur chuige a ghlacfar leis, áfach, is gá go dtabharfaidh an modh teagaisc an deis don dalta foghlaim trí rannpháirtíocht ghníomhach. Leagtar amach samplaí de ghníomhaíochtaí molta thíos. Ba cheart go spreagfadh an cur chuige agus na modhanna a ghlacfaí leo i dteagasc an tsiollabais agus go gcuirfeadh siad ar chumas na múinteoirí agus na ndaltaí aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais a bhaint amach.

[2] TÁBHACHT AN LÉINN CHLASAICIGH SA PHRÓISEAS OIDEACHAIS

Ina shíceolaíocht ar oideachas, cuireann Herbart béim ar an tionchar a imríonn an t-eolas atá ann cheana, rud a dtugann sé “meall comhaireachtála” air i sealbhú an eolais úir. Ba cheart gur forbairt d’eolas atá ann cheana é an t-eolas úir. Is mó an aird a thugann muid ar ábhar más mó an tsuim san ábhar ach braitheann an tsuim ar na “meallta comhaireachtála” a fhéadfar tabhairt i ndáil leis an ábhar tugtha.

Is cosúil, mar gheall ar a thionchar ar an oiread sin réimse, gur ábhar tábhachtach é an Léann Clasaiceach i leith bonn nó “meall comhaireachtála” a chruthú. Tuigfidh an dalta atá eolach ar scéal na Traí an leibhéal ar a bhfuil Yeats ag ardú Maud Gonne nuair a luann sé í in “No Second Troy”; beidh tuiscint níos fearr ag an dalta atá eolach ar Virgil an phian a chuirtear in iúl in amhrán Purcell “Dido and Aeneas”; tuigfidh an dalta a léigh faoi Io i scéal Phroiméitéis pictiúr Claude Lorraine ‘Juno confiding Io to Argus’ sa Dánlann Náisiúnta níos fearr.

Is minic a deirtear go bhfuil na clasaicí “ró-acadúil”. Ní fíor é seo. Baineann an-chuid páistí taitneamh as finscéalta agus is féidir le páistí a dtaitníonn ET agus fir ón spás amuigh leo taitneamh a bhaint as Heracles, Odaiséas agus Téiséas ón Seansaol. Is minic a chónaíonn páistí ó lár na cathrach níos cóngaraí do na foirgnimh Chlasaiceacha agus b’fhurasta iad a oiliúint chun na hoird ailtireachta Dhoracha, Iónacha agus Chorantacha a shainaithint agus a shonrú. Níl le déanamh ach féachaint ar bharr an cholúin!

Mar an gcéanna, tá suim mhór ag cuid mhór páistí sa trasnáil dhealraitheach de na ráillí traenach. Is eol dóibh go bhfuil siad comhthreomhar ach tá an chuma orthu go gcoinbhéirsíonn siad i gcéin. Níl ann ach céim ghairid ón bpointe sin go míniú go bhfuil na línte ar an bPartanón cuartha agus go bhfuil bealaí difriúla ann le féachaint ar

réaltacht. Maíonn Bruner, an t-oideachasóir iontach, ina leabhar “On Knowing” go “bhféadfar na boinn d’aon ábhar a theagasc d’aon duine, ag aois ar bith agus i bhfoirm éigin. Tá na smaointe bunúsacha atá ar lár na heolaíochta agus na matamaitice agus na téamaí bunúsacha a thugann foirm do shaol agus do litríocht chomh héasca agus atá siad cumhachtach”. Is é seo an cás go deimhin le Léann Clasaiceach.

[3] CUR CHUIGE LE hAGHAIDH THEAGASC AN LÉINN CHLASAICIGH

Féadfar raon leathan cuir chuige seomra ranga a úsáid i dteagasc an Léinn Chlasaicigh. Ba cheart go roghnódh an múinteoir a chur chuige chun plé cuí chuspóirí an chúrsa atá leagtha amach sa siollabas a chinntiú. Ba cheart go mbeidís pleanáilte agus curtha i bhfeidhm go cúramach, agus go mbeidís á riochtú ag na cúrsaí speisialta seo a leanas: -

(i) **Ba cheart go spreagfaí daltaí agus go gcuirfí ar a gcumas taitneamh a bhaint as Léann Clasaiceach**

Má bhaintear úsáid as cur chuige atá scéal-lárnach, mar a mholtar sa siollabas, bainfidh daltaí taitneamh as an ábhar. Féadfar an Mhuir Aeigéach a thabhairt isteach, mar shampla, le scéal Rí Aegeus, nó, féadfar an Aithin a thabhairt isteach leis an scéal ar an gcoimhlint idir Aitéiné agus Poisíodón agus bainfidh formhór na ndaltaí taitneamh as tabhairt faoi Thomhas an Sphinx.

Is breá le daltaí óga rianú agus dathú. Le linn dóibh bheith ag foghlaim faoi na Déithe, féadfar iad a spreagadh chun na Déithe go léir agus a gcuid siombailí cuí a rianú agus a dhathú. Méadóidh sé seo taitneamh na ndaltaí den topaic ar leith seo.

Tá mímeáil ar cheann de na modhanna cumarsáide is fearr le lucht na chéad bhliana. Féadfaidh dalta, mar shampla, roinnt de shaothair oibre Heracles a mhímeáil, agus féadfaidh na daltaí eile buillí faoi thuairim a thabhairt faoin rud atá á mhímeáil. Mar mhalairt, féadfaidh na daltaí dráma furasta, bunaithe ar cheann amháin de na scéalta, a scríobh agus a ghníomhú amach.

Taitníonn cluichí quiz leis na daltaí i gcónaí. Is foirmeacha iontacha athchuidimh iad na cluichí seo, agus díreoidh obair baile, mar ullmhúchán don quiz, aire na ndaltaí ar ainmneacha na n-áiteanna is na ndaoine tábhachtacha.

Féadfar an raon de stór focal a mhéadú ar bhealach taitneamhach má dhéantar staidéar ar an bhfoclóir i ndáil leis an scéal. Le linn staidéar a dhéanamh ar Shliabh Oilimpeas mar bhaile na nDéithe, mar shampla, féadfar focail mar aon le “inhabit”, “habitation” agus an briathar Fraincise “habiter” a thabhairt isteach. Mar an gcéanna, féadfar an focal “deity” a thabhairt isteach, b’fhéidir i quiz dar teideal “Cé hé an Dia ar...?”

Féadfar píosa beag ceoil bunaithe ar théama ón Seansaol a thabhairt isteach i dtús nó i ndeireadh an ranga, agus is cinnte go mbainfeadh na daltaí taitneamh as seo.

Ba cheart go ndéanfadh an múinteoir iarracht eolas a thabhairt don dalta ar theangacha an tSeansaoil. Má thugtar cóip d’aibítir na Gréigise dóibh, bainfidh daltaí taitneamh as scríobh a n-ainmneacha nó ainmneacha na nDéithe i litreacha na Gréigise. I gcás ina bhfuil sé ceadaithe in éiteas na scoile, féadfar leagan na Laidine den phaidir “Ár nAthair” a úsáid mar phaidir ranga.

Buntáiste mór a bhaineann leis an Léann Clasaiceach ná gur féidir é a cheangal, ar dhóigh shultmhar, le beagnach gach ábhar eile.

ii) Ba cheart go rachadh an múinteoir i muinín fianaise phríomha nuair is féidir tugtar na bunfhoinní faoi gach topaic sna Treoirínite. Ba cheart go míneofaí coincheap na fianaise príomha do na daltaí. Má chuirtear tús leis an gcúrsa inár dtír féin, féadfar a lua gur eiseamláirí d’fhianaise phríomha ón gClochaois in Éirinn iad Sí an Bhrú i gCo. na Mí agus ghoirt an Chéide i gCo. Mhaigh Eo; is fianaise ón gCré-Umhaois iad na luanlaí óir san Ard-Mhúsaem; is fianaise ón Iarannaois é Gallán an Tuair Rua i nGaillimh; agus is eiseamláirí d’fhianaise Chríostaíochta iad na hArdchrosa, na Cloigthithe, na Cailísí agus na Lámhscríbhinní. Má tá saintréithe tábhachtacha le feiceáil i ndúiche na ndaltaí féin, féadfar iad a lua.

Féadfaidh an múinteoir míniú ansin go soláthraíonn litríocht, leachtanna allamuigh agus déantáin na Sean-Ghréige agus na Sean-Róimhe fianaise phríomha dúinn a chuireann lenár n-eolas ar an seansaol clasaiceach. Tugann scéalta Hóiméir “Iliad” agus “Odyssey” eolas dúinn faoin gCré-Umhaois agus faoi Scéal na Traí. Is samplaí iad seo de litríocht “bhéil”, rud a phléitear le tuilleadh mionsonraí ar leathanach 13. Is féidir linn nithe a

fhoghlaim faoi éachtaí móra na hAithne sa 5ú hAois ó dhrámaí Aescaileas, Sofaicléas, Eoiripidéas agus Arastafainéas, ó fhealsúnacht Sócratéas agus Platón, ó eitic mhíochaine Hipeacraitéis, ó ailtireacht Callicrates agus Ictinus, ó dhealbhóireacht Féidias agus ó áilleacht na vásaí Aithneacha. Is meabhrúchán ar na daoine a fuair bás i gCogadh na Peirse é an dumha i Maratón agus féadfaidh muid cuntas ar an láthair a fháil ar an bplá ar an Aithin nó éisteacht le hóráidí an státaire Aithnigh iontaigh Peiricléas trí scríbhinní an staraí Túicídídéas.

Ó thaobh na Rómhánach de, féadfaidh muid saintréithe iontacha ailtireachta na Róimhe í féin a úsáid mar shamplaí d'ábhair foinsí príomha, lena n-áirítear an Colasaem nó Amfaitéatar, Paintéon Haidrian, Ara Pacis (altóir shíochána Ágastas), colún Tráian, an séadchomhartha eachrach do Marcus Aurelius agus áirsí bua Thíteas agus Chonstaintín. Is iomaí sliocht in Virgil atá oiriúnach don chéad bhliain, mar shampla, cur síos Charóin ar an Stiocs, an banphrionsa laoi Camilla, agus déanamh Cyclopes na scéithe mhóire d'Aeinéas faoi Shliabh Etna sa tSicil.

Is de bharr nádúir, áfach, a fheiceann muid Pompeii, atá ar cheann de na cuntais is fearr de shibhialtacht Rómhánach. Clúdaíodh cathair Pompeii le dríodair bholcánacha ar an 24ú Lúnasa, 79 AD, mar gheall ar bhrúchtadh Shliabh Versuvius, agus níor aimsíodh í arís go dtí an naoú hAois déag. Coinnítear na tochailtí seo in Pompeii sa lá atá inniu ann. Is cinnte gur anseo atá taifeadadh ar ghnáthlá cathrach Rómhánaí.

- na cónaitheoirí ina soicindí deireanacha ar an saol, na hainmhithe, óstaí, folcadáin, amharclanna, amfaitéatar, péintéireachtaí, mósáicí, seodra, agus an t-ionad mór ina saol - an Fóram. Cuireann Plinias Óg síos ar imeachtaí na maidine sin ina litreacha chuig Tacatas. Níorbh fhearr a thaifeadadh aon nuachtán comhaimseartha na soicindí i mbéal báis in Pompeii.

(iii) Ba cheart go léireofaí do dhaltaí an dóigh a ndéanfaí iniúchadh criticiúil ar ábhair bhunaidh

Féadfar teagasc do dhaltaí an dóigh a ndéantar iniúchadh criticiúil ar ábhar, fiú sa Chúrsa Chéad Bhliana seo. I gcás ealaín Ghréagach, féadfar léiriú dóibh go bhfuil forchéimniú nádúrtha ann ón ealaín Stílithe go dtí an ealaín Nádúraíoch. An modh is

fearr chun é seo a dhéanamh ná sampla a ghlacadh ó na trí ré mhóra ealaíne - an Ré Ársa, an Ré Chlasaiceach agus an Ré Heilléanaíoch. Ag glacadh an Auxerre Kore mar shampla d'ealaín Ársa, is féidir taispeáint go bhfuil deacracht ag an ealaíontóir nithe a léiriú ar bhealach nádúrtha, agus mar gheall air sin, tá aghaidh thriantánach, gruaig cosúil le holann chadáis agus gúna gan fillteacha ag an duine, agus tá sí ina seasamh go stalctha, ag féachaint go díreach ar aghaidh. Trí chomparáid a dhéanamh idir seo agus na Bandéithe d'fhríos an Phartanóin, féadfaidh duine tuiscint láithreach sa Ré Chlasaiceach anois nach bhfuil aon deacracht ag an dealbhóir anatamaíocht an duine a léiriú, chomh maith le fillteacha nádúrtha na héadaitheoireachta agus cibé áit a dtugtar do na daoine roghnaithe.

Féadfaidh duine saintréith eile d'ealaín na ré seo a shainnithint i suaimehneas na haghaidhe, rud a léiríonn cothroime i ndaoine. Faoi Ré Heilléanaíoch, chuir an t-ealaíontóir gné eile leis - is é sin mothúchán an duine. Tá sé seo le feiceáil i bpian Laokoon le linn dó agus dá mhic bheith á dtachtadh ag na péisteanna, thar aon phéintéireacht eile. Léiríonn stair dhealbhóireachta na Gréige, mar sin de, gur fhoghlaim duine de réir a chéile an dóigh a gcuirfí nithe i láthair ar bhealach réalaíoch. Féadfar iarraidh ar dhaltáí, ina dhiaidh sin, féachaint ar an bhforchéimniú mall sna hiarrachtaí tarraingthe a dhéanann deartháir nó deirfiúr an-óg dá gcuid féin.

- tarraingeoidh siad ciorcal sula dtarraingeoidh siad cearnóg, agus cearnóg sula dtarraingeoidh siad diamant, agus fear nó bean le ceann ar chorp sula bhféadfaidh siad fear nó bean a tharraingt le muineál!

Cleachtadh úsáideach eile is ea creat a chruthú don dalta a fhéadfar baint le saothar ealaíne ar bith. Ag glacadh “The Mourning Athene” mar shampla, féadfaidh daltaí iniúchadh a dhéanamh air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Téama * cén dóigh arb eol dúinn gur Aitéiné atá ann? → mar gheall ar an gclogad, an tsleá
- Stílithe nó Réalaíoch * gluaiseacht (seasamh)
* éadaitheoireacht
* mothúchán

- Atmaisféar * Cén fáth a bhfuil sé brónach?
- Cuspóir * Cá bhfaighfeá é?
faoiseamh móideach
- Cróineolaíocht * Cén áit a bhfuil sé oiriúnach?
an Ré Chlasaiceach Luath
cén fáth nach ndéarfá gur as an Ré Ársa é?
cén fáth nach ndéarfá gur as an ré

Heilléanaíoch é?

Féadfar cuidiú a thabhairt do dhaltáí chéad bhliana fealsúnacht na Gréige a thuiscint trí chleachtaí bunúsacha ar smaointeoireacht fhealsúnach. Baineann an-chuid daltaí taitneamh as cleachtadh ar cheist na réaltachta “cad is réaltacht ann?” Trí bhreathnú ar a ndeasca, féadfar iad a leanúint chun aimsiú go bhfuil difríocht ann idir gach a bhfuil a fhios againn atá ann (Platón) agus gach a bhfeiceann muid (Arastatail). Aontóidh siad roimh i bhfad go bhfuil dhá chineál “réaltachta” ann - an deasc a bhfuil siad eolach air lena bharr dronuilleogach agus lena cheithre chos, agus an deasc a fheiceann siad ó thaobh eile, lena chos amháin, nó lena dhá chois, nó lena thrí chos, agus cuid amháin dá bharr! Féadfar taispeáint dóibh an dóigh a bhféadfar smaointe mar seo a aistriú go healaín trí shiombalachas. I bpéintéireacht Rafael “School of Athens”, pointeálann Platón aníos agus is meabhrú siombalach dá theoiric fhealsúnach ar an gcruth idéalach é an comhartha seo, agus pointeálann Arastatail anuas, ag cur a fhealsúnacht talamh-bhunaithe inár gcuimhne trí shiombalachas.

Mar an gcéanna, féadfar cuidiú le daltaí na chéad bhliana ina staidéar ar ailtireacht chlasaiceach trí léaráidí éasca ar riail bhunúsach aireachtála, mar shampla, is é sin gur féidir cleas a imirt ar an tsúil. Tá ráillí traenach comhthreomhar ach is cosúil go gcoinbhéirsíonn siad nuair a fhéachann muid orthu ó achar fada, agus is ionann seo agus an dóigh ar gá dúinn iad a tharraingt. Thóg na Gréagaigh ársa an Partanón, agus an t-eolas acu go n-imríonn ár súile cleasa orainn, ar bhealach go ndealraíonn sé go bhfuil na línte go léir díreach ach dhear siad gach ceann acu le cuar!

Le linn tabhairt faoi litríocht an tSeansaoil, ba cheart go sainithneodh an duine idir litríocht bhéil agus litríocht scríofa. Féadfar roinnt fadhbanna a bhaineann le litríocht

bhéil a phlé - an fhíric gur féidir leis an scéal athrú go pointe áirithe de réir mar a théann sé ó bhéal go béal, ag míniú cén fáth a bhfuil líon áirithe leaganacha ann den scéal céanna, agus gach leagan acu inghlactha. Ba cheart go dtuigfeadh daltaí, i gcás an scéal béil, go bhfuil luas an scéil cinnte ag an duine atá ag insint an scéil, agus ní fhéadfaidh an t-éisteoir dul siar ar na leathanaigh faoi mar a fhéadfaidh léitheoir an scéil scríofa é seo a dhéanamh. Féadfar a lua ansin, gur gá don scéalaí teicnící a úsáid a chuidíonn leis an lucht éisteachta an scéal a leanúint, ó tharla go bhfuil sé i mbun luas seachadta an scéil. Is tréith thábhachtach de litríocht bhéil é athrá, mar sin de.

Féadfar aird na ndaltaí a tharraingt ar an bhfíric go bhfuil an-chuid carachtar i litríocht ársa ag dul ar thuras - tá Odaiséas ag tarraingt abhaile go Ithica; tá Aeinéas ag taisteal chun na hIodáile; tá Heracles ag taisteal ar fud an domhain ag déanamh tascanna nó “oibreacha” a dhéanfadh fear neamhbhásmhar de. Féadfar iad a spreagadh chun a scéalta féin a scríobh ag baint úsáid as taisteal mar théama.

- (iv) Ba cheart go míneofaí do na daltaí an gá le cultúr clasaiceach a chaomhnú agus a chur ar aghaidh chuig na glúine atá romhainn

Féadfaidh daltaí é seo a dhéanamh trí scéal ón Seansaol a insint do dhuine éigin eile ina dteaghlach, trí chuidiú a thabhairt do dhaoine eile oird ailtireachta is tréithe clasaiceacha na bhfoirgneamh timpeall orthu a shainathint, trí aire a thabhairt do na hiarsmaí ársa ina ndúiche féin agus trí dhaoine eile a spreagadh an t-aire céanna a thabhairt.

- (v) Ba cheart go dtabharfaí eolas do dhaltai ar thionchar na Sibhialtachta Gréagaí agus Rómhánaí ar chultúr na hEorpa ina dhiaidh sin

Tá cuid i ngach topaic a phléann tionchar na Sibhialtachta Gréagaí agus Rómhánaí ar chultúr na hEorpa ina dhiaidh sin. Is beag réimse saoil nach bhfeictear tionchar na nGréagach agus na Rómhánach ann. D'imir siad tionchar ar reiligiún, ar litríocht, ar fhealsúnacht, ar phéintéireacht, ar dhealbhóireacht, ar cheol, ar bhailé, ar phoirceallán, ar sheodra, ar leigheas, ar an dlí, ar mhatamaitic, ar eolaíocht, ar Bhéarla agus ar theangacha eile na hEorpa, ar chluichí, ar chorpoideachas, agus, níos déanaí ná sin, ar fhógraíocht (m.sh. an Cioclóp ar mhála na mbrioscán prátaí, réalta san Irish Times ba ea Asterix; choimeád Argus súil ar an gcomharsanacht lena shúil leictreonach!)

- (vi) Moltaí le haghaidh cur chuige ar thopaic

Le linn do mhúinteoir rang a ullmhú, ba cheart go gcuirfí na nithe seo san áireamh, nuair is cuí: -

- léarscáil an cheantair atá bainteach leis an topaic
- achoimre ar an téama nó ar an topaic ranga
- achoimre ar na príomhphointí atá bainteach leis an topaic
- bunfhoinsí príomha
- tionchar ar chultúr na hEorpa
- foinsí mar a bhféadfar ábhair ábhartha a fháil
- gníomhaíochtaí molta do dhaltai
- topaicí ábhartha

[4] LUACH TRASCHURACLAIM AN LÉINN CHLASAICIGH

Tá luach traschuraclaim ag staidéar ar Shibhialtacht Ghréagach agus Rómhánach sna réimsí seo a leanas:-

- (a) Reiligiún: is spéisiúil go raibh páirt lárnach ag coincheap an reiligiúin sa dá cheann seo de na sibhialtachtaí ab fhearr riamh. Chuaigh sé ar fud na réimsí saoil. Onóraíodh na Déithe sa bhaile agus sna teampaill mhóra; san amharclann agus sna láithreacha catha; i saol agus i mbás. Cuidíonn staidéar ar chultúr Gréagach agus Rómhánach linn ról an reiligiúin sa tsochaí a thuiscint, mar sin de.
- (b) Mar staidéar sóisialta: Féadfar féachaint ar “polis” Gréagach na hAithne sa chúigiú hAois R.C. mar mhicreacosma ina bhféadfadh duine staidéar a dhéanamh ar reiligiún, ar ealaín, ar ailtireacht, ar struchtúir shóisialta, ar pholaitíocht, ar shaol teaghlaigh is poiblí, ar ról na mban agus ar fhadhbanna an tsaoil - fadhbanna a fheictear go fóill sa lá atá inniu ann agus a pléadh go cuimsitheach sna drámaí clasaiceacha móra. Féadfaidh muid staidéar a dhéanamh freisin ar an seanchóras oideachais a d’fhorbair fir iontacha ar nós Peiricléas, Aescaileas, Sofaicléas, Eoiripidéas, Hipeacraitéas, Sócraitéas, Túicídídéas agus Féidias.
- (c) Mar chabhair le forbairt aireachtála: Trí staidéar a dhéanamh ar ealaín, dhealbhóireacht agus ailtireacht chlasaiceach, agus ar na híomhánna sna heipicí agus ar phlotaí is ar charachtair na ndrámáí, féadann daltaí a dtuiscint aireachtála féin a fhorbairt.
- (d) Mar bhonn le scríbhneoireacht chruthaitheach: Chun cruthaitheacht a fhorbairt i bpáiste, is gá fantaisíocht a nochtadh leis, agus ceann de na gnéithe is tábhachtaí i Léann Clasaiceach sa chéad bhliain is ea an méid ard de mhíotais agus d’fhinscéalta sa chúrsa.
- Féadfar cuidiú le daltaí a scéalta féin a chumadh trí aird na ndaltaí a tharraingt ar ghnéithe áirithe na bhfinscéalta. Is cuid lárnach d’fhorbhóir na bhfinscéalta é coincheap an Taistil, mar shampla. Tuigfidh na daltaí roimh i bhfad gur creat an-úsáideach é taisteal le haghaidh scéal dá gcuid féin a chumadh. Ní theastaíonn ó dhaltaí ach

príomhcharachtar ag bogadh ó áit go háit, chomh maith le fáth sochreidte i leith a thurais/a turais.

Féadfaidh na daltaí tabhairt faoi scéal a chumadh trí threoracha den chineál seo a leanúint:-

- (i) cinneadh ar chúis taistil.
- (ii) plean físeach a tharraingt, m.sh. bóthar.
- (iii) líon pointí ar an mbóthar mar a stadfaidh an príomhcharachtar a shonrú
- (iv) Cinneadh ar chúis stoptha, m.sh.
 - ocras
 - aimsir
 - eagla
 - chun bualadh le carachtar eile
 - ainmhí fiáin
 - ollphéist
 - fis
 - chun cuairt a thabhairt
 - chun athchuart a thabhairt ar dhuine/chun dul siar ar rud éigin
- (v) Ag gach pointe, cur síos a dhéanamh ar - an rud a theagmhaíonn leat
 - do mhothúcháin
- (vi) do cheannphointe a bhaint amach nó do thuras a chríochnú ar chúis éigin eile.

Le linn cur síos a dhéanamh ar charachtar, féadfar modh cosúil leis an modh ar baineadh úsáid as san eipic bhéil a thabhairt isteach, mar aon le húsáid foirmlí. Féadfar teagasc don dalta, mar shampla, cur síos ar roinnt gnéithe, mar a leanas:

- aois: óg/aosta
- aghaidh - craiceann
- gruaig
- éadaí
- bróga
- modh gluaiseachta

Féadfar sleachta ón Táin agus ón bhFiannaíocht a léamh chun smaointe a sholáthar do dhaltaí ar mhaithe lena scéalta féin.

Féadfar plé a dhéanamh leo faoi na pointí éagsúla mar a bhféadfar tús a chur le húsáid iardhearcaidh, le gluaiseacht ó réaltacht go samhlaíocht, agus le húsáid dialóige sa scéal.

Féadfar an scéal a úsáid freisin chun stór focal na ndaltaí a mhéadú. Mar shampla, is minic a bhíonn focail mar “deity”, “encounter” agus focail mar “tantalise” ó scéal Thantalais ina bhfionnachtana nua do dhaltaí na chéad bhliana.

Is é an scéal fosta a tharraingíonn aird an dalta ar an-chuid de thíreolaíocht an tsaoil chlasaicigh. Tá scéalta bainteach leis an Muir Aeigéach, le Heilléaspontas, leis an Aithin, leis an gCréit, le Mícéine, le Ithica, leis an Traí, leis an gCartaig agus leis an Róimh.

(e) Forbairt mhorálta agus pearsantacht: Ó tharla gur féidir leis na daltaí seasamh siar agus iniúchadh a dhéanamh ar na carachtair ar bhealach oibiachtúil, féadfaidh na carachtair réamhráite bheith ina múnlaí cumhachtacha iompair. Féadfar machnamh tairbheach a dhéanamh ar:

- iompar stuama Odaiséis i ndáil leis an duine álainn Nausicaa (The Odyssey)
- briseadh croí Dhíodó tar éis di ligean dá croí a ceann a rialú (The Aeneid)
- “pietas” (diagacht) agus “gravitas” (dínit) Aeinéis ina dhearcadh i leith na nDéithe, a theaghlaigh, a phobail agus an Stáit (The Aeneid)
- dílseacht Penelope i gcodarsnacht le mídhílseacht Chliotaeimnéistre (The Odyssey)

- cliseadh na hAithne agus ról teagascach an fhile mar a athghaireann Arastofainéas Aescaileas ón Domhan Thíos (The Frogs)
- fadhb chliseadh an teaghlaigh (Medea)
- Tíorántacht agus Dúshláin (Prometheus Bound)
- an chóireáil chorraitheach mhothálach uchtaithe, dúnmharaithe, ciorrú coil, féinmharaithe (King Oedipus).

Ina aiste ar “Literature and Development of Personality”, pléann an tOllamh E.F. O’Doherty ról na litríochta i gcruthú pearsantachta. "It begins", ar seisean, “in Plato with the teaching of the great myths and takes on body in Aristotle with the theory of Catharsis. But it is in the use by Freud of the Greek myths to teach us about ourselves that we see the true function of literature in personality growth”. Ar seisean, ag leanúint ar aghaidh, “When a class of future psychiatrists asks for a reading list, I usually recommend Sophocles, Dante and Shakespeare”.

- (f) Mar mhodh cuimsitheach forbartha pearsanta: Ba é ab aidhm d’oideachas Gréagach ná oideachas an duine ina iomláine agus glactar go fóill léi inniu mar phríomhaidhm oideachais. Cuirtear san áireamh in oideachas clasaiceach an ghné spioradálta, mhorálta, aeistéitiúil agus shóisialta; ullmhaítear daltaí le haghaidh oibre, fóillíochta agus staidéir bhreise agus, os a chionn sin, cuirtear daltaí isteach go daingean i dtraidisiún clasaiceach na hEorpa.

CÚRSA NA CHÉAD BHLIANA

I

LÉANN CLASAICEACH

[I] CEAHT TOSAIGH AR SHIBHIALTACHTAÍ GRÉAGACHA AGUS RÓMHÁNACHA

1.1 Cad is Léann Clasaiceach ann? Is staidéar é ar shibhialtachtaí na Gréige agus na Róimhe, mar aon le staidéar ar litríocht, fhealsúnacht, ealaín, ailtireacht agus shaol polaitiúil is sóisialta na nGréagach is na Rómhánach. Ó thaobh na cróineolaíochta de, tháinig Sibhialtacht Ghréagach ní ba luaithe ná Sibhialtacht Rómhánach.

1.2 Bunphointe agus leathnú na Sibhialtachta Gréagaí:

- (i) An t-aonad bunúsach sa Ghréig ba ea an “polis”, nó stát cathrach. Tír ba ea an Ghréig, mar sin de, a rinneadh de stáit chathrach.
- (ii) an Ghréig agus an Mhacadóin le Philip II
- (iii) an Ghréig, an Mhacadóin, an Áise Bheag, an Meánoirthear agus an Éigipt, le hAlastar Mór.

1.3 Bunphointe agus leathnú na Sibhialtachta Rómhánaí:

Leathnaigh an Róimh:-

- (i) tríd an Iodáil
- (ii) tríd an Meánmhuir Thoir (scrios na Cartaige)
- (iii) tríd an Meánmhuir Thiar (an-chuid den réigiún a bhí á rialú ag Alastar Mór roimhe sin)

1.4 Is gá go mínítear coincheap na himpireachta. Ní amháin gur tír í ach síneann sí ar feadh achar leathan. Cuidíonn úsáid léarscáileanna le míniú an choincheapa seo a shimpliú.

1.5 Bualadh le chéile na nImpireachtaí Gréagacha agus Rómhánacha

- Ní raibh oidhre ag Alastar Mór
- Ghlac a ghinearáil seilbh ar chumhacht agus throid siad

- Bhí an Róimh láidir agus ag leathnú, agus bhog sí isteach

1.6 Cén fáth a bhfuil na sibhialtachaí Gréagacha agus Rómhánacha chomh cosúil le chéile?

- bhí meas ag na Rómhánaigh ar a ndearna na Gréagaigh
- trí phróiseas an oideachais, thug siad le litríocht, fealsúnacht, ealaín agus eolaíocht na nGréagach
- thóg siad tréithe eile freisin m.sh. amfaitéatar

1.7 Teangacha

- Gréagaigh → Gréigis
- Rómhánaigh → Laidin

1.8 Cén fáth a bhfuil na sibhialtachaí Gréagacha agus Rómhánacha tábhachtach inniu?

Cén dóigh ar imir siad tionchar ar ár saol?

Is liosta é seo a leanas de na réimsí saoil chomhaimseartha ar imir Sibhialtacht Ghréagach agus/nó Sibhialtacht Rómhánach tionchar orthu. Tugtar eiseamláirí praiticiúla an tionchair seo i ndáil le gach réimse.

- (i) Ailtireacht - Ailtireacht nuachlasaiceach m.sh. Ardoifig an Phoist na Ceithre Chúirt, Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, i mBaile Átha Cliath
- (ii) Dealbhóireacht - Foirgnimh phoiblí éagsúla, sráid-dhealbha, dealbha brád
- (iii) Péintéireacht Téamaí péintéireachtaí, mar shampla téamaí na bpéintéireachtaí seo atá ar fáil i nDánlann Náisiúnta na hÉireann:-
Acis & Galatea: Poussin
Juno Confiding Io to Argus: Claude Lorraine

Padovanino

The Judgement of Paris: after Rubens
The Funeral of Patroclus: David Penelope
Brings the Bow of Odysseus to her Suitors:

The Youthful Romulus: Lemaire

sa Vatacáin:-

Raphael: School of Athens

i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath:-

Decoration of the Chi (x) Rho (p)
litreacha sa Leabhar Cheanannais

- (iv) Poirceallán - Téamaí atá maisithe ar Wedgwood China
- Cruthanna atá deartha do Aynsley China
- (v) Litríocht - O'Casey: "Juno and the Paycock"
- Joyce: "Ulysses" (Odaiséas)
- (vi) Leigheas - teannán Aichill - an tÉasc - an Stiocs
- Mionn Hipeacraitéis
- vii) Dlí - Téarmaí Laidine mar aon le "Caveat emptor"
("bíodh an ceannaitheoir cúramach")
- Reitric
- (viii) Fealsúnacht - Díorthú Gréigise an fhocail 'philosophy'
- Áit sheasmhach Platón agus Arastatail
- (ix) Reiligiún - Tionchar na Gréige agus na Róimhe ar
Chríostaíocht m.sh.
- Breith agus bás Chríost faoi rialtas Rómhánach
- Leathnú Críostaíochta éascaithe ag an gcóras
iompair rómhánaigh

- Bhí a thriail sa Róimh mar gheall ar áitiú Naomh Póil ar a chearta dlí mar shaoránach Rómhánach
- Scríobhadh sa Ghréigis roinnt mhaith den Tiomna Nua
- Tionchar Fhealsúnacht na Gréige agus Dlí Rómhánach ar fhorbairt na nDiagachtaí Críostaí agus ar fhorbairt an Dlí Canónta
- Úsáid baislice mar dhearadh d'ionad adhartha Críostaí
- (x) Matamaitic - Úsáid téarmaí i matamaitic mar aon le π (pi) σ sigma, ϵ delta
- foirmlí ar thoirt an tsorcóra - $\pi^2 h$; ar achar ciorcail - πr^2
- Teoirim Phíotágaráis – cearnóg ar an taobhagán
- (xi) Eolaíocht - Prionsabal Airciméidéis: scéal Eureka/an fholcadáin
- Nodaireacht i bhfisic
- (xii) Ceol - Offenbach: Orpheus in the Underworld – Réamhcheol
- Beethoven: Creatures of Prometheus; Ruins of Athens; Coriolan
- (xiii) Réalteolaíocht - Ainmneacha réaltraí agus pláinéad
- (xiv) Astralaíocht - Comharthaí an Stoidiaca agus tuismeánna
- (xv) Spórt - na Cluichí Oilimpeacha

(xvi) Béarla agus Nua-Theangacha na hEorpa

Béarla	agoraphobia	liberate
	astronaut	megalithic
	chronology	minister
	cosmopolitan	monosyllable
	dialogue	politics
	epidemic	sociology

	geography horticulture	theology
Fraincis	fille fils mer	mère père pont
Iodáilis	chiesa corpo grammo	mercato matrimonio monumento
Spáinnis	ciudad cuerpo fruta	llegar Mercado pan

[2] MIOTAIS AGUS FINSCEÁLTA NA SEAN-GHRÉIGE

Is é atá sa chuid seo de shiollabas na chéad bhliana i Léann Clasaiceach ná na hocht dtopaic seo a leanas:

- (i) Déithe Shliabh Oilimpeas
- (ii) Laochra na Sean-Ghréige
- (iii) Scéal Théiséis
- (iv) Sraith Theban
- (v) Scéal Chlann Aitréis agus Chogadh na Traí
- (vi) Filleadh Laochra na Gréige ón Traí
- (vii) Tús eolais ar an Aithin
- (viii) Aistear Aeinéis

Ba cheart go bhfolófaí cúig chinn de na topaicí seo, agus moltar gur cheart go n-úsáidfí cur chuige scéal-lárnach le linn iad a phlé. Ba cheart go mbainfí úsáid as an scéal mar bhonn le haghaidh taiscéalaíocht chomhthráthach agus plé ar ghnéithe ábhartha

éagsúla na sibhialtachta Gréagaí, áfach. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara go bhféadfaidh na miotais agus na finscéalta a gcuirtear síos orthu thíos idirmhíthe difriúla a bheith acu, ag brath ar na foinsí as a nglactar iad. Ní hionann an méid sonraí a thugtar sna Treoirínte do gach ábhar. Níor cheart do mhúinteoirí tuiscint dá bhrí seo go bhfuil aon topaic níos tábhachtaí ná aon topaic eile. Is ionann an tábhacht atá ag na topaicí go léir. Déantar tagairt go príomha sna Treoirínte seo don dá leabhar foinsí seo a leanas:

Robert Graves: “The Greek Myths”

Edith Hamilton: “Mythology”

I gcás ina bhfuil ábhair eile ar fáil, déantar tagairt dóibh freisin.

2.1 DÉITHE SHLIABH OILIMPEAS

- (i) Féach ar léarscáil de Shliabh Oilimpeas chun a láthair a chur i gcomhthéacs
- (ii) Sliabh Oilimpeas mar bhaile na nDéithe → rúndiamhair → finscéal
- (iii) na Chéad Déithe - Úránas (Athair na bhFlaitheas)
Ge (Ollmháthair na Cruinne)
- (iv) A bpáistí - Ollphéisteanna/Fathaigh → Briareus, Cyclopes srl.
Tíotáin → Cronas, Rhea srl.
- (v) Oilimpia - páistí Tíotán
- (vi) Na ceithre Dhia Oilimpia dhéag is tábhachtaí
 - Séas → Ríthe, stoirmeacha
 - Héara → Banríon, pósadh
 - Poisíodón → Farraige
 - Háidéas → An Domhan Thíos
 - Heistia → Teallach

Déiméatar	→	Barra
Apalló	→	Solas, (grian), sealgaireacht, ceol, leigheas, tairngreacht
Artaimís	→	Solas, (gealach), sealgaireacht
Afradaíte	→	Grá (Is é Cúipid Rómhánach, Earós, a mac)
Aitéiné (Athena)	→	Cogadh, eagna, ceardaíocht
Heirméas	→	Dia tráchttaireachta
Diníseas	→	Téatar, féile, fíon
Héafaestas	→	Gabha dubh (déanann sé Sciath Aeinéis faoi Shliabh Etna), Dia Doíteáin
Airéas	→	Cogadh
(vii) <u>Siombailí na nDéithe</u>	→	riachtanach i leith sainaitheanta ar shaothar ealaíne
Séas	→	Coróin, caor thine
Héara	→	Coróin, crann úll, cuach ar rishlat, pomagránat (lámh chlé)
Poisíodón	→	Píce, iasc, carbad óir agus capaill bhána
Háidéas	→	Coróin, cloigne, leaca uaighe
Heistia	→	Teallach
Déiméatar	→	Arbhar, poipíní
Apalló	→	Grian, bogha agus saighead, fia, luchóg, lir
Artaimís	→	Léine ghlún scarlóideach le fáithim dhearg, gealach, bogha agus saighead, fia, gearg
Afradaíte	→	Croí, sliogán muirín, crios
Aitéiné	→	Clogad, sleá, Aegis le Meadúsa
Heirméas	→	Cuaráin sciathánacha, hata cruinn, stafóg le ribíní
Diníseas	→	Adharca agus coróin péisteanna, fíniúnacha, cupán fíona, téatar
Héafaestas	→	Cearta, casúr, inneoin, srl.
Airéas	→	Clogad, sciath, airm

- (viii) Nádúr na nDéithe — neamhbhásmar
 — féadann siad pósadh le chéile
 — féadann siad a gcruth a athrú
 — féadann siad idirghabháil i saol daoine
- (ix) Scéalta ar Dhéithe — m.sh. Breith Aitéiné ó cheann Shéasa;
 Breith Afradaíte ón bhfarraige ar shliogán;
 Cónaíonn Héafaestas faoi Shliabh Etna
 agus tá sé bacach (féach Graves)

(x) Ainmneacha Gréagacha na nDéithe lena gcoibhéisí Rómhánacha

<u>Gréagach</u>	<u>Rómhánach</u>
Zeus	Jupiter
Hera	Juno
Poseidon	Neptune
Hades	Pluto
Hestia	Vesta
Demeter	Ceres
Apollo	Apollo
Artemis	Diana
Aphrodite	Venus
Athene	Minerva
Hermes	Mercury
Dionysus	Bacchus
Hephaestus	Vulcan
Ares	Mars

(xi) Ainmneacha na nDéithe Rómhánacha a thagann chun cinn i bhFoclóir an Nua-Bhéarla - roinnt samplaí:

Drámaíocht	-	O'Casey, "Juno and the Paycock"
Réaltraí	-	Pluto, Neptune srl.
Féilire	-	(Mí) March — Mars

Bia - Cereal - Ceres
 Tíreolaíocht/Geolaíocht - Volcano - Vulcan

(xii) Roinnt gnéithe de shibhialtacht na Gréige a raibh baint shonrach ag na Déithe leo

Oracail - Apalló (Delphi)
 Féilte - Téatar - Diníseas (an Aithin)
 - Cluichí - Séas (Oilimpia)
 - Toscú - Aitéiné
 - Rúndiamhra - Déiméatar (Eleusis)

Foirgnimh - Teampaill, altóirí, amharclanna, srl.

Ealaín - Péintéireacht, mósáicí, dealbhóireacht, vásaí

(xiii) Roinnt samplaí de Thionchar na nDéithe Gréagacha ar Chultúr na hEorpa

Ealaín - Botticelli: “Birth of Venus”
 Dealbhóireacht - Bernini: “Apollo & Daphne”
 Ceol - Respighi: “Birth of Venus” ó phictiúr Botticelli
 Litríocht - Milton, Shakespeare, Yeats, O'Casey
 Poirceallán - Vása Pompeii, Vása Portland, Vása Wedgwood

(xiv) Bunfhoinsí le haghaidh staidéir ar na Déithe Gréagacha

Litríocht - Hóiméar, Virgil, Drámadóirí m.sh. Aescaileas,
 Sofaicléas, Eoiripidéas, Arastofainéas
 Séadchomharthaí - Dealbh den Phartanón, srl.
 Déantáin - Péintéireacht vásaí
 - Boinn

(xv) Ábhar Léitheoireachta sa Bhreis do Mhúinteoirí

- Cambridge School Classics Project
 - “Aspects of Greek Life” - Longman

(xvi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Sliabh Oilimpeas a aimsiú agus a dhathú ar léarscáil
- craobh ghinealaigh na nDéithe a tharraingt
- pictiúr de gach Dia de na ceithre Dhia dhéag de Shliabh Oilimpeas a tharraingt nó a dhathú
- siombailí do gach Dia a tharraingt
- scéal ar Dhia amháin a insint m.sh. ar Bhreith Aitéiné; ar an dóigh ar éirigh Héafaestas bacach
- saothar ealaíne, ceoil nó litríochta ina bhfuil Dia nó Bandia a fháil
- Cluichí:
 - quiz ranga a eagrú bunaithe ar ainmneacha Gréigise agus Laidine agus ar fheidhmeanna Déithe
 - dia a mhímeáil agus iarraidh ar na daoine eile sa rang buille faoi thuairim a thabhairt ar an Dia ar leith sin
- Aithint focal, m.sh. Deity

2.2 LAOCHRA na SEAN-GHRÉIGE

2.2.1 Proiméitéas

(i) Bunfhoinsí

Is í “Prometheus Bound” a scríobh Aescaileas an bhunfhoinsé don fhinscéal seo. Bunfhoinsé eile is ea “Works and Days” le Hesiod (duine comhaimsire de chuid Hóiméir).

(ii) Príomhphointí ó Fhinscéal Phroiméitéis

- Ainm - réamh-smaoineamh → sonraíodh mar shaoi é
- Tíotán
- Chuidigh sé le Séas in aghaidh na dTíotán
- D’fhoghlaim sé an tabhartas tine agus eolas eile ó Aitéiné → do dhaoine
- Bhí Séas cráite → Pandóra le cur pionós

(iii) Folaíonn Finscéalta eile atá bainteach le Proiméitéas na nithe seo a leanas:

- Tharrtháil Heracles é
- Io
- Bosca Phandóra

(iv) Plandaí atá bainteach le Proiméitéas

- Finéal – d’fholaigh sé tine i ngas finéil
- Cróch - a d’fhás ó fhuil - cróch
- gas dúbailte

(v) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

- | | | |
|----------------|---|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Ealaín | - | Proiméitéas → Titian, Michelangelo, Rubens
Io → C. Lorraine (Dánlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath) |
| Dealbhóireacht | - | Ar Dhealbh Aitéiné a rinne Féidias (sa Phartanón roimhe sin)→ snoíodh breith Phandóra ar an mbun |
| Bailé | - | Beethoven “The Creatures of Prometheus” |
| Ceol | - | Schubert -ceol → Goethe's Poem |
| Litríocht | - | Byron, Shelley, Robert Bridges, Gide, Goethe |

(vi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- plé a dhéanamh ar na fáthanna a mbeadh tine tábhachtach don chine daonna
- pictiúr a tharraingt nó scéal nó dán a scríobh ar Phroiméitéis
- an scéal a ghníomhú amach - tá sé oiriúnach mar gheall ar a phlota éasca

2.2.2 Peirséas

(i) Faigh léarscáil ar cheantar Mhíceine chun a láthair a chur i gcomhthéacs.

(ii) An Finscéal

- Peirséas agus a mháthair → áirc → farraige → Dictys - iascaire
- Tugadh le Rí Polydectes de Seriphos é
- Ba mhaith le Polydectes Danaë a phósadh ach níor mhaith le Peirséas é seo → thairg sé ceann Gorgaine do Polydectes
- Chuaigh sé amach chun na Gorgainí a fháil
- Cúnamh ó Aitéiné - Sciath
Heirméas - Corrán
- Theastaigh cuaráin, vallait, clogad uaidh as Stygian Nymphs
- Thug sé cuairt ar Graeae - triúr deirfiúracha na nGorgainí, súil amháin, fiacail amháin
- Chuaigh sé chuig Stygian Nymphs chun cuaráin, vallait agus clogad a fháil
- Chuaigh sé chuig na Gorgainí – Meadúsa → básmhar
 - Stheno → neamhbhásmhar
 - Euryale → neamhbhásmhar
- Bhí gruaig de phéisteanna, fiacail ollmhóra agus teangacha ag gobadh amach acu
- Bhí Meadúsa chomh gránna gur thiontaigh sí gach rud go cloch
- Bhain Peirséas ceann Mheadúsa di agus thit na nithe seo a leanas amach:
 - o an capall sciathánach, Peigeasas
 - o an laoch Chrysaor (athair fear trí-cheannach, Géarón, agus páistí siamacha?)
 - o Chuir sé an ceann isteach i vallait agus theith sé
- Ar a thuras abhaile
 - Thaispeáin sé an ceann d’Atlas → Sliabh Atlas
 - Thit sé i ngrá le hAndromeda

- Thiontaigh sé Polydectes agus a aíonna go cloch i Seriphos → ciorcal cloiche
- chuaigh sé go hAitéiné → aegis
- Rialaigh sé in Tiryns
- Bhunaigh sé Mícéine

(iii) Príomhphointí

- Ainm → scriostóir
- Mac Shéasa agus Danaë
- Mharaigh sé an Ghorgain, Meadúsa
- Thiontaigh sé Atlas ina shliabh (Sliabh Atlas) trí cheann na Gorgaine a thaispeáint dó.
- Bhunaigh sé Mícéine → Mycos -Muisiriún

(iv) Bunfhoinsí

- Ceann Ghorgaine ar an bPeidiméid de Theampall C i Selinus sa tSicil
- Peidiméid Ghorgaine, teampall Artaimíse, Corcyra
- Vásaí Gorgaine (Richter: “A Handbook of Greek Art”)
- Boinn - (m.sh. Peigeasas)

(v) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

- Ealaín - Pompeii, Titian, Rubens, Delacroix
- Dealbhóireacht - Peirséas ag breith greama ar cheann Mheadúsa, le Cellini, in Florence

(vi) Ábhar Léitheoireachta Breise do Mhúinteoirí

- “Aspects of Greek Life”, Longman

(vii) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Tarraing pictiúr ar Mheadúsa, Graeae agus ar Pheagasas
- Eagraigh quiz ranga ar an scéal

- Ullmhaigh sraith léaráidí bunaithe ar ghnéithe éagsúla an scéil. Féadfaidh grúpaí difriúla daltaí cuid amháin a dhéanamh.

(viii) Topaicí Ábhartha a fhéadfar a bheith bainteach le Peirséas

- Potaireacht Aithneach
 - Bhí Peirséas mar théama ar vásaí le fíoracha dubha ón Ré Ársa
 - Aithin gnéithe le fíoracha dubha agus gnéithe le fíoracha dearga thar a chéile
 - Stair na hEalaíne
 - Ré Ársa → Auxerre Kore (Louvre)
 - Ré Chlasaiceach → Venus Genetrix (Louvre)
 - Ré Heilléanaíoch → Laocoon

2.2.3 Heracles (Hercules i Laidin)

(i) Féach ar léarscáil ar Argas, an Téibh, Mícéine, An Chréit agus an Tráicia

(ii) Príomhphointí

- Rugadh sa Téibh é
- Ciallaíonn a ainm Glóir Héara
- Mac Ailcméiné agus Shéasa, iarua mic Pheirséis
- Tugadh Alcides air freisin
- Lá Breithe - 4ú lá de gach mí
- Siombailí - seithe leoin agus maide - léine ghearr - saigheada (féach Richter: “Handbook of Greek Art”)
- Le rialú in Argas ach rugadh Eoraistéas roimhe
- Luathshaol → neart ollmhór
- Oideachas Clasaiceach
- Caolas Ghiobráltar → The Pillars of Heracles

(iii) Bhí ar Heracles 12 shaothar oibre a dhéanamh d’Eoraistéas ionas go mbeadh sé neamhbhásamhar. Tugtar dhá shaothar oibre dhéag Heracles

thíos. Gheofar sonraí ar gach saothar oibre ón leabhar The Greek Myths le R. Graves agus ón leabhar Who's who in the Ancient World a scríobh Betty Radice.

(iv) Dhá Shaothar Oibre Dhéag Heracles

- (1) Leon Néiméach a mharú
- (2) Hiodra Leirné a mharú (Leirné cóngarach d'Argas)
- (3) Eilit na Ceirine a ghabháil
- (4) Torc Eireamántais a thabhairt ar ais leis agus é beo
- (5) Stáblaí Rí Áigéis a ghlanadh
- (6) Éin Stimfealas a mharú san Arcáid
- (7) Tarbh na Créite a thabhairt ar ais go dtí an Chréit agus é beo
- (8) Láracha Diomedes a thabhairt ar ais leis ón Tráicia go hEoraistéas agus iad beo
- (9) Sursaing Bhanríon na hAmasóine, Banríon Hipilité a thabhairt leis chun iad a thabhairt d'Eoraistéas
- (10) Eallach Ghéaróin a ghabháil
- (11) Úlla na Heispirídí a thabhairt leis chun iad a thabhairt d'Eoraistéas
- (12) Ceirbearas a thabhairt leis ón Domhan Thíos

(v) Bás Heracles

Tar éis do Heracles titim i ngrá le bean eile, Iailé, chuir a bhean chéile, Deianina, léine nimhithe chuige. Faoi éadóchas,

- dhreap sé ar bhreocharn agus fuair sé bás
- an chuid bhásmhar do Tartarus
- an chuid neamhbhásmhar d'Oilimpeas
- tá sé ina ghiolla d'Oilimpeas
- Ba iad na hAithnigh na chéad duine a d'onóraigh mar Dhia é

- Mharaigh Deianina í féin tar éis a bháis

(vi) Bunfhoinsí

- Eoiripidéas: “Heracles” agus “Alcestis”
- Arastofainéas: “The Frogs”
- Pediment of Temple of Aphaia, Aegina (féach Richter: “Handbook of Greek Art”)
- Metopes - Temple of Zeus Olympia (Saothair Oibre Heracles)
- The Farnese Hercules (macasamhail de dhealbh a chruthaigh Lysippus i Músaem Naples)
- Vása → Nessos Painter (féach Richter: “Handbook of Greek Art”)

2.2.4 Jason

(i) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin láthair Heilléaspontais agus Cholcais

(ii) An dóigh a bhfuair Heilléaspontas a ainm. (an Dardainéil sa lá atá inniu ann). Le finscéal Jason a chur i gcomhthéacs, is riachtanach scéal Helle agus Phrixius, a deartháir, a insint. Le linn dóibh éalú óna leasmháthair chruálach ar reithe sciathánach le lomra óir, bhí orthu eitilt thar an bhfarraige. Thit Helle den reithe agus bádh í. Tugadh Heilléaspontas ar an áit ar bádh í. Tugadh lomra a reithe óir go Colcas ar an Muir Dhubh, áit ar chosain dragan ann é.

(iii) Finscéal Jason agus an Lomra Óir

- Tugadh Diomedes air ar dtús - Thug an ceinteár a thóg é an t-ainm Jason air
- Mac Aeson, ba cheart go mbeadh an ríchathaoir aige ach ghlac a leathdheartháir Pelias é
- Tairngreacht go gcaillfeadh Pelias an ríchathaoir d’fhear aonchuaránach
- Tháinig Jason le cuarán amháin air - chaill sé an cuarán eile le linn dó abhainn a thrasnú le Héara ar a dhroim (seanbhean)

- D'iarr Pelias ar Jason an Lomra Óir a fháil - Lomra Óir á chosaint ag dragan - ag creidiúint go bhfaigheadh sé bás
- Long a thóg Argus - darb ainm Argo
- Chuaigh laochra ar bord loinge le Jason → na hArgónátaigh (chuaigh Oirféas agus Hercules ar bord freisin)
- Chuaigh sé go rítheach King Aeëtes i gColcas
- Thit iníon an Rí, Medea, i ngrá le Jason
- Chun an lomra a fháil, bhí air na tascanna seo a leanas a dhéanamh:
 1. dhá tharbh a rinne Héafaestas a chuingiú
 2. gort Airéis a threabhadh
 3. fiacla na Péiste a chur
 4. dul thart an dragan
- Chuidigh Medea (cailleach) leis agus fuair sé an lomra
- Phós sé Medea. D'fhill siad ar an gCoraint). Bhí sé mídhílis. Mharaigh sí a páistí mar dhíoltas.
- Fuair Jason bás ina dhiaidh sin tar éis do chuid den Argo titim ar a cheann.

(iv) Bunfhoinní

- Apollonius Rhodius: “Argonautica”
- Eoiripidéas: “Medea”
- Pausanias – chonaic sé an cuimhneachán do na páistí sa Choraint) (Pausanias: “Guide to Greece “ Leabhar II).
- Partanón Metope - an ceinteár (macasamhail sa Dánlann Náisiúnta)

(v) Tionchar ar Chultúr na hEorpa ina dhiaidh sin

- | | | |
|-----------|---|--------------------------------------|
| Litríocht | - | Corneille: “Médée”; Anouilh: “Medée” |
| Ceol | - | Cherubini: “Medea” (Ceoldráma) |
| Scannán | - | Pasolini le Maria Callas |

(vi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- pictiúr bunaithe ar an scéal a tharraingt nó a fháil
- Cosúlachtaí agus difríochtaí nuair a chuirtear i gcomparáid é le scéal Cinderella – leasmháthair, cuarán amháin, deirfiúracha gránna, tascanna

2.3 SCÉAL THÉISÉIS (DUINE COMHAIMSIRE DE CHUID HERACLES)

(i) Bain úsáid as léarscáil chun láithreacha Troezen, na hAithne agus na Créite i gcoibhneas a chéile

(ii) Finscéalta bainteach le Téiséas

(a) Sé Shaothar Oibre Théiséis ar a bhealach chun na hAithne

- (1) Ag Eipeadáras, bhail Téiséas le mairtíneach a raibh maide ollmhór aige. Mharaigh Téiséas é agus ghlac sé an maide
- (2) Mharaigh sé “an lúbaire péine”
- (3) Mharaigh sé an chráin fhiáin
- (4) Chuir fear a bhí ina shuí ar charraig iallach ar dhaoine a tháinig thar a chosa a ní. Bhrúigh sé thar aill iad isteach san fharraige. Mharaigh Téiséas é.
- (5) Mharaigh sé coraí cáiliúil
- (6) Mharaigh sé an fear a choimeád an teach lóistín. Bhí dhá leaba sa teach lóistín
 - o leaba fhada → a shín daoine le feistiú
 - o leaba ghearr → a ghearr cosa na ndaoine le feistiú

(b) Marú an Mhíonátáir

- D’ordaigh Rí Míonós na Créite go gcuirfí seachtar buachaillí agus seachtar cailíní ón Aithin chuig an gCréit gach naoi mbliana le bheith á n-ithe ag an Míonátár mar dhíoltas ar mharú a mhic féin ar an Aithin

- Múineadh an scéil ná gur chaill Rí Míonós a leasmhac féin (an Míonátár) le linn dó díoltas a dhéanamh ar bhás a mhic féin (Androgeos)
- Thit iníon Mhíonóis, Ariadne, i ngrá le Téiséas
- Chabhraigh Ariadne leis dul isteach sa chathair ghríobháin leis an liathróid draíochta snáithe a thug Dedalus (a dhear is a thóg an liathróid) di
- Chuaigh Téiséas isteach agus mharaigh sé an Míonátár
- Thug sé Ariadne leis chun í a phósadh
- Ar an mbealach abhaile, stad siad ar oileán Naxos. Phós Diníseas Ariadne dar le finscéal amháin.
- Gheall sé dá athair go n-ardódh sé seol bán roimh fhágáil na hAithne dó ar a thuras abhaile dá n-éireodh leis an Míonátár a mharú. Rinne sé dearmad air agus d'fhág sé an seol dubh ar eitilt.
- Chonaic Aegeus an seol dubh agus léim sé den Acrapoil (láthair Theampall an Bhua gan Sciathán)
- Ainmníodh an Mhuir Aeigéach mar ómós dó
- Phós Téiséas Phaedra (deirfiúr Ariadne) ina dhiaidh sin chun leorghníomh a dhéanamh i dtréigean Ariadne.

(iii) Príomhphointí

- Ainm → an té a chuireann i dtaisce - claíomh agus cuaráin a chuir a athair i dtaisce faoi charraig in Troezen
- Rugadh - Rí Aegeus na hAithne
- Áit bhreithe - Troezen sa Pheilipinéis – tógadh san áit sin é
- D'fhill sé ar an Aithin ina dhiaidh sin → Sé shaothar oibre ar a bhealach abhaile
- Phós Medea Aegeus agus rinne sí iarracht é a mharú → theith sí
- D'íobair sé Tarbh Bán na Créite a bhí ag Heracles d'Aitéiné

- Mharaigh sé an Míonátár
- Tar éis bhás a athar, fuair sé smacht ar an Ataic
- Airgead mionta
- Ceithre Bliana sa Domhan Thíos → tharrtháil Heracles é
- Bás → brúdh de shliabh é
- Tháinig a thaibhse i láthair ag Cath Mharatóin 490RC
(na hAithnigh v na Peirsigh → bhí an bua ag na hAithnigh)
- Adhlacadh cnámha Théiséis sa “Theseum” ar an Aithin
(áit ar a dtugtar Teampall Héafaestais freisin)

(iv) Bunfhoinsí

- Litríocht
- Plútarc: “Life of Theseus”
- Ovid: “The Heroides” agus “Metamorphoses”
- Catullus - Poem 64
- Dealbhóireacht
- Sleeping Ariadne (an Vatacáin). (Féach “Handbook of Greek Art” le Richter)
- Ailtireacht
- Is féidir radhairc ó shaol Théiséis a fheiceáil sa “Theseum” ar an Aithin
- Fresco – Herculaneum
- Vása ó Vulci - Músaem na Breataine

(v) Tionchar ar Chultúr na hEorpa ina dhiaidh sin

- | | | |
|-----------|---|-------------------------------------------------------------------|
| Úrscéalta | - | Mary Renault: “The King must Die” agus
“The Bull from the Sea” |
| | - | Cottrell: “The Bull of Minos” |
| | - | Gide: “Thésée” |
| Drámaí | - | Racine: “Phédre” |

- Shakespeare: “Midsummer Night's Dream”
→ láthair Filíocht - Boccaccio:
“Thesida” → “Knight's Tale” le Chaucer
- Dante: “Divine Comedy”
- Ealaín - Poussin: “Theseus finding his father's
arms”
- Canova: “Theseus and the dead Minotaur”
(dealbh)
- Picasso: “Vollard Suite”
- Michael Ayrton: “Maze with Minotaur and
Daedalus” (Arkville, Stát Nua-Eabhrac)
- Titian, Tintoretto agus Raphael: pictiúir de
“Ariadne”
- Ceol - Richard Strauss: “Ariadne on Naxos”
(ceoldráma)

(vi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- pictiúr den Mhíonátár a tharraingt nó a dhathú
- lúbra a tharraingt. Cluiche a chruthú inar gá don dalta a
bhealach amach as an lúbra a aimsiú tar éis an Míonátár a
mharú
- an scéal ar an dóigh a bhfuair an Mhuir Aeigéach a hainm
a insint

(vii) Topaicí Bainteacha

1. Thochail Sir Arthur Evans an Pálás ag Cnósas sa Chréit sa bhliain 1900.
Creidtear gur Pálás Rí Míonóis agus baile an Mhíonátáir a bhí ann.
Moltar gur cheart go gcuirfí na nithe seo a leanas san áireamh in aon chur
síos ar phríomhghnéithe an Pháláis:-
 - o Seomra na Ríchathaoireach le ríchathaoir chloiche agus ballaí
freascó
 - o Seomra na Banríona – freascónna de Dheilfeanna agus de chailíní
damhsa

- Halla na dtuanna dúbailte - imchruth tuanna greanta sna ballaí
- Crúscaí móra → Pithol
- Táibléid i Líneach A + B

(Fuarthas táibléid i Líneach B ar an láithreán. Scaoil Michael Ventris na táibléid agus d’aimsigh sé gur scríobhadh sa tSean-Ghréigis iad. Fuarthas táibléid i Líneach B ar an mórhír i Mícéine freisin.)

Thug Sir A. Evans an tSibhialtacht Mhionóch ar an tSibhialtacht sa Chréit, in ómós do Rí Míonós. Seasann sí do Chré-Umhaois na Créite. Bhí an-tionchar ag an gcultúr seo ar na Mícéinigh a tháinig tar éis na Mionóch ag smachtú na Mara Aeigéiche. Bhí Sir Arthur Evans mar choimeádaí den Mhúsaem Ashmolean in Oxford agus tá a lán míreanna suimiúla ón gCréit ar taispeáint i “Seomra Arthur Evans” sa Mhúsaem seo, lena n-áirítear macasamhail na ríchathaoireach cloch ó Sheomra na Ríchathaoireach i gCnósas. (Tagairt: “Arthur Evans and the Palace of Minos”, Anne Brown (Músaem Ashmolean).

2. Ollphéisteanna agus an Seansaol (féach R. Graves: “The Greek Myths”)

- An Ciméara agus Scéal Bellerophon (Iliad)
- Briareus (Aegaeon) – Iliad
- Argus
- Ceirbearas
- Peigeasas
- Meadúsa
- Sciolla & Cairíbdís (Odyssey)

2.4 SRAITH THEBAN

(i) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin láthair na Téibhe, na hAithne agus Argas i gcoibhneas a chéile

(ii) Finscéal

- Phós Laius Jocasta agus chónaigh siad sa Téibh
- Dúirt Oracal go maródh a pháiste é

- Chuir sé tairní i gcosa páiste agus chuir sé chuig na sléibhte é
- Fuair aoire an páiste, thug sé Éideapús air agus thug sé leis go Rí Polybus sa Choraint
- Chuaigh Éideapús chuig an Oracal idir an dá linn agus dúradh leis go maródh sé a athair agus go bpósfadh sé a mháthair. Chinn sé go bhfágfadh sé an Choraint agus go rachadh sé go dtí an Téibh.
- Chinn Laius go rachadh sé chuig an Oracal le comhairle a fháil ar Thomhas an Sphinx. Casadh Éideapús air agus maraíodh Laius le linn coimhlint fheargach.
- Chuaigh Éideapús ar aghaidh i dtreo na Téibhe. Phós sé Jocasta. Ba í Jocasta a mháthair i ndáiríre agus bhí ceathrar páistí acu.
- Fuair Polybus den Choraint bás agus nochtadh an fhírinne.
- Mharaigh Jocasta í féin.
- Chaoch Éideapús é féin.
- Dhíbir Créón Éideapús ón Téibh.
- Chuaigh sé go Colonus lámh leis an Aithin agus chuir Téiséas fáilte roimhe.
- D'éirigh Polyneices agus Eteocles ina gcomhríthe den Téibh ina dhiaidh sin.
- D'argóin siad agus dhíbir deartháir Polyneices amach é.
- D'fhill Polyneices le seisear eile chun an Téibh a ionsaí → an Seachtar in aghaidh na Téibhe.
- Throid an bheirt dheartháireacha agus mharaigh siad a chéile.
- Dúirt Créón go bhféadfaí adhlacadh a thabhairt d'Eteocles ach nach bhféadfaí Polyneices a adhlacadh.
- Thóg Antagana breocharn agus d'adhlaic sé Polyneices.
- Dúirt Créón gur ghá go n-adhlacfaí í sa tuama agus í beo de dheasca a heasumhlaíochta.
- Phós Haemon, mac Chréón, í, áfach, agus chuir sé amach chuig aoire í.
- Bhí mac aici a d'fhill ar an Téibh ach d'aithin Créón é mar gheall ar chomhartha péiste ar a chorp agus dhaor sé chun báis é.
- Mharaigh Antagana agus Haemon iad féin.

(iii) Príomhphointí

- Sraith Theban - Éideapús sa Téibh (Rí Éideapús)
Éideapús ag Colonus (díbeartha)
an Seachtar in aghaidh na Téibhe
Antagana
Ainm - Éideapús → cos ata
- Mac Laius agus Jocasta
- Páistí - Antagana, Ismene, Polyneices, Eteocles
- Réitigh sé Tomhas an Sphinx
- Mharaigh sé a athair agus phós sé a mháthair

(iv) Bunfhoinsí

- Aescaileas - The Seven against Thebes
- Sofaicléas - The Theban Plays
- Eoiripidéas - The Suppliants
- Stáitias - The Thebaid

(v) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

- Litríocht - D'imir sé tionchar ar Yeats, Shelley, Eliot, Seneca,
Corneille, Cocteau, Gide
- Síceolaíocht - “Oedipus Complex” i síocanailís Freud
- Ceol - Stravinsky: “Oedipus Rex”;
Honegger: “Antigone”
- Scannán - Pasolini: “Oedipus Rex”

(vi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Tomhas an Sphinx → cad é an rud a bhfuil ceithre chos aige sa mhaidin,
dhá chois aige um nóin agus trí chos aige sa tráthnóna?
- ról na nDéithe agus an Oracail a phlé
- nósanna adhlactha Gréagacha a phlé – breocharn agus tábhacht an
adhlactha

- an Stiocs agus an Domhan Thíos

(vii) Topaicí Bainteacha

- Sainathint idir Traigéide agus Coiméide
- Ceathrar príomhdhrámadóirí na hAithne
 - Aescaileas
 - Sofaicléas
 - Eoiripidéas
 - Arastofainéas
- Dhá phríomhchuid de dhráma (1) Radhairc
 - (2) Curfá
- An Téatar Gréagach
 - Cruth
 - Socruithe Suí
 - Fuaimíocht → maisc
 - Leathbhuataisí le boinn thiubha
 - Meaisíní
 - craein → Déithe
 - stáitse roithleánach
 - an tOracal


2.5 SCÉAL CHLANN AITRÉIS AGUS CHOĞADH na TRÁÍ

2.5.1 Clann Aitréis

- Ag baint úsáid as léarscáil, aimsigh: Lidia (an Áise Bheag), an Pheilipinéis, an Chréit, Míceine, Sparta, Ithica, Aulis agus an Traí.
 - Cuireann Fíor 1 síos ar Chraobh Ghinealaigh Chlann Aitréis.
- Chuaigh Clann Aitréis síos ó Shéas go Tantalas → léirítear bunús Béarla an fhocail “tantalise” thíos.

- Páistí Tantalais ba iad Pelops agus Niobe. (Thug Pelops a ainm don Pheilipinéis).
- Phós Pelops Hippodamia (chun é seo a dhéanamh, bhí air rás carbad a bhuachan in aghaidh a hathar!)
- E. Pediment Teampall Shéasa, Oilimpia.
- Ba iad Aitréas agus Thyestes a bpaistí.
- Oracal → bheadh idir Aitréas nó Thyestes mar rialtóir Mhíceine
- Dúirt Thyestes go n-éireodh sé as a éileamh ar an ríchathaoir dá rachadh an ghrian ar gcúl → agus chuaigh sí → an uair dheiridh a luigh an ghrian san oirthear!
- D'éirigh Aitréas ina rialtóir ar Mhíceine, mar sin de
- Mharaigh sé mic Thyestes ina dhiaidh sin
- Chuir Thyestes mallacht ar Chlann Aitréis
- Mic Aitréis → Agaiméamnón agus Meinealás
- Tháinig Agaiméamnón i ndiaidh Aitréis mar Rí Mhíceine (Míceine → Mycos = muisiriún)
- Phós Agaiméamnón Cliotaeimnéistre
- D'éirigh Meinealás mar Rí Sparta
- Phós sé Héilin

FÍOR 1: CRAOBH GHINEALAIGH CHLANN AITRÉIS



(iii) Scéal Tantalais

Chonaic Odaiséas Tantalas le linn dó cuairt a thabhairt ar an Domhan Thíos agus chonaic sé na pianta uafásacha a bhí á bhfulaingt ag Tantalas ann.

Ba sheanfhear é Tantalas a bhí ina sheasamh i linn uisce ba bheag a shroich a smig. Bhí an-tart air ach d'imigh an t-uisce as gach uair a chrom sé síos leis an uisce a ól agus d'fhan sé tartmhar fós. Bhí crainn lán le torthaí thar a cheann freisin – piorraí, pomagranáit, úlla, figí agus ológa. Nuair a rinne siad iarracht iad a fháil, shéid an ghaoth suas as fad a láimhe iad.

2.5.2 Cogadh na Traí

- (i) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin láithreacha na n-áiteanna seo a leanas i gcoibhneas a chéile – an Traí, Sliabh Ida, Sparta, an Chréit, Mícéine, Pulas, Ithica, an Teasáil agus Aulis.
- (ii) Féadfar a bheith ar an straitéis ab fhearr ná an topaic seo a bhriseadh síos ina cheithre aonad, mar a leanas:-

(a) An tÚll Óir

(b) Íobairt Iphigenia

(c) An Cogadh é féin

(d) Capall Adhmaid na Traí

(a) An tÚll Óir

- Soláthraíonn an scéal seo cúiseanna an chogaidh
- Bhí Peleus agus Thetis ag pósadh (tuismitheoirí Aichill)
- Tugadh cuireadh do na Déithe agus do na Bandéithe go léir ach amháin Bandia Imris, Eris, a tharraingíodh achrann i gcónaí

- Bhí Eris meáite ar achrann a tharraingt agus dá bhrí sin, chuir sí Úll Óir síos leis na focail “don té is deise” scríofa air
- As siocair gur cheap an triúr Bandia, Héire, Afraidíte agus Aitéiné, go raibh siad ar an té ba dheise, ba ghá comórtas a chur ar siúl
- Ní raibh aon Dia de na Déithe toilteanach moltóireacht a dhéanamh ar an gcomórtas ar eagla go gcuirfidís isteach ar na cailliúnaithe
- Réitigh siad gur ghá go ndéanfadh duine, Paris, moltóireacht air
- Chuaigh Heirméas leis an triúr Bandia go Sliabh Ida chun bualadh le Paris
- Rinne an triúr Bandia iarracht breab a thabhairt do Paris
- Roghnaigh sé Afraidíte agus gheall sí an cailín ab áille, Héilin, dó i gcomaoin leis
- Chónaigh Héilin i Sparta lena fear céile Meinealás (deartháir Agaiméamnón)
- Chuaigh Meinealás chun na Créite chun freastal ar shochraid.
- Le linn dó bheith ar shiúl, ghoid Paris Héilin agus thug sé í go dtí an Traí leis.
- Chuaigh Meinealás chun a dheartháir, Ardri Agaiméamnón, a fheiceáil tar éis dó é seo a aimsiú.
- D’iarr Rí Mhíceine, Agaiméamnón, ar phrionsaí na Gréige cuidiú leis ionradh a dhéanamh ar an Traí.
- Ba iad na fir ba thábhachtaí a chuaigh leis ná:-

Meinealás	Sparta
Neastór	Pulas
Odaiséas	Ithaca
Aichill	Pitia, an Teasáil

Patroclus	Opus (col ceathrair agus cara Aichill ba ea Patroclus)
Ajax	Salamas
Diomedes	Argus

- Chruinnigh siad ag Aulis thar an bhfarraige ó oileán Euboea
- Thairg Agaiméamnón íobairt do na Déithe.
- Le linn na híobartha d'ionsaigh péist nead naoi ngealbhan agus mharaigh sí iad.
- Bhí tuar ann go mairfeadh an cogadh naoi mbliana.
- Chuir siad chun farraige ach tháinig siad i dtír sa Mhisia de dhearmad.
- Throid siad leis na dúchasaigh agus maraíodh nó créachtaíodh cuid acu.
- Nigh siad a gcréachtaí sna foinsí teo i Smiorna (Izmir, sa Tuirc), ar a dtugtar “Folcadáin Agaiméamnóin” anois.
- Chuir siad chun farraige arís ach shéid gaoth abhaile iad.

(b) Íobairt Iphigenia

- Bhuail an cabhlach le chéile ag Aulis den dara huair.
- Ní raibh cóir ghaoithe ann, áfach.
- Dúirt an saoi Calchas go mbeadh ar Agaiméamnón a iníon ab áille, Iphigenia, a íobairt d'Artaimís.
- Dhiúltaigh Agaiméamnón é, ag maíomh nach ligfeadh a bhean chéile Cliotaeimnéistre di dul.
- Bhagair roinnt de na fir dul abhaile mura n-íobródh Agaiméamnón a iníon.
- Cinneadh ag an am sin go n-imreofaí cleas ar Iphigenia teacht go hAulis.
- D'inseoidís di gur mhaith le hAichill í a phósadh.
- Chuaigh Odaiséas leis an teachtaireacht seo agus tháinig sí.

- Thairg Aichill í a tharrtháil tar éis dó cloisteáil gur úsáideadh a ainm chun cleas a imirt uirthi.
- Thoiligh sí lena bás ar son ghlóir na Gréige, áfach.
- Chuir sí a muineál in éadan na tua íobartha. (Deirtear gur tharrtháil na Déithe í agus gur iompair siad amach í).
- Lagaigh na gaotha agus chuir an cabhlach chun farraige i dtreo na Traí athuair.

(c) Cogadh na Traí

- Bunfhoinsé - "The Iliad" le Hóiméar. (An Cogadh, Sochraid Eachtair).
- Pléitear in "The Iliad" deichiú bliain an chogaidh.
- Bhí plá sa champa Gréagach.
- Dúirt an saoi Calcas gur tháinig an phlá toisc go raibh Apalló cráite → bhí a chailín, iníon álainn shagart Apalló, glactha ag Agaiméamnón.
- Dhiúltaigh Agaiméamnón í a thabhairt ar ais dá hathair.
- Sa deireadh thiar thall, d'aontaigh Agaiméamnón í a thabhairt ar ais a fhad is go bhfaigheadh sé cailín Aichill, Briseis, ina háit.
- Ghlac Agaiméamnón Briseis.
- Bhí Aichill an-chráite, dhiúltaigh sé troid ar son na nGréagach agus chuaigh sé go dtí a phuball.
- Casadh duine de na comhghuaillithe Traígh ar Ghréagach eile, Diomedes, agus réitigh siad gan troid mar gur chairde iad a sheanaithreacha.
- Thosaigh na Gréagaigh ag cailleadh
- Rinne col ceathrair is cara de chuid Aichill, Patroclus, iarracht áitiú ar Aichill filleadh ar an gcogadh.
- Dhiúltaigh Aichill filleadh agus d'iarr Patroclus air na nithe seo a leanas a thabhairt dó:
 - (i) armúr Aichill
 - (2) a arm - na Myrmidons. (Féach R.Graves le haghaidh finscéalta "seangán").

- Chomhaontaigh Aichill ach dúirt sé le Patroclus fanacht in aice leis na longa agus gan dul ar an láthair chatha.
- Chuaigh Patroclus ar an láthair chatha, áfach, agus maraíodh é.
- Bhí Aichill croíbhriste tar éis bhás a charad agus gheall sé go mbainfeadh sé díoltas amach.
- D’fhill sé ar an gcogadh agus mharaigh sé Eachtar, mac Rí Priam na Traí.
- Cheangail sé corp Eachtair le carbad agus tharraing sé timpeall bhallaí na Traí é trí huair.
- Thug sé an corp ar ais leis chuig an gcampa Gréagach, ag cosc adhlacadh Eachtair dá bhrí sin.
- D’imigh Rí Priam go mall san oíche agus d’impigh sé ar Aichill an corp a thabhairt ar ais.
- Chomhaontaigh Aichill agus tugadh an corp ar ais le haghaidh adhlactha.
- Críochnaíodh “The Iliad” le cluichí sochraide ar son Eachtair.
- Mharaigh Paris Aichill ina dhiaidh sin nuair a chaith sé saighead trína sháil.
- Chuaigh Odaiséas agus Ajax in iomaíocht le chéile le haghaidh a armúir dhiagaigh agus d’éirigh le hOdaiséas é a fháil.

(d) Capall Adhmaid na Traí

- Is bunfhoinsí iad an “Odyssey”, Leabhar III agus Leabhar V – leabhair a insíonn an bard sa Phálás Phaeacian, agus an “Aeneid”, Leabhar II (Capall Adhmaid na Traí) – leabhar a insíonn Aenéas do Dhíodó sa Chartaig ina leith seo.
- Lean an cogadh ar aghaidh, agus d’imir na Gréagaigh cleas ar na Traígh le spreagadh Aitéiné (Minéirve) sa deireadh.
- Thóg Epeius capall mór adhmaid agus líon sé le laochra Gréagacha é.
- Sheol an chuid eile de na Gréagaigh amach go hoileán Tenedos.
- Thug sagart Apalló, Laocoon, rabhadh do na Traígh gan an capall a thabhairt isteach mar go mbeadh scrios na Traí mar thoradh air.
- Tháinig strainséir óg darb ainm Sinon ina dhiaidh sin – Gréagach a bhí ann agus bhí sé gafa ag na Traígh – bhí slabhraí air.
- Bhí trua ag na Traígh dó agus bhain siad na slabhraí de.

- Tháinig dhá ollphéist mhóra amach ón bhfarraige idir an dá linn agus thacht siad Laocoon agus a bheirt mhac.
- Réitigh na Traígh an capall a thabhairt isteach sa Traí leo - bhris na Traígh cuid de na ballaí anuas chun ligean dó teacht isteach.
- Scaoil Sinon, a aimsíodh gur spiaire Gréagach a bhí ann, na Gréagaigh as an gCapall Adhmaid agus chuir siad an Traí faoi thine.
- "it was like fire catching a cornfield when wild winds are blowing" arsa Aeinéas, le linn dó cur síos a dhéanamh ar an tine (Virgil).

(iii) Bunfhoinní i leith Chogadh na Traí

(a) Litríocht:

Aescaileas: “Oresteia”

Sofaicléas: “Ajax”

Eoiripidéas: “Hecabe”, “Iphigenia in Aulis”, “Iphigenia in Tauris”, “The Trojan Women”.

(b) Leachtanna Allamuigh na Cré-Umhaois

- an Traí (go háirithe na Ballaí Claonta)
- Micéine - Na Ciorcail Uaighe - “Masc Agaiméamnóin”
- Tuamáí Tholas – “Ciste Atreus”
- Pulas - Pálás Mhícéine
- Cnósas - Pálás agus Seomra na Ríchathaoireach.

(c) Ealaín

Dealbhóireacht: “Laocoon”, Músaem na Vatacáine

(macasamhail i gCúirt an Phaoraigh, Áth na Sceire), macasamhail Chré-umha, Milltown Gift, An Dánlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.

E. Pediment - Teampall Shéasa, Oilimpia (cine Pelops).

Vásaí: Vása le fíoracha dubha a bhfuil Ajax agus Aichill ag imirt táiplise, le Exekias (Richter).

Péintéireacht: Péintéireacht Balla, Pompeii, “Achilles At Skyros”

(iv) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

(a) Litríocht:

- Rómhánach - Virgil, Ovid, Seneca.
- Sasanach - Marlowe, Shakespeare, Milton, Keats, Coleridge.
- Angla-Éireannach – go háirithe Yeats: “No Second Troy”
- Francach - Ronsard, Racine
- Gearmánach - Goethe: Iphigenia
- Iodálach - Dante: “Divine Comedy”

(b) Ealaín

“Judgement of Paris” sa Dánlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath – in ómós do Rubens, chomh maith le “Funeral of Patroclus” - David i Londain - “Building of the Trojan Horse”, Tiepolo

(c) Ceol

Offenbach: “La Belle Hélène” - mion-cheoldráma
Gluck: 12 “Iphigenia in Aulis” in ómós d’Eoiripidéas agus
Racine “Iphigenia in Tauris” in ómós d’Eoiripidéas
Cherubini: “Iphigenia in Aulis”
Piccinni: “Iphigenia in Tauris”
Berlioz: “The Trojans” - ceoldráma.

(v) Ábhar Léitheoireachta Breise do Mhúinteoirí

“A Handbook of Greek Art” (G. Richter). “Homer” le M. Thorpe (Inside the Ancient World Series)

Sleamhnáin agus Pictiúir den Traí agus de Mhíceine

(vi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

Féach Aguisín A –Siollabas an Teastais Shóisearaigh i Léann Clasaiceach.

Athinis an scéal i bhfriotal féin na ndaltaí agus cuir san áireamh plé ar na topaicí seo a leanas

- Íobairt Iphigenia
- Mothúcháin Agaiméamnóin agus Aichill nuair a dhiúltaigh Aichill le troid
- Mothúcháin Agaiméamnóin le linn d'Eachtar imeacht chun troda
- Astyanax, nuair a chuireann clogad a athar eagla air (léigh an sliocht)

Eagraigh quiz ranga ar an topaic seo a leanas:

Cén taobh ar a raibh? [na Gréagaigh
[na Traígh
[na Déithe

Tarraing pictiúr ar an radharc ab fhearr leat.

Cum dráma ar cheann amháin nó ar níos mó ná ceann amháin de na radhairc.

Pléigh idé an tSiombalachais m.sh. Capall Adhmaid na Traí mar shiombal fill

(vii) Topaicí Ábhartha

Tús Eolais ar Sheandálaíocht. Míniú an dóigh a ndéanann seandálaithe a gcuid oibre go mionchúiseach:-

- (1) trí eangach a dhéanamh
- (2) tríd an eangach a cheangal le léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis
- (3) tríd an obair → Mall agus Cúramach – lián
– scuaba
- (4) trí na fríotha a sceitseáil
- (5) trí na fríotha a thaifeadadh go cruinn – cuirtear an t-achar ar eangach agus scríobhtar an doimhneacht síos
- (6) trí na sonraí a léirmhíniú

Cur síos ar shaol seandálaí cháiliúil m.sh. Schliemann.

D'aimsigh Heinrich Schliemann an Traí. Breathnaítear air mar athair na Seandálaíochta. Ní dhearna sé a obair tochailte mar ba cheart.

- (1) Rinne sé an obair ró-thapa agus bhain sé díoga móra
- (2) Níor thairfead sé na fríotha mar ba cheart
- (3) Níor fhéad sé na fríotha a léirmhíniú mar ba cheart mar nár thairfead sé na fríotha go cruinn
- (4) Bhí nádúr rómánsach ann agus chum sé scéal ar Chiste Priam
Rinneadh a thochailtí i Mícéine agus in Tyrins ina dhiaidh sin ar bhealach ní b'eolaíche

2.6 FILLEADH LAOCHRA NA GRÉIGE ÓN TRÁÍ

- (i) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin láithreacha na n-áiteanna seo a leanas i ndáil a chéile: Argas, Pulas, Sparta, Mícéine, Ithaca agus an Traí.

- (ii) Filleadh Agaiméamnón

- (a) Bunfhoinsí

Aescaileas: “Agamemon” - radharc tosaigh agus 11s.788 sq. – radharc ina bhfilleann sé agus ina síneann a bhean chéile cairpéad corcardhearg amach. Athinis an scéal seo don rang.

Hóiméar: “Odyssey” Leabhar III agus Leabhar XI.

- (b) Achoimre an Scéil

Rí Mhícéine ba ea Agaiméamnón. Deartháir Mheinealáis a bhí ann.

- Tugadh na hAitréidigh orthu mar gur mhic Aitréis iad
- Ba é Agaiméamnón a d'eagraigh go seolfadh an cabhlach chun na Traí chun Héilin a fháil ar ais.
- Tar éis dheireadh an chogaidh, d'fhill Agaiméamnón abhaile le hiníon Rí Priam na Traí, Cassandra
- Bhí a bhean chéile, Cliotaeimnéistre, dílis dó ar feadh tamaill ach thit sí i ngrá le hAegisthus sa deireadh.
- Nuair a d'fhill Agaiméamnón, lig sise agus Aegisthus orthu fáilte a chur roimhe trí fhleá a ullmhú.

- Mharaigh siad Agaiméamnón agus Cassandra le linn dóibh freastal ar an bhfleá.
- Rialaigh Aegisthus i Mícéine ar feadh seacht mbliana.
- Le linn na hochtú bliana, fuair Oraistéas, mac Agaiméamnóin, díoltas ar bhás a athar trí Aegisthus agus trí Chliotaeimnéistre a mharú le tacaíocht a dheirféar, Éileictre.
- Blianta ina dhiaidh sin, d'aontaigh Oraistéas Clann Aitréis agus Clann Thyestes, ag cur deiridh leis an mallacht, mar sin de.
- Fuair Oraistéas bás de dheasca greim nathrach agus é seachtó bliain d'aois.

(iii) Fánaíochtaí Odaiséis

(a) Bunfhoinsé – “The Odyssey”

(b) Achoimre an Scéil

- mac Rí Laertes d'Ithaca ba ea Odaiséas
- Penelope ba ea a bhean chéile
- Ba é Telemachus a mac –babaí a bhí ann nuair a d'imigh Odaiséas i dtreo na Traí
- Bhí Odaiséas drogallach dul chun na Traí mar gur thug oracal rabhadh dó nach bhfillfeadh sé go dtí an fichiú bliain (féach R. Graves: “Greek Myths”, Iml. 2 : 160, f)
- Chuir an aimsir agus gníomhartha na nDéithe cosc ar Odaiséas filleadh abhaile láithreach tar éis chliseadh na Traí
- Ar a thuras ar ais, thug Odaiséas cuairt ar na daoine agus ar na háiteanna seo a leanas (féach “The Odyssey” le haghaidh sonraí:)

(i) Na Cicones - Ismarus

(2) Na hIteoirí Crobh Éin

(3) Na Cyclopes (féach Hóiméar: “Odyssey” Leabhar IX agus

Virgil: “Aeneid” Leabhar III)

- (4) Oileán Aeóilia – ó thuaidh ón tSicil
- (5) Na Laestrygonians
- (6) Circe
- (7) an Domhan Thíos
- (8) Filleann sé ar Circe chun corp Elpenor a fháil
- (9) Na Sirens
- (10) Na Carraigeacha Fánaíochta (Virgil → idir an tSicil agus an Iodáil)
Bhí contúirtí ar an dá thaobh, lena n-áirítear
 - (a) Sciolla
 - (b) Cairíbdís
- (11) Oileán na Gréine
- (12) Sciolla agus Cairíbdís arís
- (13) Cailíopsó – oileán de chuid Ogygia
- (14) Na Phaeacians - Oileán Scherie
- (15) Ithaca (oileán siar ón nGréig)

(iv) Príomhphointí

- Tar éis an chogaidh sa Traí, bhí mórán Gréagach tábhachtach marbh
 - Mharaigh Eachtar Patroclus
 - Mharaigh Paris Aichill
 - Chuaigh Ajax thar bharr a chéile agus mharaigh sé é féin
 - Ba mhian le laochra na Gréige a bhí ann fós dul abhaile
 - D’fhill Neastór ar Phulas
 - D’fhill Meinalás le Héilin ar Sparta
 - D’fhill Diomedes ar Argus
 - Bhí trioblóid ar Agaiméamnón tar éis dó Mícéine a bhaint amach arís

- Cuireadh cosc ar Odaiséas filleadh abhaile ar Ithaca go ceann deich mbliana eile.

(v) Bunfhoinní

(a) Litríocht

Aescaileas: “Oresteian Trilogy”

Sofaicléas: “Ajax”

Eoiripidéas: “Hecuba”

Plútarc: “Age of Alexander”

Scéal go bhfuair Alastar bás de dheasca uisce ón Stiocs a bailíodh i gcrúb miúile.

(b) Iarsmaí Séadchomharthaí

an Traí - An chathair iomlán

Míceine - Ciorcal Uaigheanna A “Masc Agaiméamnóin” (chreid Schliemann go cearr gur masc de chuid Agaméamnóin a bhí ann)

- Tuama Tholas - “Ciste Aitréis” (creideadh go cearr gur thuama Aitréis a bhí ann)

(c) Ealaín - “Apotheosis of Homer”, Músaem na Breataine, Londain
an Ré Heilléanaíoch

- “Portrait of Homer”, Bostún (an Ré Heilléanaíoch), (Pictiúir i Richter).

(vi) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

(a) Litríocht

James Joyce: “Ulysses”

Shakespeare: “Troilus and Cressida”

Dánta Tennyson m.sh. “The Lotus Eaters”

Soinéad Bellay: “Heureux qui, comme

- Ulysse, a fait un beau voyage”
- Sartre: “Les Mouches”
- A. Gide: “Philoctete”
- T.S. Eliot: “The Family Reunion, Sweeney among the Nightingales”
- Eugene O'Neill: “Mourning becomes Electra”
- C. Wolf: “Cassandra”
- (b) Ealaín
- Pintoricchio: “Penelope & Telemachus”
- Patinir: “Charon crossing the River Styx”
- Piero di Cosimo: “Scenes from the Odyssey”
- Delacroix: “Dante and Virgil crossing the Styx”
- (c) Taipéis
 Taipéis ar an Ré Bharócach a dhear Jordaens
- (d) Ceol
- William Walton: “Troilus & Cressida” – ceoldráma
- Dalapiccolo: “Ulysses” – ceoldráma
- Seiber: “Ulysses” - bunaithe ar shaothar Joyce
- Offenbach: “Orpheus in the Underworld” (réamhcheol)
- Mozart: “I domeneus”
- (e) Fógraíocht - “Cioclóp” a úsáideadh ar mhála brioscán prátaí!
- (f) Spórt - “Cioclóp” - meaisín na líne seirbheála a úsáidtear i gcluichí leadóige in Wimbledon
- (vii) Léitheoireacht Bhreise agus Ábhair eile do Mhúinteoirí
- Michael Wood: “In Search of the Trojan War”
- M. Thorpe: “Homer” (Inside the Ancient World Series)

- M. Sargent: “Mycenae” (Aspects of Greek Life Series - Longman)
- O. Taplin: “Greek Fire”
- Sleamhnáin agus Pictiúir ar an Traí
- Sleamhnáin agus pictiúir ar Mhíceine ag taispeáint Chiorcal Uaigheanna A agus a fhríotha, lena n-áirítear “Masc Agaiméamnóin” agus “Ciste Aitréis”.

(viii) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Tarraing léaráidí ar na radhairc sa scéal
- Mímeáil roinnt de na cúinsí ina raibh Odaiséas agus bain úsáid as na daltaí go léir sa rang chun buille faoi thuairim a thabhairt ar ábhar na mímeanna.
- Eagraigh quiz ranga bunaithe ar na háiteanna agus na carachtair a fheictear i dturais Odaiséis.

(ix) Ábhair Ábhartha

- Iompar Morálta

Ag baint úsáid as Nausicaa mar eiseamláir, eagraigh plé ar iompar morálta

2.7 TÚS EOLAIS AR AN AITHIN

(I) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin láithreacha na Gréige, na Peilipínise, na hAithne, na Mara Iónaí, na Mara Aeigéiche, na Meánmhara, na hÁise Bige agus na Peirse i ndáil a chéile.

(II) Geografaíocht

an Ghréig - móirthír na Gréige → an Ataic → An Aithin, an Pheilipínéis

- Farraige -
- (1) an Mhuir Aeigéiche (scéal Aegeus)
 - (2) an Mheánmhuir (an Chréit → Míonátár)
 - (3) an Mhuir Iónach

an Acrapóil

- Ciallaíonn an focal ‘Acrapoil’ “Cathair ar Chnoc” (polis = cathair)
- Ó na blianta tosaigh bhí lonnaíocht ann mar gheall ar na nithe seo a leanas:
 - o Bhí aeráid bhreá ar an Aithin
 - o Sholáthair an mhais ard de charraig mhaol áit shlán ón namhaid
 - o Bhí sí cóngarach don fharraige

(IV) Miotais

- (1) Téiséis - bunaitheoir miotasach na cathrach
- gaolaigh scéal an Mhíonátáir
 - “An Theseum” → teampall ar an Aithin a bhféadtar radhairc ag léiriú shaol Théiséis a fheiceáil. Tugtar Teampall Héafastais air faoi láthair.

(2) Cén dóigh a bhfuair an Aithin a hainm?

- Bhí comórtas ann idir Aitéiné agus Poiséadón le haghaidh rialú na hAtaice
- Thairg an bheirt acu tabhartas sa chomórtas
- Aitéiné → crann ológ
- Poiséadón → foinse (uisce)
- Moladh gurb é tabhartas Aitéiné an tabhartas ab fhearr → bhuaigh sí
- Ar Pheidiméid Thiar an Phartanóin tá dealbh ag léiriú an chomórtais seo.

(3) Breith Aitéiné

- Tháinig sí ó cheann a hathar, Séas
- Bhuail Héafaestas ar a cheann é le tua
- Tháinig Aitéiné i láthair faoi airm

- Ar Pheidiméid Thoir an Phartanóin, tá dealbh ag léiriú bhreith Aitéiné.

(v) Rialtóirí na nAithneach

- Rialaigh Ríthe agus Uaslathaithe (na Eupatrids) na hAithnigh sna blianta tosaigh. Bhí a ndlíthe i bhfabhar na ndaoine saibhre.
- D'éirigh muintir na háite (“Na Gnáthdhaoine”) míshásta. Chuir siad iallach ar na rialtóirí a riachtanais a chur san áireamh.
- Faoin gcúigiú hAois R.C. – Ré Pheiricléis – tá daonlathas ann. Tá an stát á rialú ag an Tionól ina raibh saoránaigh fhir go léir na hAithne.

(vi) Rialtóirí Tábhachtacha na nAithneach

- (1) Téiséas - Rí finscéalach a thug roinnt pobal le chéile agus a chruthaigh an stát.

(2) Rí agus Archons

- Rialaigh siad le chéile
- Bhí siad faoi réir Comhairle darb ainm an tAireapagas a chomhchruinnigh ar chnoc
- Ó tharla gur Eupatrids iad go léir - bhí a ndlíthe i bhfabhar na ndaoine saibhre
- Féadadh na bochtáin a dhíol mar sclábhaithe murar íoc siad a bhfiacha
- Tugtar Olagarcacht ar an gcineál seo rialtais (rialú na mionlach)

(3) Draco – 7ú hAois R.C.

- Thug Draco dlí scríofa isteach. Bhí creat ag na gnáthdhaoine ag an am seo le haghaidh cinneadh a dhéanamh ar a gcúiseanna gearáin

- Níor ghá do na Giúistísí bheith ina Eutrapids
- Feabhsaíodh scair na nGnáthdhaoine (οἱ νόμοι) ach bhí na dlíthe dian fós. (Úsáidtear an téarma “Draconian Law” inniu chun cur síos a dhéanamh ar dhlí dian.)

(4) Solon 6ú hAois R.C.

- Eupatrid ba ea Solon agus saoi a bhí ann -
Ligeadh dó bheith ina Dheachtóir
- D’athraigh sé dlí Draco agus thug sé cuidiú breise do na bochtáin
- Ní fhéadadh aon duine a chur chun sclábhaíochta mar gheall ar fhiacha
- Níorbh amháin mar gheall ar a bhreith, d’fhéadfadh aon duine bheith ina bhall den Chomhairle de thairbhe sealúchais
- Tar éis do Solon na dlíthe seo a chur i bhfeidhm, d’fhág sé an Aithin chun am a ligean ar son a dtástála
(Tá an scéal ar Solon agus Croseus le léamh i Leabhar I le Heireadótas)
- Thug sé cuairt ar Croesus, Rí Lidia
- D’fhiafraigh Croesus de cérbh é an duine ab áthasaí ar an Domhan
- D’fhreagair Solon nach measfadh aon duine go bhfuil sé sásta go dtí go bhfuil bás síochánta aige
- D’ionsaigh na Peirsigh Croesus ina dhiaidh sin agus cuireadh ar bhreocharn le haghaidh a bháis é
- Bhéic sé ainm Solon agus tharrtháil Rí na Peirse é agus chairdigh sé é.

(5) Pisistratus 6ú hAois R.C.

- Eupatrid ba ea Pisistratus
- Tíoránach a bhí ann. D’iompaigh sé ina lánrialtóir tríd an Acrapóil agus an Rialtas a urghabháil

- Lig sé don chóras reatha agus do na dlíthe reatha fanacht i bhfeidhm
- Riar sé an chathair ar chaighdeán ard agus sholáthair sé cultúr do na Gnáthdhaoine. Chuir sé béim ar dhrámaíocht agus ar Eipic m.sh. Hóiméar. Easpórtáladh potaireacht le fíoracha dubha. Cuireadh tús le tógáil an Teampaill in ómós do Shéas Olympias um an aimsir seo agus atógadh an Teampall in ómós d'Aitéiné
- Dhíbir na daoine uaisle eile amach é ach d'éirigh leis filleadh tar éis dó cleas a imirt:
- Ghléas sé bean álainn ard i gcathéide ionas go mbeadh sí cosúil le hAitéiné. Thug sé carbad di ionas go dtiomáinfeadh sí go dtí an Acrapoil é. Chreid na hAithnigh gur Aitéiné í agus ghlac siad le teacht ar ais Pisistratus arís (Heireadótas).
- D'imir sé cleas orthu faoi dhó mar sin de!
- Bhí sé tábhachtach mar gur choinnigh sé an ghluaiseacht i dtreo daonlathais a thosaigh Solon.

[N.B. Bhí tíoránach ar an Aithin ina lánrialtóir ach ní gá go mbaineann an téarma seo lena bhrí dhiúltach sa lá atá inniu ann. Eiseamláir de dheathíoránach ba ea Pisistratus!].

(6) Cléistinéas 5ú hAois R.C.

- Bhí sé ina bhall de chlann cháiliúil Alcmaeonidae a díbríodh ón Aithin roinnt uaireanta
- Thuig sé go raibh an stát (Polis) á bhagairt ag na treibheanna uaslathacha mar go raibh cuid acu ró-chumhachtach
- Chruthaigh sé deich dtreibh nua. Fuair gach treibh comhlíon paróistí
- Roinn sé an Aitic ina codanna-
 - cathair
 - intír
 - cósta

- Thug sé paróistí ó gach limistéar do na treibheanna
- Má bhí aon duine ag éirí ró-chumhachtach, bhí sé i mbaol “dúdhúiltaithe”. D’fhéadfaí a ainm a scríobh ar pháosa briste potaireachta (Ostrakon) agus dhíbreofaí an fear ar scríobhadh a ainm ní ba mhinice ná na daoine eile ón Aithin go ceann deich mbliana.

(Dúdhúiltaíodh Túicídídéas).

- Bhog Cléistinéas an Aithin céim bhreise i dtreo an daonlathais, mar sin de.

(7) Peiricléas 5ú hAois R.C. (500 - 429 R.C.)

Bhí stát na hAithne (Polis) ina riocht ab fhearr um an aimsir seo. Bhí Daonlathas agus Comhionannas idir na haicmí ann.

- Ball de chlann cháiliúil Alcmaeonidae ba ea Peiricléas
- Ginearál agus státaire iontach a bhí ann
- D’éirigh an Aithin mar ionad polaitiúil intleachtach agus ealaíne na Gréige
- Lean Peiricléas ar aghaidh le polasaí cultúrtha Pisistratus
- Mar gheall ar an airgead ón gConradh Déiliach, choimisiúnaigh sé na foirgnimh ar an Acrapoil
- Thóg sé “An Balla Fada” idir an Aithin agus Piréas freisin
- Chruthaigh na tionscadaíl seo leibhéal ard fostaíochta san aimsir sin
- Fuair sé bás de dheasca na plá sa bhliain 429 R.C.

(vii) An Conradh Déiliach

- Bhí na Peirsigh ag síorionsaí na Gréige
- Sháraigh na Gréagaigh na Peirsigh i dtrí chath thábhachtacha
 - (1) Maratón 490 R.C. (tháinig “an rás maratóin” as seo!)
 - (2) Salamas 480 R.C. (cath mara)
 - (3) Platea 479 R.C.

- Chinn na Gréagaigh iad féin a chosaint in aghaidh na bPeirseach trí chabhlach láidir a chruthú.
- Bhunaigh siad conradh na gcathracha timpeall na Mara Aeigéiche
- An Conradh Déiliach
- Thug na cathracha seo airgead ar son chothabháil an chabhlaigh
- Rialaigh an Aithin an Conradh
- Coinníodh an t-airgead a bailíodh ar oileán beag Dhéileas de bharr cúiseanna sábháilteachta. Tugadh “An Conradh Déiliach” ar an gconradh bá bhrí sin
- Chomhaontaigh Peiricléas síocháin leis na Peirsigh sa bhliain 449 R.C.
- Aistríodh an t-airgead go dtí an Aithin
- Tugadh breithiúnas ar dhíospóidí tráchtála ar an Aithin freisin
- Bhí an Aithin an-chumhachtach mar sin de agus bunaíodh Impireacht na hAithne mar gheall ar an gConradh Déiliach
- D’áitigh Peiricléas ar chathracha an Chonartha ligean dó an t-airgead a chaitheamh ar son fhoirgnimh na hAcrapoile mar go dtarraingeodh na foirgnimh seo clú ar an nGréig ar fad.

(VIII) Foirgnimh na hAcrapoile

	<u>Foirgneamh</u>	<u>Ord</u>	<u>Ailtire</u>
1.	Propylaea	Dórach	
Mnesicles			
2.	Partanón	Dórach	
Callicrates }			
Ictinus }			
3	Erechtheum	Iónach	
Mnesicles			
4	Aitéiné Nike	Iónach	
Callicrates			

1. An Propylaea

- Bearna Gheata
- 5ú hAois R.C.
- Colúin sheachtracha Dhóracha (le colúin inmheánacha Iónacha)

- Bhí an Propylaea á choimisiúnú ag Peiricléas
- Ailtire - Mnesicles
- Halla láir le colúin Iónacha agus le síleáil mharmair le painéal

maisiúil. (Rinne Pausanius tagairt dó).

- Seomra ag taobh amháin le pictiúir a tharraing Polygnotos

2. An Partanón

- Dórach
- 5ú hAois R.C.
- Bhí an Partanón á choimisiúnú ag Peiricléas
- in ómós d'Aitéiné, an Mhaighdean
- Ailtirí - Callicrates
 - Ictinus
- Dealbhóir - Féidias agus a dhaltaí
- Ba é marmar ó Shliabh Pentelicus an t-ábhar a úsáideadh
- Dealbhóireacht:

Poiséadón (Thiar)

- o Peidiméidí - Breith Aitéiné (Thoir)
- Coimhlint idir Aitéiné agus

- o Fríos Seachtrach - na Lapiths is na Ceinteáir (Metopes)
(féach xi thíos)
- o Fríos Inmheánach - Mórshiúl Panathenaea

3. Erechtheum

- Iónach
- 5ú hAois R.C.
- In ómós - d'Aitéiné Polias

(Cosantóir mná)

- Poiséadón

- á choimisiúnú ag Peiricléas
- Ailtire - Mnesicles
- Foirgneamh marmair a bhí ann
- Ainmníodh é in ómós do Rí Erechtheus, rí luath na hAithne
- Bhí foirgneamh an Erechtheum neamhchoitianta mar:-
 - o tógadh ar leibhéil dhifriúla é mar gheall ar nádúr claonta na talún
 - o bhí leagan amach neamhrialta aige mar gheall ar an gcrann ológ reatha, ar an marc píce agus ar thuama Erechtheus
 - o bhí póirse cairiaitide aige
 - o bhí inscríbhinní ann → fir oibre, ábhar agus tuarastail

4. Teampall Aitéiné Nike

- Iónach
- á choimisiúnú ag Peiricléas
- 5ú hAois R.C.
- Ailtire - Callicrates
- Ábhar - marmar ó Shliabh Pentelicus
- Chomóir sé bua na nGréagach in aghaidh na bPeirseach

N.B. péinteáladh dealbha na dTeampall Gréagach ar dtús.

(IX) Féile Panathenaea

- In ómós do bhreith Aitéiné, cuireadh Féile Panathenaea ar siúl i mí Lúnasa.

D'fholoigh an Fhéile;-

- Mórshiúl agus Íobairt
- Cluichí
- Téatar

(x) Mórshiúl Panathenaea

- Cuireadh an mórshiúl ar siúl gach ceithre bliana in ómós d'Aitéiné.

Thosaigh an mórshiúl in Agora agus chuaigh sé go dtí an Acrapoil ar feadh an Bhealaigh Naofa.

- Íobraíodh ainmhí
- Bronnadh peplos (róba) do dhealbh Aitéiné
- Cuireadh ar taispeáint é seo sa phóirse cairiaitide
- Is taifead staire tábhachtaí é fríos inmheánach an Phartanóin, agus tugann

sé eolas dúinn ar an mórshiúl.

Is éacht mór ealaíne é an fríos féin. Léiríonn sé an t-ealaíontóir ag céim ard forbartha maidir le

- (a) heagrú spáis
- (b) réalachas
 - anatamaíocht an duine agus na n-ainmhithe
 - éadaitheoireacht
 - gluaiseacht
- (c) codarsnacht

Tá tréith an tsuaimhnis ag an bhfríos, tréith atá coitianta sa Ré Chlasaiceach.

(xi) Na Lapiths agus na Ceinteáir

- Bhí corp capaill agus ceann fir ag na Ceinteáir.
Ba as an Teasáil iad
- Ba ghnáthdhaoine iad a gcomharsana, The Lapiths
- Tugadh cuireadh do na Ceinteáir ar bhainis Rí na Lapiths
- D'éirigh siad ar meisce ag an mbainis agus rinne siad iarracht an

bhrídeach agus mná eile a ghoid

- Tosaíodh cath. Cloíodh na Ceinteáir
- Léiríonn na Metopes, ar thaobh amháin den Phartanón, na Lapiths agus

na Ceinteáir

- Siombalaíonn na Lapiths agus na Ceinteáir an choimhlint idir sibhialtacht agus barbarthacht.

(XII) Saol na hAithne le linn Rialú Pheiricléis

- Roinneadh an Ghréig ina stáit chathrach

- Thug siad “polis” ar gach stát cathrach agus bhí siad go léir neamhspleách
- Ba í an Aithin an stát cathrach ba chumhachtaí
- Bhí saol na hAithne bunaithe ar an Agora (áit mhargaidh).

(XIII) Reiligiún

- Cosúil le stáit na Gréige go léir, d’ónóraigh an Aithin Déithe Shliabh Oilimpeas
- Ach cosúil leis na stáit chathracha go léir eile, bhí a Dia speisialta féin ag an Aithin – Aitéiné a bhí inti – Dia ar ainmníodh an chathair in ómós di
- Léiríodh suim na nAithneach i reiligiún sna nithe seo a leanas:
 1. Teampaill (ar an Acrapoil)
 2. Tairiscint íobarta agus deochanna ofrála do na Déithe
 3. Creideamh in oracail agus i dtuartha
 4. Féilte do na Déithe
 - Féile Panathenaea
 - Féile Dhinísis
 5. Creideamh i neamhbhásmaireacht → an Domhan Thíos (Háidéas)

(XIV) Siamsaíocht

- D’fhéadfadh sí seo na nithe seo a leanas a fholú:
 - (a) Siamsaíocht Phoiblí
 - Féilte le Cluichí (comórtais), Téatar (Drámaíocht agus Ceol) agus Mórshiúlta (Mórshiúl Panathenaea go háirithe)
 - Giomnáisiam
 - Ag éisteacht le cásanna cúirte
 - Ag éisteacht leis na Fealsúna → Sócraitéas
 - (b) Siamsaíocht Phríobháideach
 - Ag imirt cluichí mar aon le díslí agus murláin

- Ag déanamh comhrá san Agora (áit mhargaidh)

(xv) Rialtas

- Ba é daonlathas an cineál Rialtais a úsáideadh
- Ba é **an Tionól** (Ecclesia) an tArd-Chomhlacht Rialaithe ina raibh saoránaigh fhir na hAtaice go léir. Chomhchruinnigh sé uair sa mhí agus bhíothas ag súil le freastal na mball go léir - íocadh costais do na bochtáin. Bhí an Tionól freagrach as Riarachán, Ceart, an tArm agus an Cabhlach. Tugadh cead do gach duine rún a mholadh agus labhairt. Ullmhaíodh a ghnó roimhe sin le coiste darbh ainm an **Boulé**. Ba é sa Boule ná 500 duine, 50 ó gach treabh, a toghadh gach bliain. Bunaíodh comhairle ní ba lú, nó comhairle laistigh, ón gCoiste seo, comhairle ina raibh 50 ball. Bhí cathaoirleach difriúil ag an gcomhairle laistigh gach lá!

- Eagraíodh an Rialtas sa dóigh is nach mbeadh barraíocht cumhachta ag aon duine amháin.

- Bhíothas ag súil leis na daoine saibhre go gcuideoidís leis an stát m.sh.

- dráma a mhaoiniú
- íoc as long chogaidh

(xvi) Ceart

- Thug an Tionól breithiúnas. Ní raibh breithiúna gairmiúla ann
- Chuir gach duine a chás féin i láthair sa chúirt
- Chinn an buaiteoir ar phionós
- Mhol an cailliúnaí pionós malartach
- Roghnaigh an giúiré idir an bheirt acu
- Cuireadh Sócratéas chun trialach toisc truailliú na n-óg ar an Aithin. Bhí sé ag iarraidh orthu, i ndáiríre, dul ar lorg na Fírinne, m.sh. cén dóigh ar cheart dúinn maireachtáil? Daoradh chun báis é trí nimhiú (moing mhear) (cf. Arastófainéas: “The Frogs”).

(XVII) Arm agus Cabhlach

- á smachtú ag deichniúr ginearál → Strategoi (tagann an focal “straitéis” uaidh seo)
- Thogh an Tionól na Strategoi gach bliain
- Toghadh na Strategoi de bharr a n-inniúlachtaí speisialta
- Toghadh Peiricléas mar rialtóir ar feadh tamall fada mar gheall ar an oifig seo agus an Tionól
- Ba é an t-arm an t-aon áit a raibh tábhacht ag sealúchas agus sholáthair gach duine a dtrealamh féin.

(XVIII) Oideachas Aithneach

- Foirmiúil → scoil
- Neamhfhoirmiúil → trí oibriú an Stáit

Oideachas Foirmiúil

- 3 phríomhré → An Seanoideachas
→ An tOideachas Nua agus na Sofaistí
→ Oideachas Heilléanaíoch

(XIX) An Seanoideachas (600 - 450 R.C.)

- oileadh Peiricléas faoin gcóras seo
- Béim ar an bhfear INA IOMLÁINE → oiliúint coirp agus intinne
→ le haghaidh saoránacht mhaith
- Coincheapa tábhachtacha
 - (a) KALOS K'AGATHOS (an fear idir mhaith agus álainn)
 - (b) AIDOS (meas ar na Déithe, ar dhaoine eile, agus ort féin)
 - (c) ARETE (feabhas)
- Níor fhreastail ach na buachaillí.
- Bhí trí chéim sa chóras oideachais seo:
 - (1) Bunoidéachas 7 - 14 bliain d’aois
 - scoileanna príobháideacha táille

- Leag an stát síos coinníollacha le haghaidh na scoile
- Ba iad na príomhábhair ná: corpoideachas, ceol agus aithris (HÓIMÉAR)
- Ba iad léitheoireacht, scríbhneoireacht agus uimhríocht na mionábhair
- 2 shuíomh
 - PALAESTRA (Corpoideachas)
 - SCOIL CHEOIL (Ceol agus na hábhair go léir eile).

(2) Céim Thánaisteach 14 -18 bliain d’aois

- oideachas neamhfhoirmiúil ar shaoránacht
- faoi SHEANÓIRÍ na cathrach
- d’fhreastail daltaí ar
 - chúirteanna dlí
 - phlé polaitiúil sa Tionól
 - amharclann
- freastal deonach ar an ngiomnáisiam

(3) Traenáil Mhíleata 18 -20 bliain (Oiliúint Ephetic). Ba EPHEBE é saoránach a bhí idir 18 – 20 bliain d’aois.

- deonach
 - giomnáisiam
- airm > cosaint
- spórt >

Chríochnaigh formhór na mbuachaillí an chéim bhunoideachais. Ní raibh aon oideachas foirmiúil do chailíní. Traenáladh sa bhaile iad ar thíos, ar thógáil páistí, ar fhíodóireacht, srl. Bhraith an Aithin ar spiorad poiblí na mbuachaillí tabhairt faoi thraenáil ar mhaithe lena cosaint.

Traenáladh príomhdhaoine Ré Órga na hAithne faoin gcóras Seanoideachais, lena n-áirítear:-

- Peiriclás
- Féidias

- Aescaileas
- Sofaicléas
- Eoiripidéas
- Sócraitéas
- Hipeacraitéas
- Túicídídéas

(xx) An tOideachas Nua agus na Sofaistí (450 - 338 R.C.)

D'fholoigh an ré seo:-

- Ré Órga na hAithne faoi cheannaireacht Pheiricléis
- Meath na hAithne tar éis bhás Pheiricléis agus le linn Chogadh na Peilipinéise 431-404 R.C. (idir an Aithin agus Sparta → cloíodh an Aithin).
- an choimhlint idir na páirtithe polaitíochta éagsúla tar éis a bháis
- cliseadh na Gréige do Rí Philip II na Macadóine ag cath Chaeronea 338 R.C.

Tháinig athruithe ar oideachas mar gheall ar na tosca seo a leanas:-

- Spreag daonlathas suim an duine aonair i ndul chun cinn pearsanta mar gheall ar a bhéim ar chomhionannas aicme.
- Bhí níos lú suime i seirbhís don Stát mar sin de.
- Thug na Sofaistí, lena mbéim ar dhialachtaic agus ar reitric, don duine teicnící le haghaidh ratha tríd an dóigh a mbainfeadh sé argóint a thaispeáint dó.
- Laghdaigh an bhéim nua ar RÉASÚN in eolaíocht agus i bhfealsúnacht tábhacht na nDéithe agus na Miotas mar mhíniúchán.
- Bhí 3 chéim sa chóras oideachais seo:
 - (a) Céim bhunoideachais 7-14 bliain d'aois
 - ag méadú béime ar scileanna teangeolaíochta
 - tháinig meath ar thábhacht an cheoil
 - d'éirigh corpoideachas ní ba speisialaithe
 - (b) Leibhéal meánoideachais 14-18 bliain d'aois

Dhá chineál - oideachas saor in aisce le Sócraiteas sa tsráid

- oideachas táille faoi na Sofaistí

- Bhí meánoideachas ar fáil do na bochtáin le linn na haimsire seo, mar sin de.

D'fhéad cailíní éisteacht le Sócraiteas má tugadh cead dóibh dul amach.

(c) Oideachas míleata 18-20 bliain d'aois. Ba bheag buachaill a roghnaigh oideachas míleata a leanúint. B'fhéarr leo a gcuid staidéir a leanúint le Sócraiteas nó leis na Sofaistí.

(xxi) Sócraiteas (469-399 R.C.)

- Fealsamh Aithneach a bhí ann. Bhí a athair ina dhealbhóir. Bean chabhrach ba ea a mháthair. Xanthippe an t-ainm a bhí ar a bhean chéile. Bhí sí teasaí.

- Chaith sé a luathshaol san arm agus in oifig phoiblí

- Bhíodh sé i gcónaí cosnochta

- Bhí sé gránna ach bhí anam galánta aige (ET!)

- Cé go raibh sé bocht, níor ghearr sé táille

- Cuireadh díospóireachtaí ar siúl i sráideanna na hAithne

- Ba é PLATÓN a dhalta ba cháiliúla.

- Níor scríobh sé aon rud ach tá eolas againn air ó shaothar

Phlatóin.

- Chuir sé leis an éirí amach léinn ar an Aithin trí fhealsúnacht a cheangal le prionsabail réasúnacha na heolaíochta

- Fiosrú trí cheistiú agus fhreagairt ba ea modh socráiteach. Bhí féineolas mar thoradh air seo agus d'éirigh daoine feasach ar a n-aineolas féin.

Méadaíodh a suim in eolas agus i bhfírinne, go háirithe.

- “Is ionann suáilce is eolas”; le bheith maith, is gá bheith eolach ar an rud atá maith
- Cháin sé na Sofaistí as béim a chur ar theicníocht argóna beag beann ar mhoráltacht agus ar fhírinne.
- Ó tharla gur threoraigh sé an duine ceistiú, cuireadh ina leith gur thruailligh sé an t-aos óg ar an Aithin. Cuireadh chun trialach é agus cinneadh go raibh sé ciontach. Bhí a bhás trí nimhiú le moing mhear.
- Chuir sé béim ar dhamhsa in ionad corpoideachais le haghaidh fás cothrom coirp agus anama.
- Tagann an téarma “cairdeas Platónach” ó chur síos a rinne Platón in “The Symposium”, ar an gcaidreamh idir Sócráiteas agus Alcaibiaidéas.
- Pléann “The Clouds” a scríobh Arastafainéas Sócráiteas agus an tOideachas Nua.
- Tá caracatúr de Shócraiteas a tharraing Arastafainéas le feiceáil in “The Clouds”.
- Ó tharla nár ghearr sé aon táille, d’fhéad buachaillí bochta ardoideachas a bheith acu
- Rinneadh cur síos air mar “an fear ab fhearr agus ba chríonna d’fhir mhaithe”
- Bhí sé dhá scór d’aois nuair a fuair Peiricléas bás.

(xxii) Na Sofaistí

- Na chéad mhúinteoirí gairmiúla.
- Múinteoirí de "SOPHIA" → gaois.
- Thaistil siad ó áit go háit agus ghearr siad táille
- Modh teagaisc ná trí LÉACHT a thabhairt, cosúil le hollscoileanna an lae inniu
- Mhúin siad
 - DIALACHTAIC (rialacha argóna)
 - REITRIC (ealaín áitithe)
 - Geiméadracht agus Réalteolaíocht freisin
- Tháinig móréileamh ar an modh oideachais seo mar gur theagasc sé d’fhir an dóigh a bhféadfaidís dul chun cinn agus sholáthair sé gairmoideachas dóibh.

- Bhí suim ní ba mhó acu, áfach, i mbuachan argóinte ná i ndoimhneacht eolais, i bhfirinne ná i moráltacht. Bhí na Sofaistí á gcáineadh ag Sócráiteas agus Platón ina leith seo.
- Ní raibh suim ag na Sofaistí i marthain na nDéithe ná i nádúr an duine agus rinne siad faillí in oiliúint ar shaoránacht mar sin de.
- Ní dhearnadh staidéar ar Hóiméar ach ar son na gramadaí amháin in ionad ar son luach morálta ná liteartha.
- Bhí siad le feiceáil in ollscoil na hAithne le linn na ré Rómhánaí.
- Bhí roinnt de na Sofaistí go maith, bhí roinnt acu go dona. Duine de na Sofaistí ba thábhachtaí ná ISOCRATES. Leag sé an bonn d'oideachas Heilléanaíoch a chuir béim ar ghné mhorálta na Reitrice.

(xxiii) Isocrates (436-338 R.C.)

- Aithneach a bhí ann agus theagasc sé sa tréimhse tar éis bhás Pheiricléas. (Bhí sé seacht mbliana d'aois nuair a fuair Peiricléas bás.)
- Bhunaigh sé scoil ar an Aithin in aice leis an nGiomnásiam (Lyceum).
- Ba mhúinteoir maith é ach ghearr sé táille ard.
- Meánoideachas mar oiliúint don óráidí.
- ba é ab aidhm dó ná reitric le cuspoir morálta
- Ábhair
 - Reitric
 - Dialachtaic
 - Réalteolaíocht
 - Geoiméadracht
- Bhí sé tábhachtach i dtabhairt isteach Staire - Heireadótas
 - Túicídídéas
 mar chuid de staidéar reitrice
- Bhreathnaigh sé ar Reitric mar chultúr na hintinne agus mar ghléas na polaitíochta praiticiúla.
 - Ba cheart go ndíreodh an duine ar nithe maithe an tsaoil in ionad ar nithe dona an tsaoil.
 - Scoil mhorálta a bhí i Reitric, dar leis, ní teicníc ar mhaithe le dul chun cinn.

- Leag sé an bonn le haghaidh oideachas Heilléanaíoch.

(xxiv) Platón (427-347 R.C.)

- Fealsamh Aithneach a bhí ann. Ba dhalta de chuid Shócraitéis é agus ba mhúinteoir de chuid Arastatal é Platón.
- Tugadh “an tAcadamh” ar a scoil ar an Aithin.
- Tar éis bhás Pheiricléis, bhí coimhlint mhór pháirtíochta agus meath coiteann ar an Aithin.
- Bhí Platón ar lorg leighis ar dheacrachtaí na sochaí trí fhealsúnacht.
- Chreid sé nach réiteofaí na deacrachtaí go dtí go mbeadh Fealsúna ina Rialtóirí.
- In “The Republic”, leag sé amach an dóigh ar cheart go n-eagrófaí an stát foirfe agus an dóigh ar cheart go n-oilfí gach grúpa laistigh den Stát sin
- Ba cheart go mbeadh trí leibhéal ag an Stát Foirfe.

(i) Ag an mbun: grúpa coitianta na saoránach

(ii) I lár:

státseirbhís}

an t-arm } na Cosantóirí}

(iii) Ag an mbarr: na rialtóirí }

- Oideachas na Rialtóirí

- | | | | |
|-----|-------------------------|---|---------------------------------------------------------------|
| (1) | Go dtí 18 bliain d’aois | - | gleacaíocht, ceol, litríocht,
matamaitic |
| (2) | 18 -20 bliain d’aois | - | corpoideachas éigeantach
agus oideachas míleata éigeantach |
| (3) | 20 -30 bliain d’aois | - | ardléann, matamaitic go
háirithe |
| (4) | 30 -40 bliain d’aois | - | dialachtaic |
| (5) | 35 -50 bliain d’aois | - | taithí ar shaol poiblí |

Ní raibh aon duine ábalta bheith ina rialtóir go dtí gur chríochnaigh sé an t-oideachas dian seo.

- Ina shaothar “Laws”, phléigh sé oideachas na ngnáthdhaoine. Ba é Platón an chéad duine a d’aithin tábhacht na luath-óige i múnlu carachtair.

- Cháin sé na Sofaistí mar gheall ar a spéis san argóint ba láidre in ionad na fírinne.

- Bhí a “Acadamh” i bhfeidhm thart faoin aimsir chéanna ina raibh Scoil Isocrates i bhfeidhm ar an Aithin.

(xxv) Oideachas Heilléanaíoch (338 R.C. ar aghaidh)

- Tugadh cead do chailíní oideachas foirmiúil a bheith acu ag an leibhéal bunoidreachais agus ag an leibhéal meánoideachais den chéad uair.

- Cuireadh an bhéim ba mhó ar REITRIC.

- Bhí trí chéim in Oideachas Heilléanaíoch:

(1) Bunoidreachas 7-14 bliain d’aois

- cailíní agus buachaillí

- láthair - Palaestra

- Scoil Cheoil

- príomhábhair - Reitric Bhunúsach

- Fealsúnacht Bhunúsach

(2) Meánoideachas 15-18 bliain

- cailíní agus buachaillí

- ardléann ar - Reitric agus ar na hÚdair

Chlasaiceacha, go háirithe

- Fealsúnacht

- mionábhair - Matamaitic

- Réalteolaíocht

- Ceol

(3) Oiliúint Ephetic - ard-ghleacaíocht

- Oideachas Gréagach ina chruth aibí a bhí anseo agus ba é sa chruth seo a leathnaigh oideachas Gréagach go hImpireacht Alastair agus go dtí an Róimh.
- An múinteoir agus an fealsamh ba cháiliúla san aimsir sin ná Arastatail.

(xxvi) Alastar Mór (356-323 R.C.)

- Rí na Macadóine
 - Mac Rí Phillip II na Macadóine
 - á oiliúint ag Arastatail
 - Chloígh sé Rí Dáirias III na Peirse
 - Bhunaigh sé Cathair Alastair
 - Scríobh Plútarc faoina shaol in “The Age of Alexander”.
- Pléitear feachtais Alastair i saothar Airrianais “The Campaigns of Alexander”.
- BUCEPHALUS an t-ainm a bhí ar an gcapall ab fhearr leis. Bunaíodh baile Bucephala sa Phacastáin chun é a chomóradh. (Féach Plútarc le haghaidh an scéil faoin dóigh ar bhris Alastar an capall isteach).

(xxvii) Arastatail (384 -322 R.C.)

- . Rugadh in Stagira sa Tráicia é agus rinne sé a chuid staidéir le Platón ar an Aithin. Teagascóir d’Alastar Mór agus é óg a bhí ann.
 - Bhunaigh sé scoil ar an Aithin ag an Lyceum sa bhliain 335 R.C. Measadh gurbh í seo an chéad ollscoil.
 - Chuir sé leabharlann agus músaem ar bun freisin.
 - Pléann ceann dá shaothair ba thábhachtaí “The Nicomachean Ethics” prionsabail iompair an duine. Nótáil sé anseo
- gur cheart go mbeadh sé mar aidhm shaol an duine ná “an Mhaith”
 - go mbaineann muid “an Mhaith” amach trí Shonas
 - go gciallaíonn Sonas Machnamh (ní saibhreas, onóir ná pléisiúr)

- Gníomhaíocht na hintleachta a bhí i gceist i Machnamh agus ba í seo an fhoirm fóillíochta ab airde. (Tá níos mó i gceist i bhfóillíocht ná siamsaíocht, mar sin de.)

- Phléigh sé Oideachas in “The Politics”. Chuir sé Ceol agus Ealaín leis na hábhair reatha.

- Sholáthair Ceol rud éigin ní ba mhó ná pléisiúr - “ba spreagadh maitheasa é a bhí ábalta dul i bhfeidhm ar an gcarachtar.”

- Tuigfidh páistí ceol ní b’fhearr má fhoghlaimíonn siad seinm in ionad éisteachta.

(xxviii) Saol Scoile na hAithne

- Bhí altra ó Sparta ag an Aithneach saibhir. Bhí cáil ar dhaoine ó Sparta mar gheall ar a scileanna araíonachta

- Cuireadh sclábhaí isteach, ar a dtugadh PAIDAGOGAS (Pedagogue), in ionad an altra nuair a bhí an páiste seacht mbliana d’aois. Chiollaigh an focal ‘pedagogue’ múinteoir ina dhiaidh sin.

Na Paidagogos:

- Chuaigh siad ar scoil agus amach ón scoil leis an mbuachaill
- D’iompair siad a mhála
- Chosain siad ó dhochar é
- Mhaoirsigh siad a bhéasa
- siombail d’údarás tuismitheora a bhí iontu
- bhí siad ní ba thábhachtaí ná an múinteoir mar gur theagasc siad don bhuachaill an dóigh ar cheart go n-iompódh sé
- Bhí stádas íseal agus beagán cáilíochtaí pearsanta ag an múinteoir.
- An lá scoile
 - D’fhág an dalta an teach go luath sa mhaidin chun dul ar scoil leis an pedagogue. D’iompair sé laindéar sa Gheimhreadh.

- Chuaigh an dalta sa mhaidin go dtí an palaestra le haghaidh aclaíochta.
- chuaigh siad abhaile le haghaidh
 - lóin
 - folctha
- D’fhill an dalta ar an Scoil Cheoil sa tráthnóna le haghaidh léitheoireachta agus scríbhneoireachta.
- Sosanna
 - ní raibh aon sos deireadh seachtaine ag an dalta.
 - ní raibh laethanta saoire ón scoil ag an dalta.
 - bhí laethanta saoire ar son féilte aige.
- bhí araíonacht an-dian.
- d’fhéad daltaí a gcuid peataí a thabhairt ar scoil leo (madra, liopard)
- ba mhinic a bhí breathnóirí ag na daltaí ina ranganna
- d’fhoghlaim siad an aibítir trí shiollaí rainn a dhéanamh

(xxix) Tionchar an Oideachais Ghréagaigh

(a) an Róimh

- Shroich oideachas Gréagach an Róimh ina chruth aibí
- Bhí na scoileanna a réachtáil go príobháideach
- Trí chéim
 - (1) Bunoideachas 7-12 bliain d’aois
 - na 3 ‘R’
 - (2) Meánoideachas 12-16 bliain
 - gramadach
 - litríocht
 - tús eolais ar reitric
 - (3) Ardoideachas
 - reitric.

(Féach ‘Tús Eolais ar an Saol Rómhánach’ cuid (f) freisin).

(b) Judea

- An chéad áit ar aithníodh an bhaint idir reiligiún agus moráltacht ann.

- Tosaíodh an t-oideachas le hoideachas aosach.

- ba é sa scoil ná áit - foghlama
- paidreoireachta

- Aithníodh cearta an pháiste.

- Fuair idir dhaoine bochta agus dhaoine saibhre bunoidreachas.

- An príomhrud a tháinig isteach ón saol Gréagach ná tabhairt isteach GLEACAÍOCHTA.

(xxx) Oideachas i Sparta

- Bhí sé i gcodarsnacht leis an Oideachas Aithneach mar go raibh sé fónaíoch agus d'ullmhaigh sé daltaí don saol míleata.

- Tosaíodh ullmhúchán don saol míleata ó lá na breithe. Nochtadh babaithe beaga don dúlra gus fágadh chun báis iad.

- Bhí tógáil dhanartha le pionós corpartha ar bhonn leanúnach ann.

(a) Buachaillí

- Thosaigh a n-oideachas nuair a bhí siad seacht mbliana d'aois. Ba é a bhí ann ná traenáil stáit ar feadh 13 bliain.

Nuair a bhí buachaillí idir seacht mbliana d'aois agus aon bhliain déag d'aois, oileadh sa bhaile iad ar chluichí agus ar chorpoiliúint.

Idir 12-15 bliain d'aois, d'fhreastail siad ar scoil chónaithe

Idir 15-18 bliain d'aois, bhí traenáil mhíleata acu

Idir 18-20 bliain d'aois, bhí traenáil spiaireachta acu

- éilíodh umhlaíocht fhoirfe

- Tugadh ardmholadh d'ardchumas i ngadaíocht ach ba náire í má fuarthas amach é sin!

- Cuireadh cosc ar theagasc na Reitrice ach teagascadh
LACONISM (frása gairid pointeáilte) m.sh. (“Bricfeasta anseo, Suipéar i Háidéas...”)

- Laghdaíodh uimhríocht go comhaireamh a dhéanamh ar líon na ndaoine san arm.

- Má theip orthu a máistir a shásamh, baineadh a n-ordóga amach.

(b) Cailíní

- Chónaigh siad sa bhaile. Oileadh iad

ar choraíocht

ar reathaíocht

ar theasc

ar dhairteanna

- Bhíothas ag súil leo go molfaidís éachtaí na bhfear.

- idéal laoi ch ó

- Hóiméar

- Tyrtaeus (file náisiúnta)

Chuir Xeineafón (scríbhneoir Aithneach agus cara Shócraitéis) a mhic chuig Sparta chun a n-oideachas a fháil mar go raibh sé den bharúil go raibh meath na hAithne ag teacht mar gheall ar sheansaol léinn na hAithne i meath na hAithne. Cothú na deashláinte a bhí in oiliúint mhorálta, dar leis.

(xxx) Drámaíocht

- Bhain drámaíocht Ghréagach a buaic ab airde amach le linn ré Pheiricléis.

- D’fholaiigh Traigéide:

- Aescaileas (525-456 R.C.): “Prometheus Bound”.

- Sofaicléas (496-406 R.C.): “King Oedipus”.

- Eoiripidéas (480-406 R.C.): “Medea”.

- Coiméide

- Arastafainéas: “The Frogs”.

- Ról an Drámadóra

- chun siamsaíocht a chur ar fáil

- chun teagasc

- Is trácht ar mheath na hAithne é saothar Arastafainéis, “The Frogs”.
Chuir sé an locht ar an tuairim nach raibh drámadóirí maithe ar an Aithin a thuilleadh.
Bhí air dul go Háidéas chun Eoiripidéas a thabhairt ar ais leis. Thug sé Aescaileas ar ais leis, áfach.

- Cuireadh drámaíocht ar siúl in amharclann leathchiorclach a tógadh laistigh de leiceann cnoic. Bhí oirceastra leathchiorclach aici. An eiseamláir d’amharclann Ghréagach is fearr atá ar marthain ná an amharclann in Eipeadáras. [Tá sí seo i gcodarsnacht leis an Amharclann Rómhánach in Pompeii a raibh oirceastra D-chruthach inti].

- Dia Gréagach na drámaíochta ba ea Diníseas.

(xxxii) Stair

An bheirt staraithe ba thábhachtaí le linn ré Pheiricléis ná:

(a) Heireadótas a scríobh faoi Chogadh na Peirse agus faoi Chogadh na Peilipinéise agus

(b) Túicídídéas a scríobh faoi Chogadh na Peilipinéise.

(a) Heireadótas (480- 425 R.C.)

- Athair na staire a bhí ann. Rugadh in Halacarnasas é.

- Bhí aithne aige ar Pheiricléas agus thug sé léitheoireacht phoiblí ar a stair féin ar an Aithin.

- Pléitear in “The Histories” luathchogaí na Peirse agus an tréimhse dheiridh de Chogadh na Peilipinéise.

- Insíonn sé dúinn faoi chlann Alcmaeonidae (clann Pheiricléis).

(b) Túicídídéas (460-400 R.C.)

- B’Aithneach é agus bhí sé ina Ghinearál sna luath-thréimhsí de Chogaí na Peilipinéise.

- Scríobh sé stair ar Chogaí na Peilipínise a bhfoláítear sleachta tábhachtacha inti ar:
- Óráid Sochraide Pheiricléis
An Phlá ar an Aithin
Sluaíocht chun na Sicile (Alcaibiaidéal)
- Bhí sé i gcoinne Pheiricléis ag baint úsáid as an airgead den Chonradh Déiliach chun foirgnimh ar an Acrapoil a mhaoiniú.
- Dúdhiúltaíodh é sa bhliain 443 R.C.

(xxxiii) Leigheas

Chonacthas sa chúigiú hAois R.C deighilt leighis ó phiseog le teacht Hipeacraitéis.

Hipeacraitéal (460-399 R.C.)

- Athair an leighis. Rugadh i gCós é.
- Bhunaigh sé scoil láimh le scrín Aesulapais i gCós. Theagasc sé ar fud na Gréige.
- Luaigh Platón a ainm - chiallaigh sé seo go raibh sé cáiliúil le linn na haimsire sin.
- Ba é sa mhodh a bhí aige ná breathnóireacht chúramach agus insealbhú (sin le rá, réasúnú ó chásanna ar leith go cásanna ginearálta).
- Scríobh sé “Epidemics, Prognostics and Effects of Environment on Health”.
- Bhí baint aige sna brainsí leighis agus máinliachta go léir.
- Rinne sé achoimre ar chomharthaí báis.
- Feictear eitic an leighis Ghréagaigh níos fearr i “Mionn Hipeacraitéis” ná in aon ní eile.
- Ina shaothar dar teideal “Aphorisms,” scríobh sé an píosa seo a leanas:

“Tá saol gairid agus an ealaín fada; tá an deis gasta; an turgnamh contúirteach agus tá breithiúnas deacair”.

(xxxiv) Eolaíocht

- Rinne Arastatail eolaíocht de bhitheolaíocht.
- Chaith sé dhá bhliain cois na farraige i Mitiléine, mar a ndearna sé staidéar ar mhoilisc (cudail) agus ar phortáin.
- D’aimsigh sé go bhfásann ubh na heascainne go leathóg sula bhfuil sí ina heascann.
- Rinne sé staidéar freisin ar bheacha, ar an gcreabhar, ar an gciocáid (dreoilín teaspaigh)

(xxxv) Tithe

- Bhí siad bunúsach i gcodarsnacht leis na foirgnimh phoiblí galánta san aimsir sin. Tógadh timpeall clóis iad.
- Ba iad a bhí sa troscán bunúsach ná cófraí, leapacha, toilg, táblaí agus uirlisí cócaireachta.

(xxxvi) Éadaí

Caitheadh dhá bhall éadaigh de phíosa éadaigh dhronuilleogaigh (éadach olla nó línéadaigh).

- (1) Léine agus gúna, a dtugadh ‘Chiton’ air. Bhí sé fada agus chaith mná agus seanfhir nó bhí sé gearr agus chaith fir óga agus páistí é.
- (2) cóta - Tugadh ‘**Himation**’ ar chóta an fhir agus ‘**Peplos**’ ar chóta na mná.

Ba é a bhí i gceist i gcoisbheart ná: cuaráin, a chaith idir fhir agus mhná, agus buataisí, a chaith na fir amháin.

- Rinneadh seodra d’ór agus d’airgead
 - bráisléid
 - muincí
 - fáinní cluaise
- Bhí smideadh meathbhán
- Caitheadh cumhrán

- Nigh daoine i bhfolcadáin fhuara. Ní raibh gallúnach ag daoine ach bhí spúinsí fíora acu.

- (xxxvii) D'fholaigh bréagáin: - gligíní
 - bábóga
 - caisil
 - fonsaí
 - murláin
 - liathróidí

(xxxviii) Adhlacthaí

- Cuireadh adhlacthaí ar siúl lasmuigh den chathair.
- Sonraíodh uaigheanna le leac uaighe Stela
- Bhí creideamh sa saol eile, i Háidéas go háirithe

(xxxix) Boinn Aithneacha

- (1) Greanadh luathbhoinn le roth, le ceann Gorgaine agus/nó le triscéilí.
- (2) Go luath sa séú hAois, bhí Aitéiné ar thaobh amháin den bhonn agus ulchabhán ar an taobh eile.

(xl) An Teanga

Is iomaí focal a úsáidtear go minic sa lá atá inniu ann a tháinig ón tSean-Ghréigis, m.sh.

- stratégos -ginearálta → straitéis
- taktikos - ag cur orduithe i gcath → beartaí
- logos - focal
- techné - scil → teicneolaíocht
- gé - domhan → geografaíocht
- historia - fiosrú → stair
- botané - luibheolaíocht
- chronos - cróineolaíocht

- anaesthesia - easpa mothaithe → ainéistéitic

(xli) an Ré Heilléanaíoch

- Ó bhás Alastair sa bhliain 323 R.C go dtí gur threascair an Róimh na stáit Heilléanaíocha.
- Leathnaigh cultúr Gréagach ón nGréig go dtí an Áise Bheag, an Meánoirthear agus an Éigipt.
- D'éirigh na Ríthe ina bpátrúin ar na healaíona (saibhreas ní ba mhó).
- Ba iad na príomhchathracha ríoga na hionaid chultúir nua - Pella, Pergamon, Aintíoc agus Cathair Alastair.
- Ba as seanchathracha na Gréige iad na fir ba thábhachtaí is ba cháiliúla i réimse na Fealsúnachta, na Litríochta, na hEolaíochta agus na hEalaíon.

(a) Bhí an Aithin ina hionad tábhachtach cultúir fós, d'ainneoin a meatha polaitiúil.

- Ní dheachaigh pátrúnacht ríoga i bhfeidhm ar Fhealsúnacht barraíocht, agus d'fhan an Aithin ina hionad tábhachtach fealsúnachta mar go raibh Acadamh Phlatóin agus Lyceum Arastatal ar siúl fós.
- Bhí Fealsúnachtaí Nua ann freisin, áfach
 - Stóchas
 - Eipiciúrachas
- Bhí aistriú ó chúrsaí polaitiúla agus sóisialta go heitic indibhíde
- Laghdaíodh an tábhacht a bhain le coincheap an Daonlathais cé go raibh an téarma 'daonlathas' ann fós.

(b) D'éirigh Cathair Alastair ina hionad tábhachtach cultúir.

- Chuir Ptolemy I leabharlann thábhachtach ar bun, le comhairle Dhéiméitréis na hAithne. Aon uair a tháinig longa i dtír sa chathair, coigistíodh aon téacsanna ar bord le haghaidh na

leabharlainne agus tugadh cóipeanna díobh do na húinéirí ina n-áit!

- I réimse na drámaíochta, tháinig laghdú ar chaighdeán na traigéide, cé go raibh na drámadóirí clasaiceacha an-tábhachtach fós.
- D'éirigh coiméide ní ba thábhachtaí mar gheall ar Mheineándar na hAithne. D'imir sé tionchar ar na Rómhánaigh, agus ar Phlátas agus Terence go háirithe.
- D'fhorbair filíocht Callimachus (ceardaíocht), Apallóinias (Argonautica) agus Theocratais filíocht thréadach
- Staraithe tábhachtacha na haimsire ná Hieronymus ó Chardia agus Timéas na Sicile.
- Rinneadh staidéar ar an Eolaíocht ar mhaithe léi féin in ionad ar mhaithe le feidhmeanna praiticiúla. Bhí tábhacht ag an staidéar ar eolaíocht mhíleata, áfach, agus déantar tagairt di i saothar Fhíoló 'On Artillery Construction'.
- Baineadh Eolaíocht le Fealsúnacht roimhe sin ach cuireadh an bhéim le linn na haimsire seo ar thaighde eolaíoch agus rinne na hanatamaithe Herophilus agus Erasistratus dioscadh agus beodhioscadh ar choirpigh.
- I réimse na matamaitice, rinne Euclid an-chuid taighde uirthi agus chuir sé i scríbhinn teoirim Phíotágaráis.
- D'aimsigh Airciméidéas an tSioracúis prionsabail an díláithriúcháin trí bheith ag tumadh isteach ina fholcadán agus amach as!
- I réimse na geografaíochta, d'aimsigh Earatastainéas na Círíné imlíne an domhain trí uillinn ghathanna na gréine a thomhais ag dhá áit éagsúla, Cathair Alastair agus Syene (Aswan), ag an am céanna sa lá.

(c) Pergamon (Bergama, an Tuirc)

- An t-ionad cultúrtha iontach den domhan Heilléanaíoch

- Scoil Pergamene - Dealbha tábhachtacha:-
- The Dying Gaul } a chuimhníonn
- The Gaul Killing } bua Attalus I in aghaidh
his wife } na nGall
- Marsyas
- Laocoon

- Déithe ag troid in éadan fathach ar Pergamonalter d'Eumenes II.
- Scoil Liachta bainteach le Asklepios.

- Leabharlann thábhachtach ina raibh macasamhail de dhealbh Féidéis faoi Aitéiné Parthanos.
- Fostaíodh Pergamon garraíodóirí tírdhreacha in Pergamon
- Chuir Attalus i láthair dealbha cré-umha ar an Acrapoil ar an Aithin freisin. (Féach Richter: "A Handbook of Greek Art").

(xlii) Spórt sa Seansaol

Bhí spórt ina chuid thábhachtach den saol Gréagach agus den saol Rómhánach.

- Bhí sé bainteach le féilte
- Bhí sé mar ghné thábhachtach d'oideachas Gréagach
- Bhí corpoiliúint chomh tábhachtach le hullmhúchán le haghaidh cogaidh
- Tá spórt le feiceáil i litríocht Ghréagach agus Rómhánach.

Spórt i Litríocht Ghréagach agus Rómhánach

- "Iliad" Leabhar XXIII - Folaíonn Cluichí Sochraide Patroclas na cluichí seo a leanas:

- (1) Rásaíocht Carbad
- (2) Dornálaíocht
- (3) Coraíocht

- (4) Reathaíocht
 - (5) Troid Claimhte
 - (6) Boghdóireacht
 - (7) Gathanna
- “Odyssey” Leabhar VIII -The Phaeacian Games: Folaíonn na Cluichí Phaeacian in ómós d’Odaiséas na cluichí seo a leanas:
- (1) Reathaíocht
 - (2) Coraíocht
 - (3) Léimneach
 - (4) Caitheamh na teisce - Bhuaigh Odaiséas an comórtas seo
 - (5) Dornálaíocht
- “The Aeneid” - Folaíonn Cluichí Sochraide sa tSicil d’Anchises, athair Aeinéis, na cluichí seo a leanas:
- (1) Rásaíocht Bád
 - (2) Reathaíocht
 - (3) Dornálaíocht
 - (4) Boghanna agus Saigheada
- Na Cluichí Oilimpeacha
- Cuireadh ar siúl iad in Oilimpia (Iarthar na Peilipínise)
 - in ómós do Shéas
 - Féile spóirt, cheoil agus chomórtais liteartha
 - Cuireadh ar siúl iad gach ceithre bliana, ón mbliain 776 R.C ar aghaidh
 - Ba iad na Príomhchomórtais ná
 - Reathaíocht
 - Rásaí Carbad
 - Pancrataíocht (comhcheangal idir coraíocht agus dornálaíocht)

- Peantatlan (comhcheangal idir léim fhada, an teasc, caitheamh an gha, reathaíocht agus coraíocht)
- Duaiseanna:-
 - Fleasc ológ
 - Cothú saor don bheatha i gcathair an duine féin

Chuir an tImpire Theodosiusin deireadh leis na cluichí sa bhliain 393 AD agus athbheodh na cluichí sa bhliain 1896. Leanann siad ar aghaidh go dtí an lá atá inniu ann mar chomórtas idirnáisiúnta spóirt.

- Ba é san Oilimpiad ná tréimhse ceithre bliana idir na Cluichí Oilimpeacha. Bhain na Gréagaigh úsáid as seo chun comórtais a dhátú.

(XLIII) Bunfhoinsí

(a) Litríocht

- Drámaí a chum Aescaileas, Sofaicléas, Eoiripidéas agus Arastafainéas
- Fealsúnacht
 - de chuid Shócraitéis i saothar Phlatóin “The Last Days of Socrates”
 - “The Republic” le Platón
 - “The Ethics” agus “The Politics” a scríobh Arastatail
- Stair
 - Heireadótas - “The Histories”
 - Túicídídéas - “The Peloponnesian War”
 - Plútarc - “The Rise and Fall of Athens”
- Leigheas
 - Téacs de “Mhionn Hipeacraitéis” in “The Legacy of Greece” (Livingstone, Oxford 1922)
- Seandálaíocht
 - Pausanius - “Guide to Greece” Iml. 1 srl.

- (b) Ailtireacht
 - Na foirgnimh ar an Acrapoil agus ar fud na cathrach.

- c) Dealbhóireacht - Na Elgin Marbles i Músaem na Breataine
- Dealbhóireacht saorsheasaimh ón ré Ársa, ón ré Chlasaiceach agus ón ré Heilléanaíoch
- The Attic Grave Stelai.
- (d) Vásaí - Vásaí Aithneacha le Fíoracha Dearga agus le Fíoracha Dubha (eiseamláirí sa Mhúsaem Clasaiceach, Coláiste na hOllscoile, B.Á.C.)
- (e) Inscríbhinní - Ar fhoirgnimh, ar vásaí agus ar stelai.

(xlv) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

(a) Ealaín agus Ailtireacht

- Bhí Ealaín Ghréagach agus Ailtireacht Ghréagach mar inspioráid don ré Rómhánach, do ré na hAthbheochana agus don ré Nuachlasaiceach.
- Tá Platón, Arastatail, Heraclitus agus dalta de chuid Euclid le feiceáil i saothar Rafael “School of Athens”. Stiúrthóir na Seaniarsmaí i mBaisleac Pheadair ba ea Rafael.
- Spreag saothar Apallóinéis “Belvedere Torso” cuid d’fhíoracha an tSéipéil Shistínigh a dhear Michaelangelo
- Saothar Veronese “The Family of Darius before Alexander” (An Dánlann Náisiúnta, Londain)
- “The Fallen Caryatid bearing her stone” a chruthaigh Rodin

(b) Litríocht

- Litríocht Rómhánach.
- Fhrancach Corneille agus Racine sa 17ú hAois.
- J. Anouilh: “Antigone”, Sartre: “Les Mouches”.

- Shakespeare, Milton, T.S. Eliot, E. O'Neill agus mórán daoine eile.

(c) Fealsúnacht

- Imríonn fealsúnacht Phlatóin is Arastatail tionchar ar smaointeoireacht Iartharach fós.
- Ba Nua-Phlatónach é an Manach Éireannach, Eriugena.

(d) Ceol

- Beethoven: “The Creatures of Prometheus” (bailé); “The Ruins of Athens”.
- Cherubini: “Medea” (ceoldráma)
- Hadley: “Antigone”.
- Schubert: “Prometheus” (le haghaidh dhán Goethe)
- Stanford: “Oedipus Rex”.
- Gluck: “Iphigenia in Tauris” agus “Iphigenia in Aulis”.
- Stravinsky: “Oedipus Rex”

(e) Leigheas

- Glactar Mionn Hipeacraitéis inniu go fóill.

(XLV) Léitheoireacht Bhreise agus Ábhair Eile do Mhúinteoirí

- Susan Woodford: “The Parthenon” C.U.P. 1991
- Roger and Sarah Nicols: “Greek everyday life” (Aspects of Greek Life Series).
- Kenneth McLeish: “The Greek Theatre” (Aspects of Greek Life Series)
- Kenneth McLeish: “Greek Art and Architecture” (Aspects of Greek Life Series).
- Kenneth McLeish: “Greek Exploration and Sea Faring” (Aspects of Greek Life Series)
- The Cambridge School Classics Project – Foundation course, Fillteáin I-V.
- E.B. Castle: “Ancient Education and Today”.
- Buchanan: “Greek Athletics” (Aspects of Greek Life Series)
- J. Boardman: “Greek Art”
- R. Browning: “The Greek World”

- B.W. Wilson and D. Miller: “Stories from Herodotus”
- Farrell and Coff: Tales from Herodotus.
- Tá macasamhlacha de na príomhshaothair ealaíne le fáil sna músaem dhealbhóireachta in Oxford agus in Cambridge.
- An Músaem Clasaiceach , Coláiste na hOllscoile, B.Á.C. - Vásaí Aithneacha, srl.

(xlvi) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Na hoird Dhóracha, Iónacha agus Chorantacha i bhfoirgnimh a shainnaint
- Dul ar lorg foirgneamh ina ndúiche féin a bhfuil tionchar Gréagach le feiceáil iontu.
- Dráma nó mím a chumadh, bunaithe ar fhinscéal Gréagach.
- Quiz ranga a eagrú, bunaithe ar na príomhdhaoine agus ar na príomháiteanna atá bainteach leis an Aithin.
- Cuairt a thabhairt ar An Músaem Clasaiceach i gColáiste na hOllscoile, B.Á.C

(xlvii) Topaicí Bainteacha

- Téatar - príomhdhrámadóirí na hAithne
 - difríocht idir téatar Gréagach agus téatar Rómhánach (oirceastra)
 - gnéithe an dráma - radhairc
 - curfá
 - maisc - traigéideach agus coiméideach
 - fuaim - cruth na hamharclainne
 - béalóg an mhaise
- Leigheas
 - Apalló - Dia an Leighis
 - Aescaláipias - mac Apalló
 - Hipeacraiteas - duine de lucht leanúna Aescaláipéis
 - Aichill agus an Stiocs → an t-éasc

2.8 AISTEAR AEINÉIS 3

- (i) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin láthair na n-áiteanna seo a leanas i ndáil a chéile: an Traí, Sliabh Ida, an Tráicia, Déileas, an Chréit, Strophades, Aictiam, Corfú, an tSicil, an Chartaig, Tioras agus an Róimh.

(ii) Bunfhoirse

“The Aeneid”.

(iii) “Achoimre ar an “Aistear”

- De réir mar a bhí an Traí á dó, tháinig Véineas, máthair Aeinéis, i láthair agus dúirt sí lena mac teitheadh. D’inis sí dó gurbh iad na Déithe a bhí freagrach as scrios na Traí.
- Thóg Anchises dealbha Dhéithe na clainne (Penates) agus thóg Aeinéas ar a dhroim é ina dhiaidh sin mar gur sheanfhear lag é. Thug Aeinéas greim lámhe ar a mhac, Ascanius, agus shiúil a bhean chéile, Creusa, in éineacht leo. B’eiseamláir chlasaiceach de dheabhóid Rómhánach í seo agus ba é seo an fáth ar tugadh Aeinéas “deabhóideach” ar Aeinéas. D’eagraigh siad bualadh lena gcairde agus lena ngiollaí ar chnocán lasmuigh den Traí agus cóngarach do Shliabh Ida.
- Tar éis d’Aeinéas an cnocán a bhaint amach, d’aimsigh sé nach raibh a bhean chéile ann. Bhí sé éadóchasach agus chuaigh sé faoi dheifir ar ais chun na Traí. Chuardaigh sé an chathair loiscthe ach níor fhéad sé a bhean chéile a fháil. Tháinig taibhse a mhná céile i láthair faoi dheireadh. Bhí sí glactha ag na Déithe agus dúirt sí le hAeinéas gan buaireamh agus dul chun na hIodáile, áit ina bpósfadh sé banríon úr.
- D’fhill Aeinéas, agus é croíbhriste, ar an gcnoc mar a raibh na daoine eile ag fanacht. Thóg siad longa agus chuaigh siad chun farraige ar thuras a threoraigh iad feadh an bhealaigh seo a leanas:-

(I) an Tráicia (an taobh thoir thuaidh den Traí - ceantar Cicone den Odaisé)

- Bheartaigh Aeinéas cathair a thógáil ann agus í a ainmnigh ina dhiaidh ach nuair a thosaigh sé ag

ullmhú na talún, phúsc fuil ó fhréamhacha na bplandaí. Áit adhlactha mhac rí Priam na Traí, Polydorus, a bhí ann, fear ar mharaigh a óstach fealltach é. Bhog Aeinéas ar aghaidh mar sin de.

(2) Déileas (an Mhuir Aeigéach)

- Chuaigh Aeinéas isteach i dteampall Apalló. Dúirt an t-oracal leis dul ar aghaidh go háit a shinsear. Thuig Anchises as seo gurbh í an Chréit a bhí i gceist.

(3) an Chréit (an Mheánmhuir)

- Chuaigh siad go Cnósas. Ba as an gCréit iad sinsir Aeinéis, dar le finscéal amháin. Bhí aisling ag Aeinéas le linn dó codladh, áfach. Tháinig na Penates i láthair agus dúirt siad leis dul chun na hIodáile. (Deirtear i bhfinscéal eile gurbh as an Iodáil a shinsir.) Chuir siad chun farraige athuair.

(4) Oileáin Strophades (an Mhuir Ionian, an Pheilipínéis Thiar)

- Chónaigh na Harpies anseo. D'inis duine de na Harpies, Celaeno, dóibh gurbh í an Iodáil a gceannphointe. Dúirt Anchises leo bogadh ar aghaidh. Chuaigh siad thar Ithica (áit dhúchais Odaiséis), thug siad cuairt ar Leucate agus bhain siad Aictiam amach.

(5) Aictiam (Iarthar na Gréige)

- Chuir Aeinéas Cluichí na dTraíoch ar siúl anseo

- Dhaingnigh sé sciath ar cheann de na doirse mar chuimhneachán dóibh. Glacadh as na Gréagaigh í le linn Chogadh na Traí.
- Chuaigh siad ar aghaidh i dtreo Buthrotum.

(6) Buthrotum (ar mhóirthír na Gréige os comhair Chorfú)

- Bhí iontas ar Aeinéas Andromache a fheiceáil ansin. Bean chéile Eachtair a bhí maraithe ag Aichill le linn Chogadh na Traí ba ea Andromache. Bhí sí pósta le mac eile Priam faoin am seo - Helenus - agus chónaigh siad anseo sa Ghréig. D'fhiafraigh Andromache faoi mhac óg Aeinéis, Ascanius. Tháinig Helenus i láthair láithreach. Thóg sé Buthrotum ionas go mbeadh cosúlacht ag an mbaile leis an Traí. Rinne Aeinéas tagairt dó mar “an Traí bheag”. Thairngir Helenus an chuid eile de thuras Aeinéis [níor luadh an Chartaig]. Dúirt sé go mbeadh eolas ag Aeinéas, trí chomhartha a fháil, cén uair ba cheart dó a chathair san Iodáil a thógáil. Bheadh an chathair á tógáil tar éis d’Aeinéas cráin bhán le tríocha banbh a fheiceáil. Bhí air íobairt a ofráil agus é féin a ghléasadh in éadach corcra.
- Sular fhág siad, thug Andromache fallaingeacha d’Ascanius mar bhronntanas, duine a chuir a mac óg marbh Astyanax ina cuimhne.

(7) Ceraunia (cósta na hAlbáine)

- Sheol siad ó thuaidh go Ceraunia agus tháinig siad i dtír don oíche. D'fhéad siad an Iodáil a fheiceáil ón áit seo (ba é seo an t-achar ba ghairide thar an Muir Aidriad go dtí an Iodáil).

(8) an Iodáil (an Cósta Theas)

- I ndiaidh dóibh an Iodáil a bhaint amach, chonaic siad teampall Mhinéirve agus comhartha tairngeartach na ceithre chapall bhána. Ba chomhartha an chogaidh é seo a bheadh orthu troid san Iodáil. D'ofráil siad íobairt d'Iúnó, mar a mhol Helenus, agus chuaigh siad ar aghaidh ar a mbealach go dtí gur shroich siad Tarentum. Dúradh gur fhéad leo Sliabh Etna (an tSicil) a fheiceáil agus Cairibdis (an guairneán) a chloisteáil ón áit seo. Lean siad ar aghaidh gan eolas na háite acu agus chuaigh siad le sruth chun na Sicile.

(9) an tSicil (Cuan an Chioclóip - an Cósta Thoir)

- D'fhéad siad Sliabh Etna a fheiceáil ón áit seo

- Tháinig strainséir salach ocrach ón bhforaois. Achaemenides a bhí ann. Dúirt sé gur Ghréagach é a bhí fágtha ann ag Odaiséas agus a fhir nuair a thug siad cuairt ar uaimh an Chioclóip. Rinne sé cur síos ar na fathaigh agus ar uaimh Pholaiféamais. D'inis sé dóibh an dóigh ar chaoch Odaiséas agus a fhir an Chioclóip. Tháinig Polaiféamas i láthair ina dhiaidh sin. Thug siad an strainséir ar bord leo agus chuir siad chun farraige

(léigh an sliocht ar Pholaiféamas san “Aeneid”
Leabhar III).

- Réitigh siad gan dul cóngarach do Sciolla ná do Chairíbdís (ba é seo an áit idir an tSicil agus Iadhar na hIodáile agus bheadh sé ar an mbealach ba ghairide go cósta thiar na hIodáile.)
[Baintear úsáid as an seoladh idir Sciolla agus Cairíbdís mar mheafar chun rogha cúinsí a bhfuil contúirt ag gach cúinse a chur in iúl].
- Chuaigh siad an bealach ab fhaide timpeall na Sicile ina áit agus sheol siad thar Selinus. Fuair athair Aeinéis, Anchises, bás tamaillín ina dhiaidh sin. D’fhág siad an tSicil athuair.
- D’iarr Iúnó ar Aeólas, Dia na nGaoth, stoirm a thosú. Bhí Aeinéas agus a fhir stoptha ar farraige le linn na stoirme. Shuaimhnigh Neiptiún, Dia na Farraige, an stoirm agus dhírigh Aeinéas, agus é traochta, ar an gcósta ba chónaraí, ba é sin cósta na hAfraice.

(10) an Chartaig

- Casadh Banríon Díodó ar Aeinéas. Ba as an Tioras í (an Fhéiníc - tugtar an Liobáin inniu uirthi)
- Ba é Sychaeus a fear céile; bhí an-ghrá aici air ach mharaigh a deartháir é.
- Bhí uirthi a bás a sheachaint freisin agus bhí sí ag tógáil cathair nua sa Chartaig. Bhí sí an-álainn agus dúradh go raibh sí cosúil le Diána.

- Bhí sí neamhspleách éirimiúil agus bhí sí ag cruthú a dlíthe féin agus ag stiúradh na hoibre. Bhí sí cultúrtha agus léirigh an teampall d'Iúnó a bhí á thógáil aici a ghrá ar ealaín. Thaispeáin sé pictiúir ar Chogadh na Traí agus ar Aeinéas é féin. Ba ghrá lena muintir í, muintir a thug meas agus urraim di. Bhí sí an-mhorálta agus thug sí mionn dá fear céile marbh nach bpósfadh sí choíche.

- Bheartaigh Iúnó agus Véineas áitiú ar Aeinéas agus Díodó titim i ngrá lena chéile. Chuir Véineas Cúipid (i gcruith Ascanius) chuig Díodó chun bronntanais a thabhairt di agus d'áiteodh Cúipid uirthi titim i ngrá le hAeinéas ina dhiaidh sin. Bhí Díodó drogallach titim i ngrá le hAeinéas. Níor mhaith léi a mionn dá fear céile marbh a bhriseadh. Phléigh sí an cúrsa lena deirfiúr Anna, a d'áitigh uirthi titim i ngrá le hAeinéas mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:
 - bhí sí uaigneach agus ní raibh páistí aici
 - bhí naimhde timpeall uirthi san Afraic
 - d'fhéad a deartháir teacht ó Thioras agus í a mharú freisin

- tharraingeodh sí cáil ar an gCartaig dá bpósfadh sí Aeinéas.

- Chuaigh Aeinéas agus Díodó ag fiach an lá dár gcionn. Chuir na Déithe cith trom chucu agus chuaigh siad ar foscadh uaidh san uaimh chéanna! Mheas Díodó agus Véineas go raibh pósadh ann. Cé go raibh Aeinéas ceanúil ar Dhíodó, níor mheas sé gur phósadh é. Chuir Iúpatar Mearcair ag iarraidh Aeinéas le rá dó gur ghá dó dul ar aghaidh go dtí an Iodáil. Bhí Aeinéas míshásta agus ní

raibh sé cinnte cén dóigh ar inseodh sé do Dhíodó é seo. Thug sé ordú dá fhir na báid a ullmhú. Thuig Díodó ag an am seo go raibh Aeinéas ag imeacht agus tháinig fearg uirthi. Thug sí tréatúir air. Mhóthaigh sí gur fheall sé uirthi agus gur fheall sise uirthi féin. D'iarr sí ar Anna iarracht a dhéanamh áitiú air fanacht.

- Cheap Aeinéas, áfach, gur thábhachtaí Toil na nDéithe a leanúint agus gheall sé imeacht mar sin de. D'iarr Díodó ar Anna breocharn a thógáil ionas go mbeadh sí ábalta gach rud a bhí bainteach le hAeinéas a scrios. Thóg Anna an breocharn agus chéimnigh Díodó air gur mharaigh sí í féin. Bhí Aeinéas imithe faoin am seo agus ag díriú ar an tSicil athuair. D'fhéad sé na lasracha a fheiceáil ón bhfarraige agus b'eol dó an rud a bhí á dhéanamh ag Díodó.

(11) an tSicil

- Tháinig Aeinéas agus a fhir i dtír sa tSicil den dara huair. Ba é san áit seo a fuair a athair bás dhá mhí dhéag ní ba luaithe. Chinn Aeinéas cluichí a chur ar siúl mar ómós dó. Sular cuireadh tús leis na cluichí seo, chuaigh sé chuig an dumha agus d'ofráil sé íobairt.
- Ba é a bhí i gceist sna cluichí seo ná:-
 - (a) rás bád
 - (b) rás reathaíochta
 - (c) comórtas saighead agus boghanna
 - (d) comórtas dornálaíochta
 - (e) paráid capall a threoraigh Ascanius

(Cuir na cluichí seo i gcodarsnacht leis na cluichí in ómós do Patroclas i Leabhar XXIII den “Iliad”).

- Chuir Iúnó na mná ar buile agus chuir siad na longa faoi thine.
- Chaith Aeinéas seacht mbliana ag fánaíocht faoin am seo agus smaoinigh sé ar cheart go bhfanfadh sé sa tSicil. Dúirt an fáidh Nautes leis, áfach, leanúint dá thuras le dream beag fear agus na daoine ba shine a fhágáil sa tSicil chun cathair dá gcuid féin a bhunú.

(12) an Iodáil (Cumae - Cósta Thiar)

- Ba é anseo a casadh an tSibil ar Aeinéas. Bandia a bhí inti a d’fheidhmigh mar threoraí dó agus thug sí go dtí an Domhan Thíos léi é. Chonaic sé an teampall óir i gCoill Dhiána.
- Thóg Daedalus a theampall ar son Dhiána.
- Insítear sna dealbha scéalta ar an gCréit.
- Chun an Domhan Thíos a bhaint amach, theastaigh an Chraobh Óir uathu. D’éirigh leo an Chraobh Óir a fháil trí phéire colm a leanúint.
- Chuaigh siad thar an Stiocs i mbád Charóin (léigh sliocht san “Aeneid”, Leabhar VI)
- Casadh spioraid na ndaoine seo a leanas air sa Domhan Thíos:-
 - (a) Spiorad Dhíodó - bhí an-fhearg uirthi fós agus dhiúltaigh sí labhairt leis
 - (b) Spioraid na ndaoine a fuair bás i gCogadh na Traí
 - (c) Spiorad an fhir a bhí ag rolladh an bholláin go barr an tsléibhe

(Sisifeas)

(d) Spioraid na ndaoine a bheadh ina ndaoine tábhachtacha sa Róimh ina dhiaidh sin

- Spiorad Silvius, an mac a bheadh aige agus ag an mbanríon a phósfadh sé tar éis dó an Iodáil a bhaint amach
- Spiorad Romalais, mac Mharsa, a thug don Róimh a hainm
- Spioraid Ríthe na Róimhe, lena n-áirítear Numa, a thabharfadh don Róimh a dlíthe
- Spiorad Ágastais, duine a bheadh ar an gcéad Impire Rómhánach.

[Baintear úsáid as fealsúnacht athionchollaithe chun an dóigh ar fhág na spioraid an Domhan Thíos le bheith ina bhfíoracha seo sa todhchaí a mhíniú]

An fhealsúnacht impireachta a mhínigh Virgil agus Ágastas ná na daoine bródúla a chur anuas agus saoirse a thabhairt isteach sa Domhan. (Leabhar VI an “Aeneid”).

(13) Latium

- Sheol Aeinéas suas Abhainn na Tíbere ó Chumae. Chuaigh sé i ngleic le cogadh in aghaidh Tumus.
- Bhí Turnus agus iníon Rí Latinus, Lavinia, le pósadh ach d’inis fáidh do Latinus go bpósfadh a iníon strainséir. Chuir sé seo isteach ar Tumus agus chuaigh sé chun troda le hAeinéas mar thoradh.
- D’iarr Véineas ar Bholcán armúr a dhéanamh d’Aeinéas, lena n-áirítear an sciath cháiliúil le radhairc na Róimhe agus Ágastais sa todhchaí.
- Throid an mhaighdean laoiach Camilla in aghaidh na dTraíoch agus mharaigh Arruns í. Ainmníodh Camilla in ómós dá máthair. Chun éalú ón namhaid, chaith a hathair thar abhainn í ar shleá. Tógadh i bhforaois í. Chaith sí

seithe tíogar. Tugadh bogha agus saighead di a luaithe agus a d'fhéad sí siúl. Rinne sí marcaíocht ar a capall, in éadach ríoga chun dul in éineacht le Turnus, gléasta i gcóta corcra le bogha is saighead órga.

(Virgil: “Aeneid” Leabhar VII agus Leabhar XI)

- Maraíodh Turnus (críochnaítear an “Aeneid” anseo)
- Phós Aeinéas Lavinia agus tugadh an Róimh ar a chathair ina dhiaidh sin mar ómós do Romalás (Scéal Romalais agus Réamais).

(iv) Príomhphointí

- Ciallaíonn an t-ainm ‘Aeinéas’ ‘inmholta’
- Prionsa Traígh a bhí in Aeinéas a mhair Scrios na Traí
- Col ceathrair Eachtair a bhí ann
- Ba í Véineas a mháthair (Afráidíte)
- Ba é Iúpatar a sheanathair
- Ba é Anchises a athair (duine básmhar)
- Ba é Ascanius (Iulus) a mhac
- Creusa ba ea a bhean chéile
- Pléitear sinsearach Aeinéis i Leabhar XX den “Iliad”, nuair a throid Aeinéas agus Aichill i gcomhrac
- Nuair a bhuaíl Aeinéas le hAichill i gCogadh na Traí, bhí sé i mbaol maraithe ach thóg Poiséadón suas san aer é agus tharrtháil sé é.
- Bhí Aeinéas iontach tábhachtach mar go bhfágfadh sé an Traí tar éis a loiscthe agus go rachadh sé, le hordú na nDéithe, chun na hIodáile le leagan nua den Traí a thógáil.
- Ba é an Róimh an chathair nua seo agus bheadh Ágastas ina chéad Impire ar an gcathair. Mhaígh Ágastas ginealas díreach ar Iulus (Ascanius), mac Aeinéis. Choimisiúnaigh Ágastas an dán, “an Aeneid”, le linn a réimis ar scríobh Virgil. (Impire na Róimhe ba ea Ágastas le linn na haimsire ar rugadh Críost inti).

- De réir finscéil, mar sin de, ceanglaíodh an Róimh leis an Traí ón gCré-Umhaois mar gheall ar Aeinéas.

(v) Plandaí a ndéantar tagairt dóibh i saothar Virgil

Bhí cosúlacht ag an gCraobh Óir leis an drualus. Baintear úsáid as an hiasaint chun cur síos a dhéanamh ar ghruaig Odaiséis.

(vi) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

- (a) Litríocht - Is cosúil go réamhfhóiraíonn na deighiltí i saothar Virgil ‘Underworld’ gnéithe Críostaíochta ina dhiaidh sin. Bhí antionchar aige ar scríbhneoirí na n-eipicí go léir a tháinig ina dhiaidh. Is é Virgil an treoraí trí Ifreann, i saothar Dante.

- Chaucer: “The House of Fame”, “Legend of good Women”

- Marlow: “Tragedy of Dido”

Is é seo a leanas liosta d’údair bhreise ar imir Virgil tionchar orthu:-

Statius, Spenser, Milton, Dryden agus C.D. Lewis

- (b) Ealaín - Péintéireacht: Poussin, “Virgil being crowned by Apollo” ar an leathanach teidil de “Virgil” a táirgeadh do Louis XIII sa bhliain 1641.

- Mantegna - tarraingeoireacht ar shéadchomhartha do Virgil (Louvre)

- Dealbhóireacht: Bernini, “Aeneas carrying his father”.

- Deartháireacha Francini, “Aeneas carrying his father” - obair Stucó, Teach Bhaile Róisín, Gleann Maghair, Co.Chorcaí

- Dealbh de Virgil i Mantua.

- (c) Ceol - Purcell: “Dido and Aeneas”

- Colgrass: “Virgil's Dream”

- Varesco: “Idomeneus, King of Crete”
(bunaithe ar Virgil)
- Berlioz: “The Trojans” in dhá chuid,
“The Taking of Troy” agus “The Trojans at
Carthage”
- Offenbach: “Orpheus in the Underworld”.

(vii) Ábhair Bhreise do Mhúinteoirí

Chomh maith leis na bunfhoinsí a luaitear thuas, cuideoidh na nithe seo a leanas le teagasc na coda seo:

Sleamhnáin agus Pictiúir ar an Traí agus ar an Róimh.

Leabhar treorach ar Theach Bhaile Róisín, Corcaigh (pictiúr d’Aeinéas ag fágáil na Traí lena athair agus lena mhac).

Sleamhnáin ar Cambridge Latin Course, Aonad 5.

(viii) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

Eagraigh quiz ranga bunaithe ar na daoine agus ar na háiteanna san “Aeneid”.

Tarraing pictiúr le haghaidh eachtra san Aeneid a léiriú.

Éist le hamhrán Purcell “Dido and Aeneas” nó le hamhrán Offenbach “Orpheus in the Underworld”.

(ix) Topaicí Bainteacha

(i) Scéal Daedalus agus Icarus, a mhac

Bhí Daedalus oilte mar dhealbhóir, aireagóir, ealaíontóir, ailtire agus dealbhóir.

Thóg sé an chathair ghríobháin ag Cnósas sa Chréit, ach cuireadh faoi ghlas é agus Icaras, a mhac, sa chathair ghríobháin. Chun éalú, rinne sé sciatháin chleite agus chéarach. D’eitil Icaras ró-chóngarach don ghrian, áfach. Leáigh na sciatháin agus thit sé isteach san fharraige

Tá oileán Icaria agus Muir Icaria ainmnithe mar ómós dó. Adhlacadh ar an oileán é. Rinne a nia Talos an chéad shábh de chnámh géill péiste. Tá ealaín Daeidealach na Ré Ársa (m.sh. Auxerre Kore) ainmnithe ina onóir. D’imir sé tionchar ar Joyce, Gide, L. Cottrell agus Mary Renault.

(2) Scéal Oirféis agus Eoraicidé

Chónaigh Oirféas sa Tráicia láimh le Sliabh Oilimpeas. Amhránaí, ceoltóir agus file a bhí ann. Cheol sé chomh binn gur fhéad sé ainmhithe fiáine a smachtú, gur umhlaigh crainn dó agus d’éirigh na fir ab fhoréigní ní ba shuaimhní le linn dóibh a cheol a chloisteáil. Chuaigh sé ar shluaíocht na n-Argónátach agus sháraigh sé Ceol na Síreanaí. Bhí sé pósta le hiníon Apalló, Eoraicidé, a raibh an-ghrá aige uirthi. Fuair Eoraicidé bás ó ghreim nathrach, áfach. Chuaigh Oirféas go Háidéas chun í a fháil ar ais agus mheall sé gach a raibh ann lena chuid ceoil. Chomhaontaigh Háidéas agus Peirsifiné í a thabhairt ar ais dó ar choinníoll nach bhféachfadh sé siar sula bhfágfadh sé an Domhan Thíos.

D’fhéach sé siar agus fuair sí bás athuair. Insítear i scéal amháin gur stoll mná na Tráicia ina ghiotaí é mar go raibh siad éadmhar lena dhílseacht d’Eoraicidé. Chuaigh a cheann agus lir ar foluain san aer go Lesbos, áit a mbeadh mar ionad na filíochta liricí. Dar le traidisiúin, is sinsear ar Hóiméar agus Héisiad é. D’imir sé tionchar ar Phlatón, Virgil, Ovid, Eoiripidéas Milton, Rilke, Anouilh, ar na scannáin a rinne M. Camus agus Cocteau, ar cheol Offenbach, Gluck agus Monteverdi agus ar bhailé Stravinsky.

(3) Tréith Rómhánach

- Tugtar “Aeinéas deabhóideach” ar Aeinéas
- Tábhacht na deabhóide
 - do Dhéithe
 - do Theaghlach
 - do Phobal & do Stát

(4) Teicnící Scríbhneoireachta

- (a) - Téama an Taistil mar bhonn le haghaidh scéil

- Bealaí chun an carachtar a bhogadh ar aghaidh
- an aimsir
 - eagla
 - teagmhas
 - cuairt a thabhairt ar dhuine éigin
 - athchuart a thabhairt ar áit
 - séadchomhartha, péintéireacht, dealbh a fheiceáil
- (b) Plota
 - Líneach → ó thús go deireadh nó
 - Formáid iardhearcaidh → ó lár go tús agus ó thús go deireadh; nó ó dheireadh go tús go deireadh

(5) Léigh saothar Kavanagh “Memory of Brother Michael”.

(6) Filí Eipice Móra

(a) Hóiméar

Rugadh Hóiméar in áit éigin in Ionia. File caoch a bhí ann, a chum “The Iliad” agus “The Odyssey”. Is é atá i gceist in “The Iliad” ná scéal Chogadh na Traí agus is é in “The Odyssey” ná cur síos ar fhánaíochtaí Odáiseis ar a bhealach abhaile go Ithica.

Is (bun)eipicí béil iad “The Iliad” agus “The Odyssey”. Tá Hóiméar á mholadh mar fhile eipice i saothar Arastatal “Poetics”. D’imir Hóiméar ní ba mhó thionchair ar litríocht iartharach ná aon scríbhneoir eile - Virgil, Dante, Chapman, Keats, Pope, Arnold.

Tá sé le feiceáil i péintéireachtaí Rafael (“Parnassus”); agus Ingres (“Apotheosis of Homer”); agus i ndéalbhóireacht - “Homer”, 2ú hAois R.C. (macasamhail i mBostún; - agus “Apotheosis of Homer”, 2ú hAois R.C. (Músaem na Breataine).

(b) Virgil (70-19 R.C.)

Rugadh é láimh le Mantua san Iodáil agus oileadh é in Cremona agus i Milano. Tháinig sé chun na Róimhe agus d’éirigh sé ina dhlúthchara de

chuid Horáite. Chaith sé na deich mbliana deiridh dá shaol in Naples agus fuair sé bás in Brindisi (san Iodáil) le linn dó filleadh ón nGréig. Adhlacadh in Naples é.

Is é “The Aeneid” a shaothar is tábhachtaí. Cuirtear síos in “The Aeneid” fánaíochtaí Aeinéis ón Traí go dtí an Iodáil ceiliúrtar éachtaí na Róimhe agus Ágastais ann.

D’imir sé tionchar ar litríocht iartharach, agus ar Chaucer, Dante, Dryden agus H. Broch go háirithe (úrscéal “The Death of Virgil” 1945). Léirítear i bpictiúr Poussin ar leathanach teidil an eagráin ríoga de “Virgil” (1641), Virgil a bheith á chorónú ag Apalló.

- (c) Eiseamláir d’eipic Ghaelach is ea An Táin

[3] **TÚS EOLAIS AR AN DOMHAN RÓMHÁNACH**

Ba cheart go bpléifí an saol Rómhánach sa chuid seo ag baint úsáid as fianaise thopagrafach, liteartha agus séadchomharthaí a bhaineann leis an Róimh. Ba cheart go bhfolófaí cúig chinn de na topaicí seo a leanas (déanann na litreacha a-h tagairt do na topaicí mar a liostaítear sa siollabas iad):-

- (a) Bunú na Róimhe
- (b) Tréith Rómhánach
- (c) an Róimh mar Phríomhchathair na hImpireachta
- (d) Reiligiún Rómhánach
- (e) Gnáthshaol laethúil na Róimhe
- (f) Oideachas Rómhánach
- (g) Rialtas agus Riarachán Rómhánach
- (h) Siamsaíocht agus Conláistí

Pléitear topaicí (a), (d) agus (f) go han-domhain sna Treoirínte seo. I gcás na dtopaicí eile, ba cheart go gcuirfeadh an múinteoir san áireamh sonraí cosúil leis

na sonraí a leagtar amach le haghaidh thopaicí (a), (d) agus (f). Ní hionann an méid sonraí a thugtar do gach ábhar. Níor cheart do mhúinteoirí tuiscint dá bhrí seo go bhfuil aon topaic níos tábhachtaí ná aon topaic eile. Is ionann an tábhacht atá ag na n-ocht dtopaic. Cuirtear fianaise phríomha agus ábhair áiseanna san áireamh chun cuidiú le múinteoirí i dteagasc na dtopaicí go léir.

[a] BUNÚ na RÓIMHE

(i) Ag baint úsáid as léarscáil, taispeáin na háiteanna seo a leanas: an Traí, an Róimh, an Chartaig, an Éigipt, an Mheánmhuir, Abhainn na Tibire agus seacht gcnoc na Róimhe. Bunaíodh an Róimh mar lonnaíocht de dhaoine talmhaíochta ar an mbruach clé d'Abhainn na Tibire. D'éirigh sí ina cathair faoi cheannas Romalais agus leathnaigh sí go mbeadh sí ina hImpireacht ollmhór a rachadh timpeall na Meánmhara faoi dheireadh.

(ii) Láthair Gheografach

Fáth amháin ar tháinig rath ar an Róimh ná a láthair gheografach

- is dún nádúrtha é an Róimh mar gheall ar a seacht gcnoc
- tá ithir mhaith le haghaidh talmhaíochta ann
- tá sí suite ar Abhainn na Tibire agus 16 mhíle ón bhfarraige, rud atá tábhachtach i leith trádála agus taistil
- tá aeráid bhreá ann
- tá sí sciamhach

Is áit oiriúnach le haghaidh lonnaíochta í an Róimh mar sin de.

(iii) Finscéalta an Bhunaithe

Tosaíonn scéal na Róimhe le MIOTAIS. Tá Miotais tábhachtach mar:-

- gur chreid na Rómhánaigh iad

- gur úsáid na scríbhneoirí Rómhánacha iad
- Tá téamaí na miotas seo tábhachtach fós i gceol, ealaín agus litríocht an domhain.

(iv) Folaíonn na Príomh-mhiotais na miotais seo a leanas:-

- o Aeinéas ag ceangal na Róimhe agus na Traí le chéile
- o An Seachtar Ríthe ag tosú le Romalás, a thug don Róimh a hainm
- o Na Mná Saibíneacha
- o an ról a bhí ag Mars
- o Na Tarquins

o AEINÉAS

- Ceanglaíonn scéal Aeinéis an Róimh agus an Traí le chéile (féach “Turas Aeinéis” i “Miotais agus Finscéalta na Sean-Ghréige”) - sa siollabas agus sna Treoirínte seo.
- Bhain Aeinéas Latium amach agus phós sé iníon an rí, Lavinia, tar éis cogadh millteanach lena hiar-shuiríoch, Turnus.
- Bhunaigh sé cathair darb ainm Lavinium agus chaith sé trí bliana ina chónaí ann.
- Tháinig a mhac Ascanius i gceannas (a dtugadh Ilus agus Iulus air freisin) agus rialaigh sé ar feadh tríocha bliain.
- D’aistrigh sé a shuíochán ó Lavinium go hAlba Longa.
- Ba ríthe iad a shliochtaigh ar feadh 300 bliain.
- Ba é NUMITOR duine de na ríthe seo.

o ROMALAS AGUS RÉAMAS

- Bhí iníon darbh ainm Rhea Silvia ag Numitor.
- Ghlac a dheartháir, Amúileas, a áit agus d’áitigh sé ar Rhea Silvia bheith ina maighdean veisteach. (Chiollaigh sé seo nár fhéad sí pósadh).
- Bhí cúpla ag Rhea Silvia agus MARS - ROMALAS
- RÉAMAS.
- Chuir a huncail i ngéibheann í agus chaith sé na babaithe in Abhainn na Tibire.

- Thug mac tíre an chíoch dóibh agus thug cnagaire bia dóibh go dtí go bhfuair aoire iad lá amháin agus thug sé abhaile leis iad.
- Nuair a d'fhás siad aníos, chuir siad Numitor ar ais ina choróin agus thóg siad cathair dá gcuid féin.
- D'argóin siad faoin duine acu a bheadh mar rialtóir agus mhaígh comhartha a tháinig ó dhá bhultúr déag gur cheart go mbeadh Romalas mar rialtóir.
- Chaith Romalas sleá ó Chnoc Aventine go dtí an Cnoc Palaitíneach agus ba é san áit sin a thóg sé ballaí a chathrach nua (ballaí cearnógacha)
- Bhí Réamas éadmhar agus léim sé thar na ballaí le taispeáint go raibh siad gan mhaith mar chosaint agus mharaigh Romalas é.
- D'ainmnigh Romalas an chathair 'an Róimh' mar ómós dó féin ar an 21ú Aibreán, 753 R.C.

o NA MNÁ SAIBÍNEACHA

- Thóg Romalas tearmann ar Chnoc an Chaipeatóil do dhaoine gan dídean.
- Ba mhaith leis na Rómhánaigh pósadh ach ní raibh dóthain ban ann.
- Thug Romalas cuireadh dá chomharsana, na mná Saibíneacha, a chónaigh ar Chnoc an Chuireanáil, freastal ar fhéile agus d'iompair a ghaiscígh na mná amach.
- Chuir sé seo isteach ar Rí na Saibíneach agus d'fhógair sé cogadh ar Romalas.
- Ghabh na mná Saibíneacha an Caipeatóil le cuidiú Tarpeia a chomhaontaigh an geata a oscailt dá dtabharfaidís a seodra di.
- Chaith na mná Saibíneacha a sciatha uirthi, áfach, agus bhrúigh siad chun báis í.
- Is é san áit seo, a dtugadh an Charraig Tarpeian air, a cuireadh tréatúirí chun báis.
- Tháinig na Saibíneacha agus na Rómhánaigh chun réitigh lena chéile agus bhí siad aontaithe.
- D'éirigh an gleann idir an dá threibh ina bhFóram (áit mhargaidh agus tionóil)

- Iompraíodh Romalas amach i gcamfheothan lá amháin agus ní fhacthas ina dhiaidh sin é.
- Onóraíodh mar Dhia é faoin ainm Cuirínias' atá bainteach le MARS.
- Tháinig rí Saibíneach darbh ainm Numa i gcomharbacht ar Romalas.
- Thug Numa síocháin isteach agus thug sé dlíthe don Róimh.
- Bhain na hÉastrúscaigh cumhacht de na ríthe Saibíneacha ina dhiaidh sin (na Ríthe TARQUIN).

o MARS

- Ní raibh íomhánna ag na Déithe sna blianta tosaigh. Measadh gurbh fhórsaí iad (NUMINA).
- Onóraíodh Mars mar Dhia na Talmhaíochta.
- Baineadh é leis an mac tíre.
- Baineadh é le neart agus le fireannacht ina dhiaidh sin.
- Baineadh le hAiréis é faoi thionchar na nGréagach agus aithníodh é mar Dhia an Chogaidh.
- Ba spás oscailte é CAMPUS MARTIUS (Gort Mharsa) a ndeachaigh na hairm ar pháraid ann agus ar cuireadh spórt lúthchleasaíochta agus míleata ar siúl ann. D'éirigh sé seo mar láthair Phaintéon Aigripe (27 R.C.) ina dhiaidh sin.
- Ainmníodh Márta (Martius) in ómós do Mhars.
- Ba é Cuirínias (foirm Mharsa) an t-ainm a tugadh ar Romalas nuair a rinneadh Dia de tar éis a bháis.

o NA TARQUINS

Bhí an triúr Rí Tarquin ina nÉastrúscaigh

(1) Tarquinus Priscus (616-579 R.C.)

- Sliochtach de chlann Ghréagach
- Dídeanaí Éastrúscach a bhí ann. Bhí sé ina fhostaí de chlann ríoga na Róimhe agus
- smachtaigh sé Etruria ar fad (na hÉastrúscaigh)
- thug sé feathail cheannasachta na nÉastrúscach chun na Róimhe

leis

→ an Curule, cathaoir fillte eabhair a bhí inti

→ na slata agus na tuanna (na “Fasces” - tháinig an focal ‘faisisteachas’ as seo)

- thóg sé an séarach mór (Cloaca Maxima) a théann faoin bhFóram fós.

(2) Servius Tullius (578-535 R.C.)

- Cliamhain Tarquinius Priscus a bhí ann.
- Leathnaigh sé cumhacht na Róimhe chuig na Laidinigh.
- Chosain sé an Róimh le balla mór; tá codanna de ann fós.
- D’eagraigh sé daoine de réir talaimh, ní de réir breithe, rud a chuir isteach ar na huaisle.
- Bhunaigh sé Comitia Centuriata, Ard-Tionól na Rómhánach.
- Dúnmharaíodh é agus d’urghabh Tarquinius Superbus an choróin.

(3) Tarquinius Superbus (Tarquin Bródúil) (534-510 R.C.)

- Dhúnmharaigh sé, Servius Tullius, an rí, agus d’urghabh sé an choróin.
- Rialaigh sé mar thíoránach agus rinne sé cos ar bolg ar na daoine.
- D’ionsaigh a mhac LUCRETIA, mátrún Rómhánach.
- Chuir sé seo isteach ar na daoine agus d’éirigh siad amach ina choinne.
- Díbríodh é.

Sonraítear anseo deireadh Ríthe na Róimhe agus teacht na Poblachta. Bhí an Róimh á rialú ag dhá chonsal ón mbliain 509 R.C. a raibh cúram oifige acu ar feadh bliana agus a roinn an chumhacht.

- Na chéad chonsail seo ná - BRUTUS, nia Tarquin
- fear céile LUCRETIA.

[Díbríodh na PISISTRATIDAE, na forlámhaithe, ar an Aithin le linn na haimsire seo].

(v) Fianaise Sheandálaíochta

- Ba é i lonnaíocht na chéad aoirí ar an mbruach clé d'Abhainn na Tibire laistíos den Bhalla Palaitíneach ná botháin dhronuilleogacha.
- Tógadh ballaí cearnógacha na cathrach ar an gCnoc Palaitíneach sa bhliain 753 R.C. agus baineadh le Romalas iad.
- An Fóram, atá suite i ngleann idir an Cnoc Palaitíneach agus an Cnoc Esquiline. Bhí sé ina áit mhargaidh do thalmhaithe i dtús báire. D'éirigh sé mar ionad polaitíochta tráchtála is reiligiúnach na Róimhe Poblachtaí agus na Róimhe Impiriúla ina dhiaidh sin.
- Is é CLOACA MAXIMA, an séarach mór, obair na chéad rí Tarquin.
- Is féidir na ballaí ciorclacha móra a leanann bunbhallaí SERVIUS TULLIUS le feiceáil go páirteach os comhair an Stáisiúin Láir.
- Iarsmaí Chuan OSTIA, ionad cáiliúil Aeinéis chun teacht i dtír.

(vi) Bunfhoinsí

Virgil: "The Aeneid".

Plútarc: "Lives" (Romalas; Numa Pompilius).

Livy: "History of Rome".

Ovid: "The Fasti".

Boinn.

Mac tíre cré-umha 3ú hAois R.C. - (Músaem an Chaipeatóil)

Iarsmaí seandálaíochta na Róimhe (a luaitear thuas).

(vii) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

- Litríocht - Statius, Marlowe, Dante, Spenser, Chaucer, Milton, Dryden, C.S. Lewis
- Ealaín - Lemaire: "The Young Romulus" (An Dánlann Náisiúnta, Éire).

Botticelli: “Venus and Mars”
(An Dánlann Náisiúnta, Londain)

Péintéireachtaí a rinne Poussin, Rubens agus David freisin.

Dealbhóireacht - Giovanni da Bologna : “Statue of the Sabines”.

- Ceol - Purcell: “Dido and Aeneas”.
- Berlioz: “Roman Carnival” agus “Les Troyens”
- Holst: “The Planets” (saothar faoi Mhars)

(viii) Léitheoireacht Bhreise do Mhúinteoirí

Leonardo B. Dal Maso: “Rome of the Caesars”.

Patricia Corbett: “Roman Art”.

(ix) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Athinis scéal Aeinéis, agus scéal Romalais is Réamais.
- Tarraing léaráidí bunaithe ar na scéalta.
- Samhlaigh gur Romalas thú ag cónaí ar an gCnoc Palaitíneach. Déan cur síos ar:
 - o do bhothán, ar a chruth srl.
 - o cruth na mballaí a thimpeallaíonn an chathair
 - o na saintréithe geografacha timpeall ort
 - o na rudaí is maith leat faoi do shaol
 - o do chomharsana
- Athinis scéal na Ríthe Tarquin.

(b) TRÉITH RÓMHÁNACH, mar a léirítear i

(i) Scéalta na Laochra Tosaigh

Bunfhoinsí:

- Aeinéas - Virgil: “The Aeneid”
- Horatius - Livy, Leabhar II, Caibidil I0

Mucius Scaevola	-	Livy, Leabhar II, Caibidil 12, 13.
Brútas	-	Livy, Leabhar I, Caibidil 56- 60
Coriolanus	-	Plútarc: “Lives”
Cincinnatus	-	Livy, Leabhar III
Camillus	-	Plútarc: “Lives”
Manilius	-	Livy, Leabhar V.

(ii) Scéalta na mBan Ardchéimneach Rómhánach

Bunfhoinní:

Lucretia	-	Livy, Leabhar I; Ovid, “Fasti”
Tarpeia	-	Livy, Leabhar I
Verginia	-	Livy, Leabhar III; Caibidil 44- 58
Cornelia	-	Plútarc: “Lives”.

(iii) Scéalta na nDaoine Tábhachtacha sa Phoblacht ina dhiaidh sin

Bunfhoinní

Quintus Fabius

Maximus Cunctator - Plútarc: “Lives”

Na Scipios - Dialóga Chicearó “On Friendship” agus “On the Republic”

Cató Mór - Plútarc: “Lives”

An Gracchi - Plútarc: “Lives”

Cato Óg - Plútarc: “Lives”

Poimpéas - Plútarc: “Lives”

Cicearó - Plútarc: “Lives”

Caesar - Plútarc: “Lives”

(Ba cheart go dtuigfeadh múinteoirí nach iad na tagairtí a thugtar thuas in (i), (ii) agus (iii) na tagairtí amháin atá ar fáil.)

(iv) Ba cheart go dtabharfaí téamaí mar pietas (deabhóid) agus gravitas (dínit) sa topaic seo, ag leibhéal cuí.

(v) Ábhar Léitheoireachta sa Bhreis do Mhúinteoirí

- “Who's Who in the Ancient World”: Betty Radice (Penguin).
- “The Oxford Companion to Classical Literature” le Sir Paul Harvey.

[c] AN RÓIMH MAR PHRÍOMHCHATHAIR NA hIMPIREACHTA, lena n-áirítear -

- (i) Achoimre ar fhás na Róimhe ó stát cathrach go hImpireacht
- (ii) Geografaíocht na hImpireachta
- (iii) Concas Rómhánach m.sh. ionradh ar an nGaill nó ar an mBreatain Mhór
- (iv) Cumarsáidí laistigh den Impireacht
- (v) An “Pax Romana”
- (vi) Éirí na Críostaíochta laistigh de theorainn na hImpireachta.
- (vii) Bunfhoinsí
Caesar: “The Gallic Wars”, ar an nGaill agus ar an mBreatain Mhór (pléitear an Bhreatain Mhór i Leabhar IV agus i Leabhar V).
Tacatas: “Agricola”
Lactor Series II (a haon déag), “Literary Sources for Roman Britain”, J.C. Mann agus P.G. Penman.
Lactor 8, “Inscriptions of the Roman Empire”
Lactor 7, “Roman Politics”
Horáit: “Satires” Leabhar I, 5 (taisteal)
“Res Gestae Divi Augusti”: Brunt agus Moore, Oxford
Plinias Óg: “Letters” 10, 96, 97
Tacatas: “Annals” (15. 44)
Tiomna Nua
Cambridge School Classics Project: “Lugdunum”, litir ó Eusebius (as a shaothar ‘Stair na hEaglaise’ v.i)

Ealaín: ag Pergamon, san Áise Bheag, cheiliúir Attalus I a bhua in aghaidh na nGall (Galátaigh) trí shraith dealbh a thiomnú d’Aitéiné (féach Richter).

(viii) Ábhar Léitheoireachta sa Bhreis do Mhúinteoirí

Cambridge School Classics Project.

H.H. Scullard: “From the Gracchi to Nero” (133 R.C. - A.D.68)

E.T. Salmon: “A History of the Roman World” (30 R.C. - A.D. 138)

Atlas Clasaiceach: M. Grant: “Ancient History Atlas” Arthur

Banks: “A World Atlas of Military History” Iml. I –go 1500 A.D.

R.J. Talbert: “The Atlas of Classical History”.

Richter: “A Handbook of Greek Art” (le haghaidh phictiúir na nGall)

[d] REILIGIÚN RÓMHÁNACH

(i) DI INDIGETES (Déithe Dúchais)

○ Bunús

→ fórsaí (NUMINA) → ní raibh íomhána acu

→ bhí siad bainteach le talmhaithe

→ d’fheidhmigh siad mar spioraid tí a ghníomhaigh mar chaomhnóirí agus mar spioraid ghoirt a chosain táirgeadh barr.

○ Spioraid Tí

- JANUS (áit an dorais)
- VESTA (teallach)
- PENATES (cófra).

○ Spioraid Ghoirt

- TERMINALIA (clocha críche)
- TELLUS (íthir)
- CEIRÉAS (barra)
- SATURNUS (síolú)

- PALES (tréad)
 - OPS (fómhar).
- o Tábhacht na nDéithe. Chothaigh siad PIETAS (deabhóid) agus thug siad PAX DEORUM, síocháin, isteach
 - o De réir mar a tháinig an bunadh tosaigh i dteagmháil le treibheanna eile, go háirithe i gcoimhlintí troda, d'éirigh MARS ar Dhia an Chogaidh agus d'éirigh Iúpatar ar Dhia an Chirt.
 - o De réir mar a d'éirigh na treibheanna talmhaíochta mar chuid de chathair na Róimhe, chuaigh a ndéithe leo agus bhí siad mar dhéithe stáit agus mar dhéithe teaghlaigh.
 - VESTA (teallach an stáit)
 - IÚPATAR (ceart)
 - MARS (cogadh)
 - JANUS (bearna gheata na cathrach)
 - PENATES (clann agus stát)
 - LARES (clann agus stát trí na goirt)
 - IÚNÓ (ar cheap an stát í tamall ina dhiaidh).

Tháinig reiligiún eagraithe stáit laistigh de bhallaí na cathrach mar gheall air seo. Baineadh reiligiún as na gnáthdhaoine agus rinne SAGAIRT na deasghnátha.

(ii) DI MANES (spioraid na Marbh)

- dea-mhéiniúil
- mhair siad lasmuigh de bhallaí na cathrach mar go raibh na mairbh adhlactha lasmuigh de bhallaí na cathrach
- bhí siad bainteach leis an Domhan Thíos ina dhiaidh sin
- bhí dhá fhéile bainteach le Di Manes:-
 - o féile sailchuach agus rósanna ar cuireadh bláthanna ar na huaigheanna inti
 - o Thug Aeinéas Parentalia isteach, cuireadh ar siúl i mí Feabhra é.

(iii) DI NOVENSILES (Déithe Iompórtáilte)

- DIÁNA → Latium
- MINÉIRVE → na hÉatrúscaigh
- APALLÓ → Cumae agus an tSibil
- CEIRÉAS → Déiméitéir (Ceiréas bunúil freisin)
- MEARCAIR → trádáil leis an tSicil
- AESCALÁIPIAS → plá san Iodáil.

(iv) Forbairt Stairiúil ar Reiligiún Rómhánach

- Rinneadh dearmad ar bhunús Iodálach na Seandéithe sa deireadh agus sainathnódh na Déithe le Déithe Gréagacha ó thaobh finscéil, crutha agus feidhme de.
- D'athraigh na hÉatrúscaigh seansmaointe Rómhánacha trí na nithe seo a leanas a thabhairt isteach:
 - teampaill
 - fáidheadóireacht trí thairngreachtaí agus thuartha (m.sh. eitilt na n-éan)Theip ar an stát go leanúnach riachtanais reiligiúnacha a shásamh agus chuaigh na haicmí oilte i dtreo fealsúnachta.
- Chuaigh na sluaite san aois dheiridh roimh Chríost i dtreo modhanna oirthearacha adhartha agus chuaigh na haicmí oilte i dtreo:
 - fhealsúnacht na Stóich
 - fhealsúnacht na nEipiciúrach
 - fhealsúnacht na Nua-Phíotágarásach
- D'athbheoigh Ágastas reiligiún mar gur mhaith leis PIETAS (deabhóid) agus PAX DEORUM (saoirse na nDéithe) a athbhunú. (B'fhearr le Ciccaró, le Virgil, le Horáit agus le Livias na deasghnátha traidisiúnta).

(v) RÍ NUMA (Bunfhoinse: Plútarc - "Lives")

- Rí Saibíneach a bhí ann (bhí na Saibínigh bainteach le Sparta)
- Tháinig sé i gCoróin i ndiaidh Romalais

- Rugadh é ar 21ú Aibreán sa bhliain 753 R.C., an lá ar cuireadh an Róimh ar bun.
- Duine firéanta macánta
- Bhí geataí an chogaidh druidte le linn a réimis 43 bliain. Rialaigh síocháin. Tugtar Ré Órga Tosaigh na Róimhe ar an ré seo.
- Bhí sé thar ochtó bliain d’aois nuair a fuair sé bás.
- Bhí dhá chónra chloiche ag a shearmanas adhlactha, ceann amháin ina raibh a chorp agus ceann amháin ina raibh a leabhair bheannaithe.
- D’atheagraigh sé an féilire ionas go mbeadh 12 mhí sa bhliain in ionad deich mí.
- Bhunaigh sé cineálacha éagsúla sagart:
 - PONTIFICES (Pointifí) a bhí freagrach as na deasghnátha
 - FECIALES (Sagairt fheidhme) a bhí ina gcaomhnóirí síochána agus rinne siad iarracht argóintí a réiteach trí dhialóg
 - SALII a bhí freagrach as na Sciatha

(vi) Scéal na Sciath agus na Salií

- Sna blianta tosaigh, bhí plá mhillteanach sa Róimh.
 - Ligeadh sciath chré-umha ó Neamh agus chuir sí seo deireadh leis an bplá.
 - Chinn Numa go ndéanfaí aon sciath déag chosúla eile ionas nach n-aithneofaí agus nach ngoidfí an sciath fhíor.
 - D’iompair na Salií na Sciatha tríd an Róimh ar lá féile i mí an Mhárta.
 - Rinne na Salií damhsa léime le linn dóibh iad a iompar.
 - Chaith siad léinte gearra corcra agus crios leathan buailte le prás; chaith siad clogaid phráis fosta.
 - Bhuail siad na Sciatha le miodóg de réir mar a shiúil siad.
 - Tugadh ANCILIA ar na Sciatha.

(vii) Scéal ar Fhleá a d’óstáil Numa

- Thug Numa cuireadh do roinnt saoránach ar bhéile.
- Bhí na miasa agus an bia gnách.
- Rinne Bandia fleá shaibhir le soithí galánta ólacháin de. (Fleá bhainise ag Cána!).

(viii) Scéal Picus agus Faunus

- Thaitigh Picus agus Faunus, beirt shaitirí ceantar timpeall Shliabh Aventine agus chuaigh siad ar fud na cathrach, ag bualadh bobanna.
- Sháinnigh Numa iad le fion agus le mil lá amháin.
- Rinne siad iarracht eagla a chur air sa chéad dul amach trína gcruth a athrú ach nuair nár éirigh leo, nocht siad rúin agus orthaí dó.
- Dúirt siad gurbh fhéidir cluain a imirt ar thoirneach agus ar thintreach (Iúpatar) le hoinniúin, le gruaig agus le pilséir!

(ix) Féilte

- (1) Bhí na Féilte ba luaithe bainteach le talmhaithe. Ba é TORTHÚLACHT an t-inspreagadh sna féilte. Ba iad barra maithe an t-inspreagadh i bhFéile na Spiorad Goirt agus an t-inspreagadh i bhFéile LUPERCALIA ná torthúlacht an duine. Ba í an Lupercalia an fhéile ba thábhachtaí agus mhair sí go dtí an bhliain 494 A.D.

An Lupercalia

- Féile bhliantúil a bhí inti a cuireadh ar siúl i mí Feabhra in ómós d’Fhaunus.
- Bainteach leis an uaimh Lupercal ar an gCnoc Palaitíneach mar ar thug an mac tíre an chíoch do Romalag agus do Réamas.

- Bhuail beirt ógánach nochta na daoine le criosanna seithe ghabhair le leathar gabhair chun torthúlacht a spreagadh.
- Féile íonghlanta a bhí inti.
- Thairg Mark Anthony coróin do Julius Caesar le linn na féile seo sa bhliain 44 R.C., rud a dhiúltaigh sé.

(2) An Ré Phoblachtach

D'éirigh na féilte bainteach le cluichí poiblí a dtugadh LUDI orthu.

- o Cuireadh na cluichí ar siúl chun bá Dé ar leith a shaothrú
- o Ba ghá deasghnáth cruinn a leanúint nó ba ghá é a dhéanamh arís
- o Difriúil le cluichí Gréagacha mar nach raibh aon chomórtais lúthchleasaíochta ann
- o LUDI príomha na ré seo ná:-

(a) LUDI ROMANI (MAGNI) d'IÚPATAR, a cuireadh ar siúl i mí Mheán an Fhómhair. Bunaíodh é mar gheall ar fheachtas buach.

Ba iad a bhí i gceist sna cluichí ná:

- mórshiúl le samhlacha na nDéithe
- rásaí carbad – gnáthaimh mhíleata
- d'éirigh LUDI SCAENICI, drámaí, mar chuid den fhéile ina dhiaidh sin
- fad 15 lá.

(b) LUDI PLEBEII, an fhoirm Phleibeach de Ludi Romani.

(c) LUDI APOLLINARES d'APALLÓ, a cuireadh ar siúl i mí Iúil

bunús → géarchéim le linn an dara Cogadh Púnach

Ba iad a bhí sna cluichí go príomha ná taispeántais dhrámaíochta ar feadh naoi lá agus bhí lá amháin de chluichí sa sorcas.

(d) LUDI MEGALENSES do CYBELE, a cuireadh ar siúl i mí Aibreáin

- bunús→ teacht Chloch Naofa Cybele ón bhFrígia

Taispeántais dhrámaíochta go príomha agus lá amháin de chluichí sa sorcas.

(e) LUDI CEREALES do CHEIRÉAS, a cuireadh ar siúl i mí Aibreáin

- féile phleibeach
- ní raibh ach lá amháin de chluichí ann.

(f) LUDI FLORALES do FLORA, a cuireadh ar siúl i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine

- féile bhláthanna
- chaith fir bláthanna
- chaith mná gúnaí dathannacha
- drámaí agus ainmhithe seilge sa sorcas
- á reáchtáil ag an Stát le haghaidh vótaí a tharraingt.

(g) Tugadh GLIAIRÍ isteach sna cluichí poiblí ag deireadh na Ré Poblachtaí.

(h) Thug Julius Caesar Cathanna Mara Bréige isteach (NAUMACHIAE).

Thóg Ágastas báisín speisialta, a dtugadh an ‘Naumachia’ air, ar an mbruach clé d’Abhainn na Tibire i gcomhair na gcathanna mara bréige seo. D’eagraigh Claudius Naumachia cáiliúil ina raibh dhá chabhlach ag ionadú na Sicile agus an Ródais. Ba é i ngach dreas ná dhá thrírím déag.

- ba phríosúnaigh nó choirpigh iad na comhraiceoirí
- Throid siad go bás mura tharrtháil an tImpire iad.

(3) Ré na hImpireachta

- Leanadh na cluichí ach cuireadh cluichí eile leo.

(a) LUDI SAECULARES

- Ágastas 17 R.C.
- Cláidias 47 A.D.
- Domitianus 87 A.D.

(b) LUDI MARTIALES ~ MARS

bunús → ar fhilleadh Ágastais ón Oirthear, ceiliúradh a bhí sna cluichí. Cuireadh na cluichí ar siúl ina dhiaidh sin ar lá breithe na nImpirí.

- (c) AGON
- aithris ar na Cluichí Oilimpeacha
 - tugtha isteach ag Néaró
 - gach ceithre bliana

- (d) LUDI TROIAE - bainteach le cluichí sochraide ANCHISES
D'athbhreithnigh Julius Caesar iad.

(x) Íobairtí

- Ofrálacha do na Déithe → ofráil pheaca (m.sh. muc)
→ ofráil tíolactha
- Ghlac an t-adhraitheoir páirt san ofráil.
- Deasghnáth
 - o Íobartaigh gan smál
 - o spréadh ceann ainmhí le fion agus le grabhróga ciste
 - o dúirt an sagart paidreacha, lena cheann clúdaithe
 - o seinneadh fliúit ar fud an deasghnátha
 - o ba ghá go ndearnadh an deasghnáth go foirfe nó ba ghá é a dhéanamh arís

- Tugadh CARMINA ar na paidreacha agus canadh iad.
- Cuspóirí → le haghaidh íonú na cathrach, an airm, na mbarr, srl.
 - buíochas le haghaidh na bhfabhar a fuarthas a chur in iúl
 - iarraidh ar Dhéithe an Namhad an namhaid a thréigean. Má d'éirigh le paidreoireacht, d'ofráil na daoine ar bagraíodh orthu cluichí agus nó/teampall do Dhéithe an Namhad
 - tiomnú saighdiúra i gcogadh
 - VOTA PUBLICA
 - (1) an chéad lá sa bhliain oifigiúil ar Chnoc an Chaipeatóil
 - (2) gach cúig bliana ag Campus Martius.

(xi) Pósadh

Bhí dhá chineál pósta ann:-

- (1) Trí thoil a chéile; ní raibh cearta ag ceachtar taobh. D'fhan an bhrídeach faoi chosaint a hathar.

NÓ

- (2) Tháinig an bhean faoi lánchumhacht a fir chéile. Shocraigh a hathair an pósadh seo. Fuarthas gealltanais agus fáinne nuair a socraíodh an pósadh. Measadh go raibh laethanta agus míonna áirithe mí-ámharach m.sh. Márta, Bealtaine agus Meitheamh. Thiomnaigh an bhrídeach a bréagáin agus a toga do spioraid (Lares) theach a hathar agus d'fhág sí ansin iad.

D'fholáigh feisteas brídeoige:

- gúna le sursaing
- caille dhearg
- bróga cróch
- fleasc bhláthanna ina cuid gruaige, agus í críocha ina sé dhual

Searmanas:

- thug bean phósta an bhrídeach agus an fear nuaphósta le chéile agus rug siad greim láimhe ar a chéile
- paidreacha agus íobairt
- bhí dea-mhéin ag na haíonna dóibh.

Cuireadh an fhleá ar siúl i dteach athair na brídí. Bhí mórshiúl go dtí a teach nua a bhí treoraithe ag seinnteoirí fliúite agus ag iompróirí tóirse. Ungadh na cuailí dorais agus clúdaíodh le bláthanna iad. Iompraíodh an bhrídeach thar tairseach. Chuir an fear nuaphósta fáilte chuici le tine agus le huisce agus dúradh paidreacha breise. Thug an lánúin fleá an lá dár gcionn.

(xii) Gnásanna Adhlactha

Bhí an-tábhacht ag sollúntacht san adhlacadh.

Deasghnátha Sochraide:

- gnás de bhreith na hanála deiridh ag gaol, sclábhaí nó gliaire
- bhí na súile druidte
- dhruid páistí súile a dtuismitheoirí
- gáir chun an spiorad a fháil ar ais le cinntiú go raibh an duine marbh
- ungdadh an corp le cumhrán.

- feisteas - toga
 - éadach dubh → na boicht
 - róba oifige → oifigh
- má bhí sé tuillte, cuireadh coróin ar cheann an chorpáin
- cuireadh bonn airgid i mbéal an duine mhairbh. Sheas sé don táille do bhád Charóin
- ag luí faoi ghradam stáit - san áit oscailte sa teach
 - le cosa ar aghaidh an dorais
 - agus á thimpeallú ag tóirsí agus túis

Mórshiúl Sochraide:

- d'iompair cairde an corp
- adhlacadh páistí i gcónaí san oíche faoi sholas tóirse (adhlacadh daoine fásta i rith an lae)
- leagadh an corp ar chróchar adhmaid
- dhírigh fliúiteadóirí agus trumpadóirí an mórshiúl
- shiúil mic lena gceann clúdaithe; shiúil iníonacha lena gceann neamhchlúdaithe
- feisteas dubh

Adhlacadh:

- ba mhinic a bhí sé taobh amuigh den chathair
- adhlacadh páistí óga faoin teach
- cuireadh cosc ar chréamadh sa chathair ar eagla tine

Cur i dtalamh:

- bhí cónraí déanta de chloch, de luaidhe nó de chré agus úsáideadh leathamfaraí móra uaireanta mar chónraí.

Créamadh:

- breocharn - pic nó paipír
 - cuireadh faoi thine le tóirsí
 - múchadh an tine le fíon
 - bailíodh cnámha i síothal ina dhiaidh sin
- Ba ghá gur caitheadh ithir ar an gcorp sular adhlacadh é
- Mura ndearna oidhre an searmanas, bhí air íobairtí a ofráil don Domhan agus do Cheiréas.

Sochraidí Poiblí:

- chan cóir bearta an duine mhairbh
- lean mímeoirí agus rincoirí iad

- d'iompair sclábhaithe fuascailte dealbha an duine mhairbh
- shiúil daoine uaisle sa mhórshiúl
- chuaigh an mórshiúl chuig an bhFóram i dtús
- tugadh óráid ansin.

Sochraidí Míleata

- adhlacadh na mairbh in uaigheanna fada ar an láthair chatha.
- deasghnátha adhlactha
- óráid shochraide
- tugadh ceannairí iontacha abhaile dá mb'fhéidir.

Deasghnátha Sochraide i ndiaidh Adhlactha

- níor fhéad na hoidhrí earraí a roinnt ná éileamh ar an eastát ar feadh naoi lá tar éis adhlactha.
- críochnaíodh an tréimhse le fleá.
- mhair tréimhse na mairgní 8 – 10 mí i gcás daoine fásta agus 2 – 10 mí i gcás páistí, de réir a n-aoise.

Creideamh sa Saol Eile:

- cuireadh bonn i mbéal an chorpáin le hóc as turas bhád Charóin
- chreid roinnt daoine go ndeachaigh an corp go saol eile i riocht foirfe → cur i dtalamh
- chreid daoine eile nach ndeachaigh ach an spiorad go saol eile - créamadh
- Cuireann Virgil síos ar an Domhan Thíos ina shaothar “The Aeneid” (Leabhar VI). Baineadh rochtain ar an Domhan Thíos amach trí dhul thar an Stiocs i mbád Charóin
- dhá phríomhláthair → TARTARUS
→ ÉILÍSIAM
- Dia an Domhain Thíos → DIOS (Plútón)
- Bhí an Domhan Thíos á chosaint ag Ceirbearas, an madra trí-cheannach
- Ainmnítear an Champs Elysées i bPáras in ómós do Pháirceanna Éilísiam

(xiii) Na Maighdeana Veisteacha (Féach saothar Phlútairc “Lives” → Numa)

- Chruthaigh Numa na Maighdeana Veisteacha. Chosain siad an tsíorthine do Vesta sa chathair. Thug siad móid mhaighdeanais ar feadh 30 bliain.
- Pribhléidí in éiric uirthi seo:
 - iompraíodh “na Fasces”, siombailí údaráis, rompu nuair a thaistil siad
 - d’fhéad siad coirpeach a tharrtháil ó bhású má casadh sé orthu ar a dturas.
 - má bhrúigh aon duine ar an gcathair ar iompraíodh siad uirthi, maraíodh é.

- Sciúrsáil ardsagart iad mar gheall ar mhionlocht má bhris siad móid an mhaighdeanais.
Adhlacadh iad beo cóngarach don Gheata Collina. Ba é an t-ardsagart a gcaomhnóir.
Ba iad GEGANIA agus VERENIA na hainmneacha a bhí ar na chéad bheirt mhaighdean.
- B'iníonacha na gclann paitríoch iad na maighdeana veisteacha. Bhí ceathrar acu ann ar dtús agus bhí seisear ann ina dhiaidh sin.
- Bhí teampall Vesta (curtha i leith Numa) ciorclach.

(xiv) Bunfhoinsí

Plútarc: “Lives” (Numa Pompilius agus Romulus).

Virgil: “Aeneid” (An Domhan Thíos agus Na Cluichí).

Féach freisin Jo-Ann Shelton: “As the Romans Did” – leabhar foinsí ar Shocháí Rómhánach (OUP).

(xv) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

- Deasghnátha coitianta adhlactha agus pósta
- Tagann deighiltí an Domhain Thíos le coincheapa Ifrinn agus Neimhe i gCríostaíocht
- Bhí fáistineacht ann go dtí an 17ú hAois, le feiceáil trí Virgil a oscailt go randamach
- Chaucer: “The House of Fame”
- Dante - ba é Virgil a threoraí trí Ifreann
- ón Athbheochan ar aghaidh, bhí an-tionchar ag Virgil ar scríbhneoireacht eipice
- Poussin - Virgil á chorónú ag Apalló.
- Hermann Broch: “The Death of Virgil”.
- Purcell: “Dido and Aeneas”.

(xvi) Ábhair Bhreise do Mhúinteoirí

“The Romans and their Gods”, R.M. Ogilvie, Chatto and Windus, 1974.

“Roman Religion”, Michael Massey (Aspects of Roman Life Series -Longman).

(xvii) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

- Tarraing pictiúir chun na scéalta atá bainteach le Numa a léiriú
- Tarraing agus dathaigh brídeach Rómhánach

[e] GNÁTHSHAOL LAETHÚIL SA RÓIMH, lena n-áirítear

- (i) An teaghlach agus lucht an tí
- (ii) Cóiríocht mhaireachtála (domus, insula, villa)
- (iii) Fóram, baisleac, siopaí, ceirdeanna agus gairmeacha, airgead agus tráchtáil go ginearálta
- (iv) Deighiltí aicmíochta idir pairtrígh agus pleibigh
- (v) Pátrúin agus cliaint
- (vi) Stádas cailíní agus ban
- (vii) Sclábhaithe den bhaile agus den tír, Spartacus
- (viii) Deighiltí ama den lá agus den oíche

(ix) Bunfhoinsí

Féadfar Bunfhoinsí a fháil sna leabhair seo a leanas:

Jo-Ann Shelton: “As the Romans Did” - (Oxford University Press)

“Roman Civilisation”: Leabhar Foinsí I, “The Republic”; Leabhar Foinsí II, “The Empire”,

Naphtali Lewis agus Meyer Reinhold (Harper).

“Aspects of Roman Life”, Peter Hodge (féach cártaí oibre le haghaidh tagairtí).

(x) Ábhair Bhreise do Mhúinteoirí

The Cambridge School Classics Project: “The Roman World”. (Féach Lámhleabhair an Mhúinteora)

“Living in Imperial Rome”, Eilis Dillon (leabhar atá oiriúnach do dhaltaí léamh)

“Everyday Life in Ancient Rome”, F.R. Cowell (leabhar atá oiriúnach do dhaltaí léamh)

“Daily Life in Ancient Rome”, J. Carcopino

“Pompeii”, Ian Andrews

“Rome of the Caesars”, Leonardo B. Dal Maso

“Roman Art”, Patricia Corbett

Aspects of Roman Life Series:

- “Roman Technology and Crafts”, Miranda Green
- “The Roman House”, Peter Hodge
- “Roman Trade and Travel”, Peter Hodge
- “Roman Family Life”, Peter Hodge
- “Roman Towns”, Peter Hodge
- “Roman Archaeology”, Miranda Green

[f] OIDEACHAS RÓMHÁNACH

(i) Stádas Páistí

Nuair a rugadh an páiste, chinnfeadh an PATERFAMILIAS (ceann an tí) an nglacadh sé leis an bpáiste nó nach nglacadh leis.

- Murar glacadh leis an bpáiste, d’fhéadfadh sé bheith á nochtadh chun báis nó á dhíol chun sclábhaíochta.
- Má glacadh leis an bpáiste, thug na tuismitheoirí an-aire dó i dtimpeallacht mhorálta agus reiligiúnach. Bhí an t-athair dian. Bhí tábhacht ag umhlaíocht.
- Chonacthas an meas a bhí ar an bpáiste san éadach a chaith sé.
 - o TOGA PRAETEXTA, ba é sin ball éadaigh bháin fhada le stríoca corcra, cosúil leis an mball éadaigh a chaith sagairt.
 - o Tháinig TOGA VIRILIS isteach in ionad Toga Praetexta le teacht chun caithreachais an pháiste.
- Chonacthas tábhacht an bhaill éadaigh sna nithe seo a leanas:
 - o an deasghnáth a bhain le cur in ionad ball amháin éadaigh le ball éadaigh eile

na céimeanna sa saol a shonraigh sé; sheas an TOGA VIRILIS do shaoránacht.

- Is eiseamláir CATÓ den ghrá a bhí ag an Rómhánach ar pháistí
 - o bhí sé i láthair ag ionladh an pháiste tar éis a bhreithe
 - o theagasc sé dó léamh
 - o níor mhaith leis é a bheith á iomardú ag sclábhaí
 - o scríobh sé scéalta staire i gcló mór dó
 - o theagasc sé cluichí agus an dóigh a dtroidfeadh sé dó.

(ii) Bunoideachas, Meánoideachas agus Ardoideachas

(1) Seanoideachas Rómhánach (na luathbhlianta go dtí an bhliain 250 R.C.)

- Ní raibh scoileanna le linn na ré seo
- Cuireadh oideachas ar siúl sa bhaile
- Aidhm - dea-iompraíocht mhorálta
 - tírghrá
 - ullmhúchán don ré aosach
- Bhí an páiste faoi chúram na máthar go dtí go raibh sé seacht mbliana d'aois.
- Fuair buachaillí oiliúint dhian óna athair ó bhí siad seacht mbliana d'aois ar aghaidh
 - a chompánach buan
 - reiligiún → bhíothas ar lorg formheas na nDéithe do gach ní
 - ghníomhaigh an t-athair mar shagart teaghlaigh, ag déanamh na ndeasghnáth
 - Meas ar nósanna na sinsear → scéalta ar shinsir
- Oideachas morálta
 - gravitas (dínit)
 - pietas (diagacht)
 - ceart agus measarthacht

- Dualgais Phraiticiúla - feirmeoireacht, an margadh
 - Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht - imleor don bhaile agus don stát amháin
 - Múineadh 12 Thábla an Dlí.
 - D’oil an mháthair cailíní ar dhualgais teaghlaigh
- Bhí oideachas Rómhánach an-reiligiúnach ó thaobh treoshuímh de, mar sin de, agus bhí sé an-fhóntaíoch freisin.

Ní raibh scoileanna riachtanach don chineál seo oideachais agus nuair a bunaíodh roinnt scoileanna ag deireadh na ré seo, d’fhorlín siad na hábhair a múineadh sa bhaile.

(2) Ré Thrasdula (250 – 100 R.C.)

- Teagmháil leis an nGréig
 - o trí na coilíneachtaí Gréagacha
 - o trí theacht na sclábhaithe Gréagacha
 - o trí na Rómhánaigh ag tabhairt cuairte ar an nGréig
- Tháinig tabhairt isteach na n-ábhar líteartha dá bhrí seo.
- D’aistrigh Andronacas Hóiméar isteach sa Laidin.
- Tugadh scoileanna GRAMMATICUS agus LITTERATUS (scoileanna gramadaí agus litríochta) isteach; ba é Hóiméar an t-údar ab fhearr leo
- Le breith litríocht na Laidine, méadaíodh líon na scoileanna agus tháinig an scoil isteach in ionad seantraidisiún an oideachais sa bhaile.

(3) Na Scoileanna Rómhánacha (100 R.C. go 100 A.D.)

- Glacadh leis an Scoil Ghréagach faoin aimsir seo.
- Chuir sé gné Heilléanaíoch isteach in oideachas Rómhánach Heilléanaíoch.

3 chéim

Bunoideachas (An LUDI LITTERARII)

- 7 -12 bliain d’aois
- léitheoireacht, scríbhneoireacht agus bunuimhríocht

Meánoideachas (Scoil Ghramadaí)

- 12 -16 bliain d’aois
- gramadach agus litríocht le fuaimniú ceart agus le cur i bhfocail éirimiúil
- d’fholaigh an modh a úsáideadh athinsint scéalta ina bhfriotal féin
- ní dheachaigh gach páiste ón leibhéal bunoidreachais go dtí an leibhéal meánoideachais.

Ardoideachas (Scoil Reitrice)

- cumas in óráidíocht phoiblí le haghaidh saol poiblí
- thaistil cuid de na daltaí thar lear chun a gcuid oideachais a chur i gcrích.

(iii) Scoileanna, Múinteoirí agus Pedagogues

Cuireadh scoileanna ar bun i bhfoirgneamh ar bith. Ba mhinic a bhí siad i bpóirse a druideadh le píosa éadaigh.

Baineadh úsáid as binsí. Ceadaíodh lascadh. Tugadh “an lascóir” ar ORBILIUS agus theagasc sé do Horáit. Úsáideadh an tslat agus an fhuip.

- tógadh an dalta uaireanta ar ghuaillí compánaigh le bheith á lascadh ag an máistir. Léirítear é seo i múrmhaisiú in Pompeii.
- luaigh Ausonius an pionós seo i ndáil lena gharmhac óg ag dul ar scoil; luaigh Naomh Agaistín ina Fhaoistíní é seo freisin.
- Bhí Quintilian in aghaidh pionóis den chineál seo.

Thosaigh an lá scoile le teacht an lae gan bhricfeasta agus chríochnaigh sé i bhfolcadh. I gcodarsnacht leis na scoileanna Gréagacha, ní raibh aon ghiomnáisiam sna scoileanna. Bhí laethanta saoire ag na daltaí ó dheireadh Mhí Iúil go dtí lár mhí Dheireadh Fómhair agus ar laethanta féile. Fostaíodh

teagascóirí sa bhaile corruair.

Íocadh táillí ísle do mhúinteoirí. Bhí siad ar chaighdeán íseal. Ní raibh aon ghá le fianaise ar cháil mhaith. Níor fhéad ach na daoine saibhre caighdeáin ní b'airde a éileamh.

- tugadh LUDI MAGISTER ar an múinteoir bunoidreachais
- tugadh GRAMMATICUS ar an múinteoir meánoideachais.

Ba mhinic a bhí Pedagogues ina sclábhaithe Gréagacha. Mhairsigh siad moráltacht agus béasa an pháiste. Thug siad tuairisc do na tuismitheoirí ar dhul chun cinn an pháiste ar scoil. Chuaigh siad ar scoil in éineacht leis an bpáiste agus d'iompair siad a mhála scoile. Theagasc siad an Ghréigis dó.

(iv) Ábhair Theagaisc agus Scríbhneoireachta

- táibléid oibre
- bhí leabhair saor agus furasta a fháil; bhí na sclábhaithe mar chóipeálaithe
- dúirt an dalta na litreacha ar dtús agus scríobh sé síos iad leis an múinteoir ag treorú a lámhe thar an táibléad
- chruthaigh sé abairtí ina dhiaidh sin le stíleas ar chéir nó peann giolcaí agus dúch ar phaipír
- ag comhaireamh ar an abacas
- dúradh táblaí d'aon ghuth
- bhí teagasc bunaithe ar chuimhne agus ar athrá.

(v) Curaclam agus Staidéar ar Reitric

- Ba é cuspóir na Reitric ná cumas óráidíochta a bhí riachtanach do dhlíodóirí, do cheannairí na dtionól agus do sheanadóirí a fhorbairt
- Modh:

(1) Réamhchleachtaí (PROGYMNASMATA)

- reaireacht bunaithe ar fhabhalscéalta nó ar stair
- argóintí i bhfabhar nó in aghaidh tograí
- plé dlíthe
- míniú ar nathanna gonta

(2) Reitric fhoirmiúil – 5 ghné

- “inventio”, fáil ábhar oiriúnach
- “dispositio”, leagan amach an ábhair
- “elocutio”, briathraíocht chuí
- “memoria”, ag cuimhneamh an ábhair, an leagain amach agus na briathraíochta.
- “pronuntiatio”, tuin agus gotha.

(3) cleachtadh “declamatio” ar óráidí a thabhairt sa chéim dheiridh

(vi) Scríbhneoirí Tábachtacha ar Oideachas Rómhánach

Cató (234 -149 R.C.)

- “Is é an t-óráidí an fear maith atá oilte ar urlabhra”
- i bhfabhar fillte ar shochaí Rómhánach ní b’fhusa na hAoise roimhe sin
- cháin sé smaointe Heilléanaíochta agus ainriantacht mhorálta
- luaigh Plútarc é ina shaothar “Lives”, saothar ina bhfuil cur síos ar a ról mar athair.

Cicearó (106 R.C. -43 R.C.)

- an t-óráidí ab fhearr lena linn
- d’imir ISOCRATES tionchar air
- thug sé teoiricí Gréagacha fealsúnachta isteach do na Rómhánaigh

- d'fhorbair sé prós Laidine go foirfeacht
- mheas sé gurbh í an chlann an fhoinsé d'oideachas maith agus gur bhunús ar thréith fhearúil í eiseamláir an tuismitheora
- chuir sé coincheap "HUMANITAS" (cineáltas daonna agus caoinbhéasa morálta) leis na seansuáilcí Rómhánacha "Pietas" (diagacht) agus "Gravitas" (dínit)
- d'imir sé tionchar ar Quintilian.

Quintilian (35 A.D. – 100 A.D.)

- an chéad ollamh reitrice sa Róimh
- ba cheart gurbh fhear maith é an t-óráidí
- ba cheart gurbh fhear morálta é an t-óráidí
- ba cheart go mbeadh dea-cháil ar an altra agus go mbeadh urlabhra an-mhaith aici
- ba cheart go mbainfeadh an páiste óg taitneamh as foghlaim agus go dtabharfaí luach saothair dó ar a son; cháin sé lascadh
- ba cheart go dteagascfaí an ceart agus an t-éigeart don pháiste ag aois an-óg
- iompar an mhúinteora → ní raibh sé ró-dhian ná ró-mhuinteartha
- staonadh ó shearbhas
- mhol sé ceol ach níor chuir sé isteach sa churaclam é
- thug sé neamhaird ar ghleacaíocht

Seinice (4 R.C. - 65 A.D.)

- Stóch
- "Cáineann an dea-bhreitheamh feillbhearta ach ní fuath leis an t-aimhleastóir"
- D'esaontaigh sé le pionós corpartha
- Bhí sé i gcoinne gleacaíochta ach i bhfabhar siúil

(vii) Bunfhoinsí

Horáit: “Epistles” Leabhar 2.1.70 (ar Orbilius);

Horáit: “Satires” Leabhar 1.1.25; Leabhar 1.6.72

Martial: “Epigrams” Leabhar 9.68

Catullus: “The Poems”; (Penguin Classics)

Juvenal: “Satire” 7, Scoileanna agus Máistrí Scoile. Féach Jo-Ann Shelton:

“As the Romans Did” freisin le haghaidh tagairtí ar Phlinias, ar Quintilian, ar Thacatas agus ar Sheinice.

Cicearó: “To Family and Friends”, “De Republica” I,XXII, 36

Cató: “De Re Rustica”

Plútarc “Lives” (Marcus Cato)

Petronius: “Satyricon”

(viii) Tionchar ar Chultúr na hEorpa

Litríocht - D’imir Cicearó tionchar ar Naomh Jerome, Naomh

Ambrós, Petrarch, Erasmus, Burke, Churchill, Gibbon, Mirabeau.

D’imir Quintilian tionchar ar fhir léinn na hAthbheochana.

D’imir Seinice tionchar ar na scríbhneoirí le linn ré Eilíse

agus ar na scríbhneoirí Seacaibíneacha seo a leanas:

Chaucer, Dante, Petrarch, Erasmus, Bacon.

Ealaín - Rubens: “A Dying Seneca”.

Steen: “The Village School” (an Dánlann Náisiúnta, Éire).

(ix) Ábhar Léitheoireachta sa Bhreis do Mhúinteoirí

“Roman Education”, Robin Barrow

“Greek and Roman Education”, Inside the Ancient World Series - (Macmillan)

“Roman Education”, J.A. Harrison (Ancient World in Action Series, 1978 - Bell agus Hymon, Londain).

“As the Romans Did”, Jo-Ann Shelton (O.U.P.)

(x) Gníomhaíochtaí Molta do Dhaltaí

Tarraing pictiúr ar Cható ag tabhairt aire ar a mhac.

Ullmhaigh óráid ar aon topaic atá bainteach le saol na scoile.

Cad é an difear idir scoil sa tSean-Róimh agus scoil sa lá atá inniu ann? Bíodh díospóireacht ag an rang.

(xi) Oideachas Gréagach agus Rómhánach Curtha i gComparáid

- Leag oideachas Gréagach an-bhéim ar an duine ina iomláine.
- Spreag sé staidéar ar ábhair ar a son féin
- Bhí gleacaíocht agus ceol ina gcodanna tábhachtacha sa churaclam.
- Chuir oideachas Rómhánach béim ar thábhacht an teaghlaigh i bhforbairt an pháiste.
- Ba é san oideachas Rómhánach ná oideachas fónaíoch nár leag aon bhéim ar an duine ina iomláine.
- Ní raibh aon tábhacht ag gleacaíocht ná ag ceol.
- Cuireadh príomhbhéim an oideachais Rómhánaigh ar reitric, agus le laghdú ar mhoráltacht, cailleadh luach moráltachta na reitric.

[g] RIALTAS AGUS RIARACHÁN RÓMHÁNACH, lena n-áirítear:

- (i) aistriú ó mhonarcacht go poblacht (ag tabhairt airde ar mharthain fhada na Poblachta Rómhánaí)
- (ii) An Seanad
- (iii) Tionóil (comitia)
- (iv) Giúistísí (consal, cinsire, praetóir, deachtóir, treabhann na ndaoine)
- (v) Toghcháin
- (vi) Rialtas agus riarachán áitiúil m.sh. Verres, Píoláit, Plinias

(vii) Bunfhoinsí

Polybius: “History of the World”

Na leabhair fhoinsí seo a leanas:

Jo-Ann Shelton: “As the Romans Did” – leabhar foinsí ar Shocháí Rómhánach (O.U.P)

Naphtali Lewis agus Meyer Reinhold: “Roman Civilisation” - Leabhar Foinsí I, “The Republic” agus Leabhar Foinsí II, “The Empire” (Harper)

Cicearó: The Verrine Speeches

Tacatas “Annals 15”;

Ceithre Shoiscéal → Píoláit

Plinias: “Natural History”.

(viii) Ábhair Bhreise do Mhúinteoirí

“Rome”, Leabhar I agus Leabhar II, (le Trédhearcáin). Milliken Publishing Co., St. Louis Missouri, 1970.

[h] SIAMSAÍOCHT AGUS CONLÁISTÍ, lena n-áirítear

(i) Amharclanna

(ii) Amfaiéatair

(iii) Uiscerianta

(iv) Folcadáin

(v) “Panem et circenses”

(vi) Béile agus cothú

(vii) Bunfhoinsí

Téigh i muinín “Aspects of Roman Life” a scríobh Peter Hodge i leith bunfhoinsí (féach cártaí oibre le haghaidh tagairtí ar leith)

Téigh i muinín na leabhar foinsí seo a leanas freisin:

Jo-Ann Shelton: “As the Romans Did” - leabhar foinsí ar Shochaí Rómhánach (O.U.P.)

“Roman Civilisation” –Leabhar Foinsí I, “The Republic”. Leabhar Foinsí II, “The Empire” le Naphtali Lewis agus Meyer Reinhold (Harper).

(viii) Ábhair Bhreise do Mhúinteoirí

Leonardo B. Dal Maso: “Rome of the Caesars”

Patricia Corbett: “Roman Art”

Ian Andrews: “Pompeii”

Aspects of Roman Life Series:

- "Roman Sport and Entertainment", David Buchanan
- "Roman Towns", Peter Hodge.